

**The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
For the year ended 31 December 2016**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016**

**Tha Boord o Leid
An Account o the Darg
For the year hinmaist 31 Decemmer 2016**

Foras na Gaeilge
63-66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
+353 (0)1 6398400

www.forasnagaeilge.ie
eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
+44 (0)28 9089 0970

The Ulster-Scots Agency
The Corn Exchange
31 Gordon Street
Belfast
BT1 2LG
+44 (0)28 9023 1113

www.ulsterscotsagency.com
info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
William Street
Raphoe
Co. Donegal
+353 (0)74 9173876



**The North / South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended
31 December 2016**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dar
chríoch 31 Nollaig 2016**

**Tha Boord o Leid
An Accoont o tha Darg
for the year hinmaist 2016**

The Language Body is a North/South Implementation Body sponsored by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG) and the Department for Communities (DfC). It was established on the 2nd of December 1999 under the British-Irish Agreement which set up the implementation bodies and was underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-island basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

Further information and Board Minutes available on the agencies' websites:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG) agus an Roinn Pobail (RP). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lena bunaíodh na comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus de Ghníomhaireachta na hUltaise. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Is é príomhfheidhm Ghníomhaireachta na hUltaise eolas níos fearr faoin Ultais agus úsáid na hUltaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Tá breis eolais agus Miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh gréasáin na ngníomhaireachtaí:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Contents

Board Members of The Language Body	<i>4</i>
Joint Introduction	<i>5</i>
Report of Foras na Gaeilge	<i>6</i>
Report of The Ulster-Scots Agency	<i>32</i>
Financial Statements	<i>51</i>

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	<i>4</i>
Comhréamhrá	<i>5</i>
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	<i>6</i>
Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch	<i>32</i>
Ráitis Airgeadais	<i>51</i>

Board Members of The Language Body

Up to 12 December 2016

Joint-Chairpersons

Seosamh Mac Donncha (deceased, Joint-Chairperson to 20 May 2016)

Mr Tom Scott (Joint-Chairperson)*

Marcas Mac Ruairí (board member to 23 June 2016, Deputy Joint-Chairperson
24 June 2016 to 12 December 2016)

Allen McAdam*

Seán Ó hArgáin

Pól Callaghan

Colm Cavanagh (resigned 22 January 2016)

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coisdealbha

Seán Micheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Ida Fisher*

Éamonn Ó Gribín

Conor McGuinness (appointed 24 June 2016)

Val O'Kelly*

Frederick Kettyle*

Deirdre Kirwan (resigned 11 March 2016)

Donnchadh Ó Laoghaire (resigned 4 March 2016)

Rosie Ní Laoghaire (appointed 24 June 2016)

William Leathem*

Barra Ó Muirí

Lee Reynolds*

Therese Ruane (resigned 14 January 2016)

Hilary Singleton*

From 13 December 2016 to 31 December 2016

Joint-Chairpersons

Pól Ó Gallchóir (Joint-Chairperson)

Keith Gamble* (Joint-Chairperson)

Allen McAdam*

Julie Andrews*

Seán Ó hArgáin

Iain Carlisle*

Sorcha Ní Chéidigh

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coisdealbha

Máighrэд Ní Chonghaile

Seán Micheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Mairéad Farrell

Ida Fisher*

Niall Ó Gallochobhair

Val O'Kelly*

Frederick Kettyle*

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí

David McNarry*

Máire Ní Neachtain

**Denotes Board membership of The Ulster-Scots Agency; unmarked denotes Board membership of Foras na Gaeilge.*

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Go dtí 12 Nollaig 2016

Comh-Chathaoirligh

Seosamh Mac Donncha (nach maireann, Comh-Chathaoirleach go 20 Bealtaine 2016)

Mr Tom Scott (Comh-Chathaoirleach)*

Marcas Mac Ruairí (comhalta boird go 23 Meitheamh 2016, Leas-Chomh-Chathaoirleach 24 Meitheamh 2016 go 12 Nollaig 2016)

Allen McAdam*

Seán Ó hArgáin

Pól Callaghan

Colm Cavanagh (d'éirigh as 22 Eanáir 2016)

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coisdealbha

Seán Micheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Ida Fisher*

Éamonn Ó Gribín

Conor McGuinness (ceapadh 24 Meitheamh 2016)

Val O'Kelly*

Frederick Kettle*

Deirdre Kirwan (d'éirigh as 11 Márta 2016)

Donnchadh Ó Laoghaire (d'éirigh as 4 Márta 2016)

Rosie Ní Laoghaire (ceapadh 24 Meitheamh 2016)

William Leathem*

Barra Ó Muirí

Lee Reynolds*

Therese Ruane (d'éirigh as 14 Eanáir 2016)

Hilary Singleton*

Ó 13 Nollaig 2016 go 31 Nollaig 2016

Comh-Chathaoirligh

Pól Ó Gallchóir (Comh-Chathaoirleach)

Keith Gamble* (Comh-Chathaoirleach)

Allen McAdam*

Julie Andrews*

Seán Ó hArgáin

Iain Carlisle*

Sorcha Ní Chéidigh

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coisdealbha

Máighrhead Ní Chonghaile

Seán Micheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Mairéad Farrell

Ida Fisher*

Niall Ó Gallochobhair

Val O'Kelly*

Frederick Kettle*

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí

David McNarry*

Máire Ní Neachtain

**Léiríonn ballraíocht de The Boord O Ulstèr-Scotch; léiríonn easpa réiltín ballraíocht d'Fhoras na Gaeilge.*

Thegither Forethocht

Joint Introduction

Comhréamhrá

2016 was a busy year for both the Ulster Scots Agency and Foras na Gaeilge.

The Ulster Scots Agency was pleased to see that over the course of the year, the Discover Ulster-Scots Centre, which is managed by the Ulster-Scots Community Network, experienced an increase in the number of community groups visiting along with an increase in footfall from passing trade.

The Agency delivered a wide ranging programme of activities promoting Ulster-Scots by organising and supporting a range of large scale public events. Highlights again included our Burns Night Concert in conjunction with the Ulster Orchestra. The Ulster-Scots Agency expanded its promotional agenda with attendance at Great Game Fairs of Ireland at Shane's Castle and Montalto Estate and officially launched the new C.S. Lewis Exhibition at the Linen Hall Library.

The Agency continued to cater to the high demand for Ulster-Scots in schools and developmental work and capacity building continued through the funding of the Ulster-Scots Community Network. Member groups were facilitated in accessing more than £500,000 of grant funding from a range of sources.

For Foras na Gaeilge the year's highlights included the publication online of all of the material from the New English-Irish Dictionary; the second year implementing the new arrangements relating to the Partnership Approach with the Lead Organisations and other stakeholders; and the awarding of grants worth €4,701,111 to the 6 Lead Organisations: Conradh na Gaeilge; Cumann na bhFiann; Gael Linn; Gaeloideachas; Glór na nGael; and Oireachtas na Gaeilge.

The sad passing of Foras na Gaeilge's Chairperson and first Chief Executive Seosamh Mac Donncha was a great loss and the completion of the term of Foras na Gaeilge's former Chief Executive, Ferdie Mac an Fhailigh and the appointment of Seán Ó Coinn as his successor mixed gratitude and congratulations.

Details of these projects and more can be found in the individual reports from the two agencies.

Keith Gamble
CHAIRMAN
THE ULSTER-SCOTS AGENCY

Pól Ó Gallchóir
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Thegither Forethocht

Joint Introduction

Comhréamhrá

Bliain an-ghnóthach a bhí in 2016 do Ghníomhaireacht na hUltaise agus d'Fhoras na Gaeilge araon.

Bhí áthas ar Ghníomhaireacht na hUltaise gur tháinig méadú le linn na bliana ar líon na ngrúpaí pobail a thug cuairt ar an Discover Ulster-Scots Centre atá á bhainistiú ag an Líonra Pobail Ultaise agus méadú ar líon na gcuariteoirí isteach ón tsráid.

Chuir an Ghníomhaireacht clár an-leathan gníomhaíochtaí ar fáil leis an Ultais a chur chun cinn trí raon leathan gníomhaíochtaí ar scála mór a eagrú nó trí thacú leo. I measc na mbuaicphointí arís bhí an Cheolchoirm Oíche Burns le Ceolfhoireann Uladh. Chuir Gníomhaireacht na hUltaise dlús lena tiomantas don bholscaireacht trí fhreastal ar Mór-Aontaí Géime na hÉireann ag Caisleán Sheáin agus in Eastát Montalto. Lainseáil an Ghníomhaireacht go hoifigiúil an taispeántas nua ar C.S. Lewis i Leabharlann an Líonhalla.

Lean an Ghníomhaireacht de bheith ag freastal ar an éileamh ard ar an Ultais sna scoileanna agus leanadh den obair fhorbartha agus cumasaithe tríd an Líonra Pobail Ultaise. D'éirigh le ballgrúpaí rochtain a fháil ar bhreis is £500,000 de mhaoiniú deontas ó raon foinsí.

I gcás Fhoras na Gaeilge. i measc na mbuaicphointí bhí: iomlán an ábhair as an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge a bheith foilsithe ar líne; an dara bliain d'fheidmiú na socruithe nua faoin gCur Chuige Comhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile; agus na deontais ar luach €4,701,111 a bheith curtha ar fáil do na 6 Ceanneagraíocht: Conradh na Gaeilge; Cumann na bhFiann; Gael Linn; Gaeloideachas; Glór na nGael; agus Oireachtas na Gaeilge.

Buille trom d'Fhoras na Gaeilge a bhí a bhí ann nuair a cailleadh Seosamh Mac Donncha, Cathaorileach Fhoras na Gaeilge agus an chéad Phríomhfheidhmeannach ar an eagraíocht. Tháinig deireadh le tréimhse an iar-Phríomh-fheidhmeannaigh, Ferdie Mac an Fhailigh, agus ceapadh Seán Ó Coinn mar chomharba air sa tslí is go raibh idir bhuíochas agus chomhghairdeas ag dul dóibh.

Is féidir sonraí na dtionscadal seo agus tuilleadh a fháil sna tuairiscí ar leith ón dá ghníomhaireacht

Pól Ó Gallchóir
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Keith Gamble
CHAIRMAN
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH





Tuairisc Fhoras na Gaeilge

Report of Foras na Gaeilge

Contents

<i>Chairperson's Introduction</i>	8
Status	9
Acquisition	15
Use	18
Communication	25
Policy, Planning and Research	29

An Clár

<i>Réamhrá an Chathaoirligh</i>	8
Stádas	9
Sealbhú	15
Úsáid	18
Cumarsáid	25
Polasaí, Pleanáil agus Taighde	29

Chairperson's Introduction

It gives me great pleasure to present this Annual Report and give an account of what Foras na Gaeilge has achieved during 2016. Among the more notable events were:

- The publication online of all of the material from the New English-Irish Dictionary;
- The second year implementing the new arrangements relating to the Partnership Approach with the Lead Organisations and other stakeholders;
- The awarding of grants worth €4,701,111 to the 6 Lead Organisations: Conradh na Gaeilge; Cumann na bhFiann; Gael Linn; Gaeloideachas; Glór na nGael; and Oireachtas na Gaeilge;
- The completion of the term of the former Chief Executive, Ferdie Mac an Fhailigh – to whom a debt of gratitude is owed;
- The appointment of Seán Ó Coinn as the new Chief Executive in December;
- The completion of the term of a number of board members, and the welcome appointment of new members in December (as specified in the Financial Statements) including myself [Chairperson];

The death of my immediate predecessor as Chairperson took us back to memories of the early days of Foras na Gaeilge when he was appointed its first Chief Executive. Seosamh Mac Donncha (1953-2016) passed away on the 20th of March.

Looking towards the future, the office accommodation of the Dublin-based staff was discussed and a Board decision about the matter was planned for early 2017.

Pól Ó Gallchóir
Chairperson
Foras na Gaeilge

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur in bhur láthair agus léiriú a thabhairt ar a bhfuil bainte amach ag Foras na Gaeilge le linn na bliana 2016. I measc na n-imeachtaí ba shuntasáí bhí:

- Iomlán an ábhair as an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge a bheith foilsithe ar líne;
- An dara bliain d'fheidhmiú na socrúithe nua faoin gCur Chuige Comhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile;
- Na deontais ar luach €4,701,111 a chuir Foras na Gaeilge ar fáil do na 6 Ceanneagraíocht: Conradh na Gaeilge; Cumann na bhFiann; Gael Linn; Gaeloideachas; Glór na nGael; agus Oireachtas na Gaeilge;
- Deireadh tagtha le tréimhse an iar-Phríomhfheidhmeannaigh, Ferdie Mac an Fhailigh – agus ár mbuíochas tuillte aige;.
- Ceapadh Seán Ó Coinn mar Phríomhfheidhmeannach nua i mí na Nollag;
- Deireadh tagtha le tréimhse roinnt comhaltaí boird, agus fáilte curtha roimh chomhaltaí nua a ceapadh i mí na Nollag (mar atá sonraithe sna réamhleathanaigh, mé féin, mar Chathaoirleach, ina measc;

Thóg bás an Chathaoirligh a bhí díreach romham sa ról siar sinn ar bhóithrín na smaointe go dtí laethanta tosaigh Fhoras na Gaeilge nuair a ceapadh é mar chéad Phríomhfheidhmeannach ar an eagraíocht. Cailleadh Seosamh Mac Donncha (1953-2016) 20 Márta.

Agus aghaidh romhainn amach, rinneadh plé faoi chóiríocht oifige don fhoireann i mBaile Átha Cliath agus bhí súil le cinneadh Boird ina leith seo go luath in 2017.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge

1

STATUS

To enhance the status of the Irish language

1.1 To enhance the status of the Irish language through co-operation and partnership

Foras na Gaeilge was active during 2016 with the various networks for the promotion of linguistic diversity (such as the Network for Promotion of Linguistic Diversity and the European Federation of National Institutions for Language). Representatives attended two meetings of the NPLD Steering Committee and one General Assembly. Nuala Ní Scolláin from Foras na Gaeilge gave a presentation at an EFNIL Conference in Warsaw, 21 September, which dealt with the theme of linguistic prejudices and stereotypes.

A grant of €843,586 was provided to the Lead Organisation **Conradh na Gaeilge** to complete a programme of activities in the key area of Raising Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the language with the state authorities).

Implementation of the Government's Language Planning Processes

A series of information meetings was organised, in conjunction with Údarás na Gaeltachta, in 3 designated Gaeltacht Service Towns regarding the process of appointing a lead organisation to coordinate language planning responsibilities in the town.

In accordance with the Government's Language Planning Process, Foras na Gaeilge was represented on the advisory committee of Donegal County Council with a view to preparing a Language Plan for the county.

1.2 Providing support for the public sector

Specialised Training Courses for the Public Sector - Gaelchultúr

Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr was established in 2004 with the stated aim of promoting the Irish language and Irish culture, including music, singing and dancing, in Dublin and island-wide. Quality and Qualifications Ireland (QQI) awarded Gaelchultúr the status of a third-level college in 2013.

In 2015 Foras na Gaeilge awarded Gaelchultúr a three-year contract to deliver Specialised Irish language Courses to the Public Sector on an all-island basis for the period 2015- 2018 under the Scheme for Specialised Irish language courses for the Public Sector 2015 – 2018.

Gaelchultúr provides Irish language courses and learning resources to those with an interest in Irish worldwide. Its goal is to provide first-class services that will inspire both learners and fluent speakers of Irish to improve their knowledge of the language. Courses are offered throughout Ireland, taught by a network of teachers, and Gaelchultúr's e-learning website, ranganna.com, gives learners all over the world the opportunity to improve their standard of Irish.

1

STÁDÁS

Stádas na Gaeilge a neartú

1.1 Cur le stádas na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht

Bhí Foras na Gaeilge gníomhach le linn 2016 ar an ngréasán do chur chun cinn na héagsúlachta teangeolaíche (ar nós an Network for Promotion of Linguistic Diversity agus an European Federation of National Institutions for Language). D'fhreastail ionadaithe ar dhá chruinniú de chuid Choiste Stiúrtha NPLD agus ar Olltíonól amháin. Rinne Nuala Ní Scolláin ó Fhoras na Gaeilge cur i láthair ag Comhdháil de chuid EFNIL i Vársá, 21 Meán Fómhair, áit a raibh plé ar an téama teangacha agus steiréitíopaí.

Cuireadh deontas €843,586 ar fáil don Cheanneagraíocht **Conradh na Gaeilge** chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht (thar ceann na teanga i gcomhar le húdaráis stáit).

Forfheidhmiú Phróisis Phleanála Teanga an Rialtais

Eagraíodh sraith de chruinnithe eolais i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta i 3 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ainmnithe maidir le próiseas ceapacháin ceanneagraíochta chun cúram phlean teanga an bhaile a chomhordú.

I gcomhréir le Próiseas Pleanála Teanga an Rialtais, rinne Foras na Gaeilge ionadaíocht ar choiste chomhairleach de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall ar mhaithe le Plean Teanga Contae a ullmhú.

1.2 Tacaíocht a chur ar fáil don earnáil phoiblí

Sainchúrsaí Oiliúna don Earnáil Phoiblí - Gaelchultúr

Bunaíodh Coláiste na hÉireann/Gaelchultúr in 2004 agus é mar aidhm aige an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach, idir cheol, amhránaíocht agus damhsa, a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath agus ar bhonn uile-oileáin. Bhronn Dearbhú Cáilíochtaí agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) stádas mar choláiste tríú leibhéal ar Gaelchultúr in 2013.

In 2015 bhronn Foras na Gaeilge conradh trí bliana ar Gaelchultúr le Sainchúrsaí Gaeilge don Earnáil Phoiblí a sholáthar ar bhonn oileánda don tréimhse 2015- 2018 faoin Scéim do Sholáthróirí Sainchúrsaí Gaeilge don Earnáil Phoiblí 2015 – 2018.

Cuireann Gaelchultúr cúrsaí agus acmhainní foghlama Gaeilge ar fáil, do dhaoine fásta ar fud na cruinne a bhfuil spéis acu sa teanga. Tá sé mar sprioc aige seirbhísí den scoth a thairiscint d'fhoghlaimoírí agus do chainteoirí líofa araon chun iad a spreagadh lena gcuid Gaeilge a fheabhsú agus a shaibhriú. Tairgtear cúrsaí Gaeilge timpeall na hÉireann, faoi stiúir gréasáin de mhúinteoirí, agus cuireann suíomh gréasáin ríomhfhoghlama Gaelchultúir, ranganna.com, deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoírí i ngach cearn den domhan chun cur lena gcuid Gaeilge.

Eircode

Foras na Gaeilge took part in the working group on the completion of the Irish language place-name database for *EirCode* and discussions are ongoing with the Department of Communication, Climate Action and Environment regarding the recommendations of the working group.

Terminology Support

The Terminology Committee provided support and advice online for the public sector regarding terminology, providing an interim answer within three days and a definitive answer within five working days following the approval of a term by the Terminology Committee.

***Freagra* – a Helpline for the Public Sector**

Ling Research Ltd. was established in 2003 with the objective of bringing together researchers and those who develop languages, linguistics, computer science and computational linguistics. On behalf of the State, it has undertaken research into translation technology, translation training, translation resources and computational linguistics. It has links with the leading Irish academic institutions and there is an extensive range of research resources available as required. Ling provides excellent translation services for government departments, state bodies and other customers. Every translator is accredited by Foras na Gaeilge.

It has undertaken research initiatives in the development and maintenance of internet resources for Irish language translators, consultation on translation tools for state bodies, the provision of Irish language resources in digital form, and training for translators. Ling edits and manages the site www.acmhainn.ie and there are resources on this site for English/Irish translators.

Ling provides the *Freagra* service (www.freagra.net) which was established in 2005 with funding from Foras na Gaeilge. Assistance is made available free of charge to the public regarding Irish language vocabulary and grammar. On average the service receives approximately 150 telephone calls, 250 texts and 550 emails per month. Among the users availing of the service are government departments, state bodies and local authorities, as well as teachers and post-primary students who use the service regularly. And there is also the wider public who contact the service – a wide range of people from the island of Ireland and abroad. Enquiries come from the United Kingdom, the United States, Asia and Australia.

The following are the most common type of enquiries seen (in order of frequency)

- Terminology and phrases for the public service
- Grammar
- Place-names
- Proverbs
- Blessings – occasions, family e.g. wedding, death, christening etc.
- Phrases for occasions e.g. cakes, cards etc.

1.3 Providing support for the translation sector and enhancing professionalism in the sector

Accreditation System for Translators

An exam in translation took place in the Spring. 27 translators succeeded in obtaining the Seal of accreditation. The Minister of State Seán Kyne awarded certificates to the translators in October 2016.

Eircode

Bhí Foras na Gaeilge páirteach sa mheitheal ar iomlánú an bhunachair logainmneacha Gaeilge do *EirCode* agus tá plé fós ar siúl leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tacaíocht Téarmaíochta

Chuir an Coiste Téarmaíochta tacaíocht agus comhairle ar fáil ar líne don earnáil phoiblí maidir le cúrsaí téarmaíochta agus tugtar freagra eatramhach taobh istigh de thrí lá oibre agus freagra críochnúil taobh istigh de chúig lá oibre tar éis don Choiste Téarmaíochta téarma a fhaomhadh.

Freagra – Líne Chabhrach don Earnáil Phoiblí

Bunaíodh Ling Research Ltd. in 2003 agus é mar aidhm aige taighdeoirí agus lucht forbartha Teanga, Teangeolaíochta, Ríomheolaíochta agus Ríomhtheangeolaíochta a thabhairt le chéile. Thar ceann an Stáit, tá taighde déanta aige ar theicneolaíocht an aistriúcháin, oiliúint an aistriúcháin, acmhainní aistriúcháin agus ar an ríomhtheangeolaíocht. Tá naisc aige le príomhinstiúidí léinn na hÉireann agus tá réimse leathan d'acmhainní taighde ar fáil de réir mar is gá. Cuireann Ling seirbhísí aistriúcháin den scoth ar fáil do ranna rialtais, do chomhlachtaí stáit agus do chustaiméirí eile. Tá creidiúnú Fhoras na Gaeilge ag na haistritheoirí uile.

Tá tograí taighde déanta aige i bhforbairt agus cothabháil acmhainní idirlín d'aistritheoirí Gaeilge, comhairleoireacht ar uirlisí aistriúcháin do chomhlachtaí Stáit, acmhainní Gaeilge a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach, agus oiliúint d'aistritheoirí. Tá Ling ina eagarthóir agus ina bhainisteoir ar an suíomh www.acmhainn.ie agus tá acmhainní ar an suíomh seo d'aistritheoirí Béarla/Gaeilge.

Cuireann Ling an tseirbhís Freagra (www.freagra.net) a bunaíodh in 2005 ar fáil le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge. Tugtar cúnaimh saor in aisce don phobal maidir le foclaíocht agus gramadach na Gaeilge. Ar an meán faigheann an tseirbhís thart ar 150 gaoch gutháin, 250 téacs agus 550 r-phost in aghaidh na míosa. Maidir leis na húsáideoirí a bhaineann úsáid as an seirbhís tá ranna rialtais, comhlachtaí stáit agus údaráis áitiúla, chomh maith le múinteoirí agus scoláirí bunscoile agus iarbhunscoile a bhaineann úsáid as an seirbhís go rialta. Agus bíonn an pobal i gcoitinne i dteagmháil leis an seirbhís freisin – réimse leathan de dhaoine ó oileán na hÉireann agus ó thar lear. Tagann fiosruithe ón Ríocht Aontaithe, ó na Stáit Aontaithe, ón Áise agus ón Astráil.

Is iad seo na haicmí fiosruithe is mó a fheictear (na cinn is minice ar dtús)

Téarmaíocht agus nathanna don tseirbhís phoiblí
Gramadach
Logainmneacha
Seanfhocail
Beannachtaí – ócáidí teaghlaigh e.g. pósadh, bás, baisteadh etc.
Nathanna d'ócáidí e.g. cístí, cártaí etc.

1.3 Tacaíocht a chur ar fáil d'earnáil an aistriúcháin agus cur le gairmiúlacht na hearnála

Córas Creidiúnaithe d'Aistritheoirí

Tharla scrúdú san aistriúchán san Earrach. D'éirigh le 27 aistritheoir an Séala a bhaint amach. Bhronn an tAire Stáit Seán Kyne teastais ar na haistritheoirí i mí Dheireadh Fómhair 2016.



*Minister of State Seán Kyne TD at the Translation Accreditation event .
An tAire Stáit Sean Kyne TD ag bronnadh an tSéala Aistriúcháin.*

Aistear

Aistear is a trade name used by Dr Antain Mac Lochlainn for education projects in translation and in editing. The name Aistear was registered in January 2007. www.aistear.ie is a website which provides education facilities to translators and to anyone writing in Irish. Included in the materials available on the site are translation and editing exercises, important texts associated with the written Irish language and a database of the most common errors and points of difficulty in Irish.

The site aims to help people improve their written Irish and to gain experience in specialized editing and translation skills. The site is available for the Irish language community and people have an opportunity to submit common mistakes to be included in the ‘Cruinneas’ (‘Accuracy’) database. Postgraduate students and other students can publish the result of their work in the ‘Taighde & Cartlann’ (‘Research & Archive’) section. People can publicise Irish language events in ‘Nuacht’ (‘News’) and readers can contact the site about topics they enjoy – or don’t enjoy.

As the number of entries increases, a very valuable reference work can be created for learners, teachers, lecturers, translators, editors and writers of every type. Dr Antain Mac Lochlainn is the editor of the site. Grafaicí Teo designs the site and Siuán Ní Mhaonaigh provides expert advice on some of the projects Aistear undertakes periodically.

Aistear receives funding for site design and development from Foras na Gaeilge. Aistear achieves approximately 1,200 – 1,500 visits a month and this year developments have been made in social media.

1.4 Supporting greater awareness of the Irish language in the private business sector

The ‘GNÓ Means Business’ Awareness Campaign

This awareness campaign on the value and function of Irish in the private business sector continued. A review was undertaken of the specialised



*Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach nua, ceaptha Nollaig 2016.
Seán Ó Coinn, new Príomhfheidhmeannach, appointed December 2016.*

Aistear

Is ainm trádála é Aistear a úsáideann an Dr Antain Mac Lochlainn le haghaidh tionscadal oiliúna san aistriúchán agus san eagarthóireacht. Cláraíodh an t-ainm Aistear i mí Eanáir 2007. Suíomh Gréasáin atá in www.aistear.ie, a chuireann áiseanna oiliúna ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do gach duine a bhíonn ag scríobh i nGaeilge. I measc na n-ábhar atá ar an suíomh, tá cleachtaí aistriúcháin agus eagarthóireachta, téacsanna tábhachtacha a bhaineann leis an nGaeilge scríofa agus bunachar sonraí de na botúin agus de na pointí deacrachta is coitianta sa Ghaeilge.

Is é aidhm an tsuímh cabhrú le daoine feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge scríofa agus cleachtadh a fháil ar shainscileanna na heagarthóireachta agus an aistriúcháin. Tá an suíomh ann do phobal na Gaeilge agus bíonn an deis ag daoine samplaí de bhotúin choitianta a chur faoina bhráid le cur sa bhunachar sonraí, Cruinneas. Is féidir le mic léinn iarchéime agus scoláirí eile toradh a gcuid oibre a fhoilsiú sa rannán 'Taighde & Cartlann'. Is féidir le daoine eolas a chur ar fáil faoi imeachtaí Gaeilge le haghaidh 'Nuacht' agus is féidir le léitheoirí dul i dteagmháil leis an suíomh faoi ábhair a thaitníonn – nó nach dtaitníonn – leo.

De réir mar a chuirtear le líon na n-iontrálacha, is féidir saothar tagartha fíorluachmhar a chruthú le haghaidh foghlaimoírí, múinteoirí, léachtóirí, aistritheoirí, eagarthóirí agus scríbhneoirí de gach cineál. Is é an Dr Antain Mac Lochlainn eagarthóir an tsuímh. Grafaicí Teo a dhéanann an suíomh a dhearadh agus cuireann Siuán Ní Mhaonaigh sainchomhairle ar fáil maidir le cuid de na tionscadail taighde a bhíonn ar siúl ag Aistear ó am go ham.

Faigheann Aistear maoiniú maidir le dearadh agus forbairt an tsuímh ó Fhoras na Gaeilge. Tá ag éirí le Aistear timpeall 1,200 – 1,500 cuairt ar an suíomh a bhaint amach in aghaidh na míosa agus tá forbairt sna meáin shóisialta déanta acu i mbliana.

1.4 Tacú le hardú feasachta Gaeilge san earnáil ghnó phríobháideach

Feachtas Feasachta 'GNÓ Means Business'

Leanadh den fheachtas feasachta ar luach agus ar fheidhm na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó príobháidí. Rinneadh athbhreithniú le linn 2016

section '[GnóMeansBusiness](#)' on the Foras na Gaeilge site as a central information resource.

Three short videos on the use of Irish in Small and Medium-Sized Firms and in the business sector in general were produced - these can be viewed on the [Foras na Gaeilge YouTube channel](#).

Advisory, translation and proof-reading services were provided for business, particularly during Seachtain na Gaeilge. Among those availing of the services were CitiBank, the Irish Hospitality Institute, Gnó Mhaigh Eo, Largo Foods, Tayto Park and the Chambers of Commerce.

An information service focussed on the use of Irish in the business sector was made available in the form of tweets, which had more than 1,100 followers by the end of the year. (www.twitter.com/gnoasgaeilge).

Business sponsorship projects included: *All-Ireland Marketing Awards 2016* in May, in which Nemeton TV won the 'Irish Language in Business' award and *ShelfLife C-Store Awards 2016* in which Durkin's Costcutter (Baile na hAbhann) won the 'Irish Language Retailer Business Award'.

Support Resources for Business

31 specific support resources for the business sector were developed and provided free of charge through the self-ordering service on the website at www.gaeilge.ie/ordu, and as part of a supports package there is a selection of stickers, badges, leaflets and other support materials to enhance the visibility of Irish in business settings. 107 orders were handled and more than 50,436 resources were supplied to businesses in 24 counties during 2016.

Business Support Scheme

With a budget of €35,258 36 businesses took part in the scheme which saw the development of signage, stationery, printed marketing materials, websites and other branding materials using accurate Irish alongside English. This matched funding scheme succeeded in attracting matching investment from applicants towards these Irish language initiatives.

Irish in Business Q-Mark

The *Irish in Business Q-Mark* has been registered in the patents offices of the United Kingdom and Ireland as a quality assurance mark for business-based bilingualism in the two jurisdictions. A company has been appointed to develop the new website for the initiative. 5 companies were selected at the end of 2016 to participate in the pilot scheme aimed at achieving the *ISO standard 9001* and a new all-island scheme will be rolled out before the end of 2017, based on the results of this stage.

1.5 Operation and monitoring of the new structures for partnership with the Lead Organisations

Foras na Gaeilge awarded grants worth €4,701,111 to the 6 Lead Organisations: Gael Linn; Conradh na Gaeilge; Glór na nGael; Gaeloideachas; Cumann na bhFiann; and Oireachtas na Gaeilge.

Foras na Gaeilge chaired 6 meetings of the Partnership Forum (which is made up of the principal officers of the 6 Lead Organisations, the chair of the All-Island Language Development Forum and senior officers of Foras na Gaeilge). There were 3 meetings of the Language Development Forum.

A series of partnership initiatives were agreed between the 6 Lead Organisations: Rith 2016; Féasta 2016; A Family Room at the November

ar an sainrannán ‘GnóMeansBusiness’ atá ar shuíomh Fhoras na Gaeilge mar lárfhoinsé eolais.

Léiríodh 3 fhíseán ghearra dírithe ar úsáid na Gaeilge i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus san earnáil ghnó i gcoitinne – tá siad ar fáil le feiceáil ar chainéal YouTube an Fhorais.

Cuireadh seirbhísí comhairle, aistriúcháin agus profléitheoireachta ar fáil don lucht gnó, go háirithe mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, ina measc: CitiBank, Irish Hospitality Institute, Gnó Mhaigh Eo, Largo Foods, Tayto Park, na Cumainn Tráchtála Gnó.

Soláthraíodh seirbhís eolais i bhfoirm tvuíteanna dírithe ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó ag a raibh breis agus 1,100 leantóir faoi dheireadh na bliana. (www.twitter.com/gnoasgaeilge).

I measc na dtionscadal urraíochta gnó bhí: *All-Ireland Marketing Awards 2016* i mBealtaine le Nemeton TV mar bhuaiteoir ‘Gnó le Gaeilge’ agus *ShelfLife C-Store Awards 2016* le Durkin’s Costcutter (Baile na hAbhann) mar bhuaiteoir ‘Gradam Gnó don Mhiondíol Gaeilge’.

Áiseanna Tacaíochta Gnó

Tá 31 sain-áis tacaíochta don earnáil ghnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón gcóras féinordaithe, www.gaeilge.ie/ordu, agus mar chuid den phacáiste tacaíochta tá rogha de chomharthaí féinghreamaithe, suaitheantais, bileoga agus earraí tacaíochta eile chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht gnó. Déileáladh le 107 ordú ina raibh breis agus 50,436 áis curtha ar fáil do ghnólachtaí i 24 contae le linn 2016.

Scéim Tacaíochta Gnó

Le buiséad de €35,258 bhí 36 gnólacht páirteach sa scéim trínar forbraíodh comharthaíocht, stáiseanóireacht, ábhair mhargaíochta chlóite, suíomhanna idirlín agus ábhair bhrandála eile agus Gaeilge chruinn in úsáid ar bhonn dátheangach. Mar scéim mhaoinithe mheaitseála, d’éirigh léi luach infheistíochta den mhéid céanna a mhealladh ó na hiarratasóirí ar son na bhforbairtí Gaeilge seo.

Q-Mharc Gnó le Gaeilge

Tá an *Q-Mharc Gnó le Gaeilge* cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann le hOifigí na bPaitinní mar mharc deimhniúcháin atá dírithe ar úsáid an dátheangachais san earnáil ghnó sa dá dhlíne. Tá comhlacht ceaptha le tabhairt faoin suíomh nua gréasáin a fhorbairt don togra. Roghnaíodh 5 chomhlacht ag deireadh 2016 le bheith páirteach sa scéim phiolótach leis an *gcáilíocht ISO 9001* a bhaint amach agus beidh scéim uile-oileáin úr le cur sa siúl faoi dheireadh 2017, bunaithe ar thoradh na céime seo.

1.5 Na struchtúir úra chomhpháirtíochta leis na Ceanneagraíochtaí a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Chuir Foras na Gaeilge deontais ar luach €4,701,111 ar fáil do na 6 Cheanneagraíocht: Gael Linn; Conradh na Gaeilge; Glór na nGael; Gaeloideachas; Cumann na bhFiann; agus Oireachtas na Gaeilge.

Rinne Foras na Gaeilge cathaoirleacht ar 6 chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta (atá comhdhéanta d’Oifigigh Cheannais na 6 Cheanneagraíocht, de Chathaoirleach an Fhórait Forbartha Teanga agus d’Oifigigh Shinsearach Fhoras na Gaeilge). Bhí 3 chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga ann.

Oireachtas Festival; the Irish language Tent at the Ploughing Championships; the BEO Competition at the November Oireachtas Festival; Awareness Campaigns on Irish medium education and the Gaelbhrtach campaign.

1.6 Enhancing the status of Irish among young people

Gaelbhrtach

A grant worth €120,000 was provided to Gael Linn in 2016 for the Gaelbhrtach project, which focuses on promoting spoken Irish in schools at primary and post-primary levels.

Gaelbhrtach was awarded to 60 schools at an event in St. Patrick's College, Drumcondra, Dublin, and there were over 700 pupils present from primary schools and post-primary schools all over the island.

1.7 Enhancing the status of Irish in the community

Events

Funding was made available through Clár na Leabhar Gaeilge's Literary Projects Scheme for the following initiatives which enhanced the status of Irish in the community.

IMRAM

IMRAM undertook its programme of literary events once again in 2016 with a wide range of events encompassing prose, poetry and music allowing Irish speakers an opportunity to come together and for Irish language publishers and writers to bring their work to the fore. The events provided a unique platform for writing in the Irish language and for Irish language writers. IMRAM also acts as a mechanism for generating publicity and every effort was made to introduce authors to the media and to cultivate positive attitudes to Irish language writing, something very much needed.

Among the events in 2016 were the David Bowie Project; Aisling Gheal: the Caitlín Maude Project; and a major music and poetry night and a celebration of Irish and Czech literature 'Ó Bhaile Átha Cliath go Prág'. IMRAM co-operated with other festivals and organisations throughout the year, such as City in the Marsh: a Cork Project which was part of the Cork International Poetry Festival and Duanta Damnaíthe: The Pogues Project which was part of St. Patrick's Day Festival.

The magazine IMRAM also started during 2016 and developments were undertaken on the website.

In addition to the IMRAM Irish language events, funding was made available under the Literary Projects Scheme for the following literary events and conferences

- REIC in Dublin, Galway and Belfast, The Irish Writers' Centre
- Is Vireas Teanga (specialised media clip project), The Irish Writers' Centre
- Tóg an Mic, The Irish Writers' Centre
- A conference on the Irish language Literature and Culture, National University of Ireland, Galway

Funding was provided to libraries throughout the island to support them in organising literary events to promote Irish language writers/authors in the libraries.

Aontaíodh agus cuireadh i gcrích sraith de thograí comhpháirtíochta idir na 6 Cheanneagraíocht: Rith 2016; Féasta 2016; Seomra Teaghlaigh ag Oireachtas na Samhna; Puball na Gaeilge ag an gComórtas Treabhdóireachta; Comórtas BEO ag Oireachtas na Samhna; Feachtais Fheasachta ar an nGaelscolaíocht; agus Gaelbhrtach.

1.6 Stádas na Gaeilge a ardú i measc daoine óga

Gaelbhrtach

Cuireadh deontas ar luach €120,000 ar fáil in 2016 do Gael Linn don tionscadal Gaelbhrtach, atá dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge labhartha i scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Bronnadh Gaelbhrtach ar 60 scoil ag ócáid i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath, agus bhí breis agus 700 dalta scoile i láthair ó bhunscoileanna agus ó mheánscoileanna ar fud an oileáin.

1.7 Stádas na Gaeilge a ardú i measc an phobail

Ócáidí

Cuireadh maoiniú ar fáil trí Scéim na dTionscadal Litríochta, Clár na Leabhar Gaeilge do na tionscadail seo a leanas a chuir le stádas na Gaeilge i measc an phobail.

IMRAM

Reáchtáladh imeachtaí litríochta Gaeilge de chuid IMRAM arís in 2016, le réimse leathan imeachtaí a chuimsíonn próis, filíocht agus ceol ionas go mbeadh teacht le chéile ag cainteoirí Gaeilge agus go mbeadh deis ag foilsitheoirí agus údair na Gaeilge a gcuid saothar a chur i lár an aonaigh. Thug na himeachtaí seo ardán iontach tábhachtach do scríbhneoireacht agus do scríbhneoirí na Gaeilge. Meicníocht phoiblíochta atá in IMRAM chomh maith agus rinneadh an-iarracht údair a chur i láthair na meán agus dearcadh dearfach a chothú ina leith, rud a bhfuil géarghá leis.

I measc na n-imeachtaí in 2016 bhí Tionscadal David Bowie; Aisling Gheal: Tionscadal Chaitlín Maude; agus móroíche cheoil agus fhilíochta agus litríocht na Gaeilge agus na Seicise, 'Ó Bhaile Átha Cliath go Prág'. Chomhoibrigh IMRAM le féilte eile agus i gcomhar le heagraíochtaí eile i rith na bliana chomh maith, ar nós ócáid Chathair sa Chorcach/City in the Marsh: Tionscadal Chorcaí a bhí mar chuid d'Fhéile Philíochta Idirnáisiúnta Chorcaigh agus Duanta Damnaithe: Tionscadal The Pogues a bhí mar chuid d'Fhéile Phádraig.

Cuireadh tús le hiris IMRAM le linn na bliana 2016 chomh maith agus rinneadh forbairtí ar an suíomh gréasáin.

Chomh maith leis na himeachtaí Gaeilge seo de chuid IMRAM, cuireadh maoiniú ar fáil do na hócáidí agus comhdhálacha litríochta seo a leanas trí Scéim na dTionscadal Litríochta

- REIC i mBaile Átha Cliath, Gaillimh agus Béal Feirste, Áras Scríbhneoirí na hÉireann
- Is Vireas Teanga (tionscadal speisialta gearrthóg), Áras Scríbhneoirí na hÉireann
- Tóg an Mic, Áras Scríbhneoirí na hÉireann.
- Comhdháil ar Litríocht agus Cultúr na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cuireadh maoiniú ar fáil mar thacaíocht do leabharlanna timpeall an oileáin ar mhaithe le hócáidí liteartha le scríbhneoirí/údair Ghaeilge a chur chun cinn sna leabharlanna.

1.8 The status of Irish in educational systems

Foras na Gaeilge nominates representatives on various Boards and committees active in educational matters throughout the island and those representatives participated in the following different meetings: The High-Level Education Group (20 Year Strategy for Irish), Comhairle na Gaelscolaíochta, The National Council for Curriculum and Assessment and an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Foras na Gaeilge participated in the discussion on the Policy for Gaeltacht Education launched by the Taoiseach, Enda Kenny, Scoil Mhic Dara, an Cheathrú Rua in October.

Foras na Gaeilge made a presentation regarding the Policy for Gaeltacht Education to the Oireachtas Standing Joint Committee on the Irish Language, the Gaeltacht and the Islands.

1.8 Stádas na Gaeilge sna córais oideachais

Tá ionadaithe ainmnithe ag Foras na Gaeilge ar bhoird agus ar choistí éagsúla a bhaineann le cúrsaí oideachais ar bhonn uile-oileáin agus bhí na hionadaithe rannpháirteach sna cruinnithe éagsúla seo a leanas: Grúpa Ardleibhéal Oideachais (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge); Comhairle na Gaelscolaíochta; An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Bhí Foras na Gaeilge rannpháirteach sa phlé ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta a sheol an Taoiseach, Enda Kenny, ag Scoil Mhic Dara, an Cheathrú Rua i mí Dheireadh Fómhair.

Rinne Foras na Gaeilge cur i láthair do Bhuan-Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán den Oireachtas ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta.

2

ACQUISITION

To support the learning and acquisition of Irish by increasing the number of learning opportunities at all levels and improving the standard of teaching

2.1 Enhancing acquisition of Irish through co-operation and partnership

Gaeloideachas

€715,719 was provided to the Lead Organisation to complete a programme in the key area of Irish Medium and Immersion Education and All-Irish Pre-schooling.

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge

£272,486 was provided to the Áisaonad for the provision of resources to the Irish medium sector, including the Early Reading Programme.

Write a Book

This project involves primary school children writing a book, allowing them to express themselves creatively, to learn new skills and, above all, to enjoy the process of writing and publishing their own books. Nine Education Centres took part in the Project during the 2015/16 school year:

West Dublin Education Centre;
Kilkenny Education Centre;
Carrick-on-Shannon Education Centre;
Clare Education Centre;
Gort an Choirce Teachers' Centre;
West Cork Education Centre;
Laois Education Centre;
Mayo Education Centre; and
Tralee Education Centre.

Schools in Northern Ireland also participated in the project in the 2015/2016 school year, with support from the Áisaonad. An unique event was organised for each Education Centre and prizes were awarded during those events to children taking part in the project. The project was a great success and almost 9,500 children took part. Some of the books produced can be found on the website www.scriobhleabhar.ie.

2.2 Promoting the teaching of Irish

Gael Linn

Funding for this area of work was included in the €656,750 grant provided to the Lead Organisation **Gael Linn**.

Summer Camps Scheme

Under this scheme funding of €158,417 was provided for 69 camps throughout the island.

Diploma in Teaching Irish to Adults

Joint funding in conjunction with The Dept. of Culture, Heritage & the Gaeltacht was approved in 2015 to offer the Diploma in Teaching Irish to Adults in Dublin during the academic year 2015/2016. Training was provided

2 SEALBHÚ

Tacú le foghlaim, sealbhú agus daingniú na Gaeilge trí: cur le líon na ndeiseanna foghlama ag gach leibhéal agus cur le caighdeán teagaisc

2.1 Cur le sealbhú na Gaeilge trí chomhoibriú agus trí chomhpháirtíocht

Gaeiloideachas

Cuireadh €715,719 ar fáil don Cheanneagraíocht seo chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Gaeiloideachais / Tumoideachais agus Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge.

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge

Cuireadh €272,486 ar fáil don Áisaonad chun áiseanna a sholáthar d'earnáil na gaeilscolaíochta, an Clár Luathléitheoireachta san áireamh.

Scríobh Leabhar

Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná go n-iarrtar ar pháistí bunscoile leabhar a scríobh, rud a thugann an deis dóibh taithí a fháil ar an gcruthaitheacht, ar na scileanna agus, ar ndóigh, ar an spraoi, a bhaineann lena leabhair féin a scríobh agus a fhoilsiú. Bhí naoi nIonad Oideachais páirteach sa tionscadal sa scoilbhliain 2015/2016:

Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar;
Ionad Oideachais Chill Chainnigh;
Ionad Oideachais Chora Droma Rúisce;
Ionad Oideachais an Chláir;
Ionad na Múinteoirí, Gort an Choirce;
Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí;
Ionad Oideachais Laoise;
Ionad Oideachais Mhaigh Eo; agus
Ionad Oideachais Thrá Lí.

Ghlac scoileanna i dTuaisceart Éireann páirt sa tionscadal sa scoilbhliain 2015/2016 chomh maith, le tacaíocht ón Áisaonad. Eagraíodh ócáid faoi leith i ngach ceantar agus bronnadh duaiseanna ar chuid de na páistí a ghlac páirt sa tionscadal ag na hócáidí sin. D'éirigh thar barr leis an tionscadal agus bhí beagnach 9,500 páiste páirteach ann. Tá cuid de na leabhair a scríobhadh ar fáil ar an suíomh gréasáin www.scriobhleabhar.ie

2.2 Múineadh na Gaeilge a chur chun cinn

Gael Linn

Bhí maoiniú san áireamh sa deontas de €656,750 don Cheanneagraíocht **Gael Linn** le plé leis an réimse seo oibre.

Scéim na gCampáí Samhraidh

Tríd an scéim seo cuireadh deontais ar fáil le haghaidh 69 campa ar fud an oileáin ar luach €158,417.

Dioplóma i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh

Ceadáíodh cómhaoiniú (i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta) in 2015 leis an Dioplóma i Múineadh na Gaeilge d'Aosaigh a

to teachers in how to teach the language to adult learners. 9 people attained the Diploma at the end of the academic year in 2016.

The portal website, which was mentioned specifically in the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030, provides a platform for Irish language organisations, to publicise interesting features, including publications, dictionaries and terminology, as well as social media. All information regarding the work undertaken by Foras na Gaeilge is available on the

4 CUMARSÁID

Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus Margaíocht éifeachtach na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann a chur chun cinn

4.1 Aird an phobail a tharraingt ar an nGaeilge

An Gúm

Méadaíodh an úsáid a baineadh as Facebook agus Twitter chun na foilseacháin a phoibliú. Scaipeadh bróisiúir agus catalóga ar na siopaí agus ar na scoileanna agus eagraíodh seastáin phoiblíochta ag roinnt ócáidí ábhartha, Comhdháil na bPríomhoidí Bunscoile agus Comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta, ina measc.

Reachtáladh comhdháil lae mar chomóradh ar bhunú an Ghúim 90 bliain ó shin in UCD i mí Dheireadh Fómhair.

Cúrsaí Foclóireachta

Cuireadh an pobal ar an eolas maidir leis an leagan ar líne den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge mar thionscadal suaitheanta de chuid Fhoras na Gaeilge agus maidir leis na forbairtí breise ar an suíomh de réir mar a tharla siad. Bunaíodh feachtas faoi leith chun daltaí scoile, mic léinn ollscoile agus an pobal i gcoitinne a spreagadh chun suíomh gréasáin an fhoclóra www.focloir.ie a úsáid agus mar fhianaise ar rath an taise seo, bhí 1.1 milliún úsáideoir ar an suíomh sa bhliain 2016, a bhreathnaigh ar 12.3 milliún leathanach – méadú de 61% agus 82%, faoi seach, ar 2015.

Na Meáin

Bhí teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla le linn 2016. Cuireadh ionadaithe ar fáil d'agallaimh raidió, teilifíse agus nuachtáin agus eisíodh preaseisiúintí ar bhonn leanúnach. Cuireadh pleananna cumarsáide i bhfeidhm le heolas tábhachtach faoin nGaeilge a roinnt leis na meáin agus le ceisteanna ábhartha a chíoradh le páirtithe leasmhara. Is gné an-tábhachtach í seo d'obair Fhoras na Gaeilge leis an bpobal a choimeád ar an eolas maidir le tionscadail, nuacht agus gníomhaíochtaí eile.

Is uirlis iontach láidir margaíochta iad na meáin chlóite i gcónaí. Tugann na meáin seo deis luachmhar dúinn ábhar agus teachtaireachtaí a scaipeadh go forleathan, ní hamháin i measc phobal na Gaeilge ach i measc phobal uile an oileáin. Rinneadh urraíocht arís ar an iris *Sult* i gcomhar leis an nuachtán *The Irish Daily Mail*.

Ba chúis áthais d'Fhoras na Gaeilge a shuíomh tairsí don Ghaeilge (www.gaeilge.ie) chomh maith le suíomh nua corparáideach (www.forasnagaeilge.ie) a nochtadh den chéad uair nuair a sheol Máire Treasa Ní Cheallaigh, iriseoir agus tuairisceoir Chumann Lúthchleas Gael le RTÉ, na suíomhanna gréasáin in Áiléar Eolaíochta Choláiste na Tríonóide ar an 29 Meitheamh. Cuireadh ardán ilmheán Chonradh na Gaeilge, www.PEIG.ie, i láthair an phobail ag an ócáid chéanna.

Tugann an suíomh tairsí, atá luaithe go sonrach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, ardán d'eagraíochtaí Gaeilge poiblíocht a dhéanamh ar ghnéithe suimiúla, lena n-áirítear foilseacháin, foclóirí agus téarmaíocht, chomh maith leis na meáin shóisialta. Tá gach eolas faoin obair a dhéanann

corporate website which includes corporate information, funded schemes, publishing, dictionaries, publications, projects and news.

Information Stands

Foras na Gaeilge had information stands at a wide range of events this year, including: Fleadh Cheoil na hÉireann, the Ploughing Championships, and the November Oireachtas festival.


Sponsorship Programme

Foras na Gaeilge was pleased to provide sponsorship to a wide range of projects. Some standout projects include: Gaelspraoi – Saint Patrick’s Day Festival; Fleadh Cheoil na hÉireann; Caithréim by Síle Denvir; Comóradh Uí Néill and na Gaeil Óga.

Sponsorship was given to a wide range of awards in recognition of best practice in Irish in various domains. Among the awards was: Smedias – awards for students who excel in the media; the Eir Spiders Awards which recognise the best Irish language websites, along with the Junior Eir Spiders for young people who create blogs and websites through Irish; The Irish Blog Awards; the Aisling Awards; the Irish Marketing Awards; the C-Store Awards and the Irish Law Awards.

Launches

The book, *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge* (Portraits of Irish-Language Writers), was launched as well as the new site portraidi.ie and events and launches were held throughout the year to publicise various phases of the project in conjunction with Comhar. Professor Declan Kiberd (University of Notre Dame) presented the book and the website to the public in The Columns Room in the Rotunda Hospital on the 22nd of June.



Foras na Gaeilge ar fáil ar an suíomh corparáideach lena n-áirítear eolas corparáideach, scéimeanna maoinithe, foilsitheoireacht, foclóirí, foilseacháin, tionscadail agus nuacht.

Seastáin Eolais

Bhí seastáin eolais ag Foras na Gaeilge ag raon leathan ócáidí i rith na bliana lena n-áirítear Fleadh Cheoil na hÉireann, An Comórtas Treabhdóireachta agus Oireachtas na Samhna.

Clár Urraíochta

Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge urraíocht a chur ar fáil do raon leathan tionscadal agus i measc na bpríomhthionscadal bhí: Gaelspraoi – Féile Lá le Pádraig; Fleadh Cheoil na hÉireann; Caithréim le Síle Denvir; Comóradh Uí Néill agus na Gaeil Óga.

Rinneadh urraíocht ar raon leathan gradam le haitheantas a thabhairt don sárchleachtas trí Ghaeilge i réimsí difriúla. I measc na ngradam bhí: *Smedias* - Gradaim do mhic léinn a léirigh sármhaitheas i réimse na meán; Gradaim *Eir Spiders*, a thug aitheantas do na suíomhanna gréasáin Gaeilge is fearr; chomh maith leis na *Junior Eir Spiders* do dhaoine óga a chruthaigh blaganna agus suíomhanna gréasáin i nGaeilge; Gradaim Bhlaganna na hÉireann; Gradaim Aisling; Gradaim Mhargáiochta na hÉireann, Gradaim C-Store agus Gradaim Dlí na hÉireann.



Miriam O'Callaghan, Anna Davitt (Foras na Gaeilge) agus Colm Mac Aodháin ag Gradaim Dlí na hÉireann.

Miriam O'Callaghan, Anna Davitt (Foras na Gaeilge) agus Colm Mac Aodháin at the Irish Law Awards.

Seoltaí

Seoladh an leabhar *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge* chomh maith le suíomh nua portraidi.ie agus reáchtáladh ócáidí agus seoltaí i rith na bliana le céimeanna éagsúla den tionscadal a phoibliú i gcomhar le Comhar. Ba é an tOllamh Declan Kiberd (Ollscoil Notre Dame) a chuir an leabhar agus an suíomh gréasáin os comhair an phobail i Seomra na gColún, san Ospidéal Rotunda ar an 22 Meitheamh.

Portráidí na Scribhneoirí Gaeilge (Portraits of Irish language Writers) is an exemplary project which celebrates the Irish language Writer and presents first-class photography to the public. In this beautiful full colour collection, 107 portraits of the most recognised writers on the Irish language scene were published, from literary writers to academic writers, whose portraits were taken digitally between 2009-2013, by Máire Uí Mhaicín for Foras na Gaeilge.

Ferdie Mac an Fhailigh, Foras na Gaeilge's Chief Executive, officially launched *An Draoi Gramadaí* at the November Oireachtas in Killarney. This is a tool made available on www.teanglann.ie, and learners can put a noun and adjective together in order to see their correct forms.

Comóradh 1916-2016 (1916-2016 Commemoration)

As part of Foras na Gaeilge's commemoration programme 1916 – 2016 columns on the language question and identity, by well known authors, were published in printed newspapers and online. An e-book of the first collection of columns is now available on www.gaeilge.ie.

The supplement *An Ghaeilge agus Éirí Amach 1916* (The Irish Language and The 1916 Rising) which was published in *The Irish Times* on 10 March gave a critical analysis of the vision for the Irish Language and for society in 1916 and how much has been achieved in the last 100 years.

Other projects commemorating 1916 were also sponsored including a special performance of 'Ó Pheann an Phiarsaigh' by Noel Ó Gallchóir in the Dublin Institute of Technology on Easter Monday, a special performance of Requiem 1916 a lament by Odhrán Ó Casaide and a reimagining of 'Pádraic Ó Conaire' by the dramatist and actor, Diarmuid de Faoite.

Féasta 100 was organised in the Double Tree by Hilton Hotel in Dublin on the 3rd of December. This celebration gave us an opportunity to recognise formally the status of the Irish language, its importance at the heart of our history and to celebrate Irish culture.

The BEO 2016 Competition

This project is run in partnership with Údarás na Gaeltachta and was again highly successful in 2016. Over 300 teenagers attended the newly-composed Irish language song competition at Scléip na hÓige during the Oireachtas na Gaeilge festival. First prize was presented to Tine from Claremorris, Co. Mayo and for the first time arrangements were made for the winner's song to be included on Raidió Rí Rá's *Ceol 2017* CD.

Culture Night 2016

A concert, featuring songs composed based on the poems of Seán Ó Ríordáin took place in Foras na Gaeilge's headquarters on Culture Night 2016. Released on an EP in March 2016, this performance gave the public an opportunity to see the project live on stage. Special, new versions, of music from the EP were presented on the night as well as newly composed music.

Joint projects with the Ulster Scots Agency

The two agencies have been working together for the 3rd year to design a programme to give students information and to raise awareness of both the Irish language and Ulster Scots culture and heritage. The aim of the programme is to give students a better understanding of the main cultural and linguistic identities in Northern Ireland. In 2016 four schools took part in the programme: Priory, Parkhall, Blackwater and Crumlin colleges and more than 120 students and teachers made use of the programme. New-Bridge,

Is tionscadal eiseamláireach é Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge a dhéanann an Scríbhneoir Gaeilge a chomóradh agus a thugann ábhar grianghrafadóireachta den scoth i láthair an phobail. Sa chnuasach álainn lán-daite seo, foilsíodh portráidí de 107 de na scríbhneoirí is aitheanta i saol na Gaeilge, idir údair liteartha agus scríbhneoirí acadúla, ar tógadh a bportráidí go digiteach idir 2009-2013, ag Máire Uí Mhaicín d'Fhoras na Gaeilge.

Rinne Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Ferdie Mac an Fhailigh, *An Draoi Gramadaí* a sheoladh go hoifigiúil ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne. Is uirlis í seo atá curtha ar fáil ar www.teanglann.ie, agus is féidir le foghlaimoírí ainmfhocal agus aidiacht a chur le chéile chun na foirmeacha cearta díobh a fheiceáil.

Comóradh 1916-2016

Mar chuid de chlár comórtha 1916-2016 de chuid Fhoras na Gaeilge foilsíodh colúin a scríobh údair aitheanta ar cheist na teanga agus na féiniúlachta i nuachtáin chlóite agus ar líne. Tá ríomhleabhar den chéad bhailiúchán de na colúin ar fáil anois ar www.gaeilge.ie.

Eisíodh an forlónadh *An Ghaeilge agus Éirí Amach 1916* le *The Irish Times* ar an 10 Márta a rinne anailís chriticiúil ar an bhfís a bhí ann don teanga agus don tsochaí in 1916 agus an méid a baineadh amach le 100 bliain anuas.

Rinneadh urraíocht ar thionscadail eile a rinne comóradh ar 1916 lena n-áirítear taibhiú speisialta de 'Ó Pheann an Phiarsaigh' le Noel Ó Gallchóir in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Luan Cásca, Taibhiú speisialta de Requiem 1916 Marbhna le hOdhrán Ó Casaide agus atheagar ar 'Pádraic Ó Conaire' leis an drámadóir agus aisteoir, Diarmuid de Faoite.

Reáchtáladh Féasta 100 ar an 3 Nollaig in Óstán an Double Tree by Hilton, Baile Átha Cliath. Thug an ócáid cheiliúrtha seo deis ar leith do dhaoine aitheantas foirmiúil a thabhairt do stádas na Gaeilge agus a tábhacht ag croílár stair agus chultúr na hÉireann a cheiliúradh.

Comórtas BEO 2016

D'éirigh thar barr leis an tionscadal comhpháirtíochta seo le hÚdarás na Gaeltachta arís in 2016. D'fhreastail breis agus 300 déagóir ar an gcomórtas amhrán nuachumtha Gaeilge le linn Scléip na hÓige ag Oireachtas na Gaeilge. Bronnadh an chéad duais ar Tine as Clár Clainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo agus den chéad uair, socraíodh go mbeadh amhrán an bhuaiteora ar dhlúthdhiosca *Ceol 2017* de chuid Raidió RíRá.

Oíche Chultúir 2016

Reáchtáladh ceolchoirm d'amhráin a cumadh bunaithe ar dhánta an Ríordánaigh i gCeannáras Fhoras na Gaeilge ar Oíche Chultúir 2016, céad bliain ó saolaíodh Seán Ó Ríordáin. Eisithe mar EP i mí an Mhárta 2016, thug an taibhiú beo an deis don phobal an tionscadal a fheiceáil ina steillbheatha ar stáitse. Cuireadh athleaganacha speisialta de cheol an EP chomh maith le hamhráin nuachumtha i láthair ar an oíche.

Comhthionscadal le Gníomhaireacht na hUltaise

Bhí an dá ghníomhaireacht ag obair le chéile don 3ú Bliain le clár a dhearadh chun eolas a thabhairt do dhaltáí agus feasacht a ardú maidir leis an nGaeilge agus ar an Ultais, ar an chultúr agus ar an oidhreacht. Tá sé mar aidhm ag an gclár tuiscint níos fearr a thabhairt do dhaltáí iar-bhunscoile ar an dá fhéiniúlacht chultúrtha agus teangeolaíochta is mó sa Tuaisceart. Le linn 2016, ghlac 4 scoil páirt sa chlár seo: Coláistí Imeachtha na Prióireachta (Priory), Halla na Páirce (Parkhall), na hAbhann Duibhe (Blackwater) agus

Loughbrickland Integrated College is to take part in the programme in the spring term 2017.

The booklet *Want to know more about Irish?* was updated and reprinted.

4.2 Ensuring/ Enhancing communication within the organisation

A systematic approach to internal communication was followed. Quarterly meetings were held in each Directorate; bi-monthly meetings were held in each department; the relevant reports were presented to the Board in line with the business plan; Directors meetings took place at least every six weeks; managerial meetings took place at least every six weeks to report on Board and Directors meetings and monthly management meeting took place for all staff members.

Chromghlinne (Crumlin), agus bhain breis agus 120 dalta agus a múinteoirí leas as an gclár. Glacfaidh Coláiste Imeachtha an Droichid Nua, Loch Bricleann (New-Bridge, Loughbrickland) páirt sa chlár le linn théarma an Earraigh in 2017.

Rinneadh uasdátú ar an leabhrán *Want to know more about Irish?* agus cuireadh athchló air.

4.2 Cumarsáid inmheánach eagraíochtúil a dheimhniú/ a fheabhsú

Leanadh leis an gcur chuige córasach maidir le cumarsáid inmheánach. Reáchtáladh cruinniú ráithiúil amháin i ngach Stiúrthóireacht; reáchtáladh cruinnithe démhíosúla i ngach rannóg; cuireadh na tuairiscí cuí faoi bhráid an Bhoird de réir an phlean ghnó; reáchtáladh cruinnithe Stiúrthóirí gach sé seachtaine ar a laghad; reáchtáladh cruinnithe Bainistíochta gach sé seachtaine ar a laghad le tuairiscíú ó na cruinnithe Boird agus Stiúrthóirí a roinnt; agus reáchtáladh cruinnithe míosúla bainistíochta do gach ball foirne.

5

POLICY, PLANNING & RESEARCH

To advocate for and provide advice about planning for policies and programmes designed to promote the language in the public and private sectors throughout the island of Ireland, to implement those programmes and to monitor their progress

5.1 Organisational Development

To ensure sufficient staffing resources were available to the organisation, recruitment processes were organised, as posts were sanctioned and as vacancies arose for the usual reasons (Illness, Career Break, Maternity Leave Etc.).

Chief Executive

A process to appoint a new Chief Executive was organised and as a result of this process, Seán Ó Coinn, previously Deputy Chief Executive, was appointed Chief Executive of Foras na Gaeilge in December 2016. Outgoing Chief Executive, Ferdie Mac an Fhailigh was thanked for his work in his previous 10 years guiding the organisation through challenging times which saw a radical restructuring of the Irish language sector to give more clarity of roles and to increase cooperation and communication between Foras na Gaeilge and the rest of the Irish language sector.

Accommodation

The office accommodation of the staff in Dublin was discussed in light of the current arrangements and leases which were coming to an end and it was agreed that the Board would make a decision in this regard in early 2017.

5.2 Fulfilling Statutory Obligations

The North/South Language Body's Annual Report and Financial Statements for 2014 were laid in both jurisdictions on the 23rd of June 2016. Prompt payment reports were kept up to date on the website in line with the requirements in the South and monthly reports were prepared in line with the requirements in the North. A site audit of the 2015 accounts was undertaken and the consolidated accounts for the North/South Language Body were signed before the end of the year.

Three general staff meetings were held for the staff from all of the various offices: Merrion Square and North Frederick Street in Dublin; Belfast; Ráth Chairn, Co. Meath and Gaoth Dobhair.

Foras na Gaeilge carried out on-going monitoring of legislative developments in order to ensure that the organisation is in compliance. Other statutory obligations continued to be fulfilled, for example, reporting to the National Disability Authority, and reporting was undertaken – joint reporting in

5 POLASAÍ, PLEANÁIL & TAIGHDE

Polasaithe agus cláir oibre a mholadh, comhairle orthu a thabhairt, iad a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu d'fhonn freastal ar na riachtanais a bhaineann le cur chun cinn na teanga san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar fud oileán na hÉireann

5.1 Forbairt eagraíochtúil

D'fhonn a dheimhniú go mbeadh acmhainní leordhóthanacha foirne ar fáil don eagraíocht, eagraíodh próisis earcaíochta de réir mar a ceadaíodh poist agus de réir mar a tháinig folúntais chun cinn ar na gnáthchúiseanna (breoiteacht, sos gairme, saoire mháithreachais etc.).

Príomhfheidhmeannach

Reáchtáladh próiseas ceapacháin le haghaidh Príomhfheidhmeannaigh nua agus mar thoradh air sin ceapadh Seán Ó Coinn, a bhíodh roimhe sin ina Leas-Phríomhfheidhmeannach, mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge i mí na Nollag 2016. Gabhadh buíochas leis an iar-Phríomhfheidhmeannach Ferdie Mac an Fhailigh as a chuid oibre ar feadh na ndeich mbliana roimhe sin inar stiúir sé an eagraíocht trí thréimhsí dúshlánacha ina ndearnadh athstruchtúrú radacach ar earnáil na Gaeilge le go mbeadh breis soiléire ann faoi róil agus níos mó comhoibrithe agus cumarsáide ar siúl idir Foras na Gaeilge agus an chuid eile d'earnáil na Gaeilge.

Cúrsaí Cóiríochta

Pléadh ceist na cóiríochta oifige don fhoireann i mBaile Átha Cliath i bhfianaise na socrúithe reatha agus na léasanna a bhí ag dul in éag agus socraíodh go ndéanfadh an Bord cinneadh i dtaobh na ceiste go luath in 2017.

5.2 Dualgais reachtúla a chomhlíonadh

Leagadh Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Fhorais Teanga don Bhliain 2014 sa dá dhlínse 23 Meitheamh 2016. Coinníodh tuairiscí prasiócaíochtaí suas chun dáta ar an suíomh gréasáin le teacht leis na riachtanais ó dheas agus ullmhaíodh tuairiscí míosúla le teacht leis na riachtanais ó thuaidh. Rinneadh iniúchadh suímh ar chuntais 2015 agus síníodh cuntais chomhdhlúite don Fhoras Teanga roimh dheireadh na bliana.

Reáchtáladh trí ollchruinniú foirne don fhoireann ó na hoifigí éagsúla ar fad: Cearnóg Mhuirfean agus Sráid Fheidric Thuaidh i mBaile Átha Cliath; Béal Feirste; Ráth Chairn, Co. na Mí agus Gaoth Dobhair.

Rinne Foras na Gaeilge monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí reachtúla d'fhonn a dheimhniú go bhfuil an eagraíocht comhlíontach maidir leo. Leanadh de bheith ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil eile, mar shampla, tuairiscíú don Údarás Náisiúnta Míchumais, agus rinneadh tuairiscíú –

conjunction with Tha Boord o Ulstèr-Scotch – on the progress made in relation to Equality and Good Relations 2015-16 in the North.

5.3 Duties regarding reporting to the two governments

Reports were prepared for monitoring meetings with the Sponsor Departments regarding progress on the business programme and a number of meetings were attended.

Assembly and Dáil questions and specific questions from the Sponsor Departments were answered. Perhaps the most important work was ensuring continuous communication and cooperation with both Sponsor Departments while the Departments were being restructured and personnel changes were being made at senior level on all sides.

5.4 Following best practice in language planning

As well as complying with language planning principles in its own work, Foras na Gaeilge ensured that a Language Planning expert was present at meetings of the Partnership Forum and advice was provided to the Lead Organisations individually and in planning groups.

5.5 Developing Policy and Planning

2017 Business Plan and 2017-19 Corporate Plan

Regarding the duties outlined in the Financial Memorandum in relation to a Business Plan (2017) and a Corporate Plan (2017-19), at the end of the year Foras na Gaeilge submitted an advanced draft of the plans to the Board.

Dictionaries and Lexicography

Work continued in an effort to develop and agree a medium and long term Dictionary Strategy with the Sponsor Departments. Additional material was transcribed and added to the Irish Language Corpus and as a result 2.2 million words were transcribed by the end of 2016.

5.6 Promoting Research

In August 2015, The Economic and Social Research Institute (ESRI) published *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, which was funded by Foras na Gaeilge. Following its publication Foras na Gaeilge shared the results of the research with the relevant government departments in both jurisdictions in 2016 and recommendations were made in relation to additional research arising from the results of the reports. As a result of that, the ESRI prepared three working papers which were published in February 2016:

Attitudes of the non-Catholic population in Northern Ireland towards the Irish Language in Ireland (Professor Merike Darmody)
[<https://www.esri.ie/pubs/WP524.pdf>];

Attitudes to Irish as a school subject among 13-year-olds (Professors Emer Smyth and Merike Darmody)
[<https://www.esri.ie/pubs/WP525.pdf>];

And

comhthuairisciú i gcomhar le Tha Boord o Ulstèr-Scotch – faoin dul chun cinn maidir le Comhionannas agus Dea-Chaidreamh 2015-16 ó thuaidh.

5.3 Dualgais tuairiscithe don dá rialtas

Ullmhaíodh tuairiscí ar an dul chun cinn i leith an phlean ghnó do na cruinnithe monatóireachta leis na Ranna Urraíochta agus freastalaíodh ar na cruinnithe ar leith.

Freagraíodh ceisteanna Tionóil agus Dála agus ceisteanna ar leith ó na Ranna Urraíochta. B'fhéidir gurbh í an obair ba thábhachtaí ná an chumarsáid agus comhoibriú leanúnach a dheimhniú leis an dá Roinn Urraíochta fad a bhí athstruchtúrú ar siúl iontu agus go leor athruithe ó thaobh acmhainní daonna ag leibhéal sinsearach ar gach taobh.

5.4 Dea-chleachtas pleanála teanga a leanúint

Chomh maith le cloí le prionsabail na pleanála teanga ina chuid oibre féin, rinne Foras na Gaeilge deimhin de go raibh sainchomhairleoir Pleanála Teanga i láthair ag cruinnithe den Fhóram Comhpháirtíochta agus cuireadh comhairle ar Cheanneagraíochtaí ar bhonn aonair agus i meithleacha pleanála.

5.5 Cúrsaí Polasaí agus Pleanála a chur chun cinn

Plean Gnó 2017 agus Plean Corparáideach 2017-19

Maidir leis na dualgais ata luaite sa Mheamram Airgeadais maidir le Plean Gnó (2017) agus Plean Corparáideach (2017-19), ag deireadh na bliana chuir Foras na Gaeilge réamhchréacht de na pleananna faoi bhráid an Bhoird.

Cúrsaí Foclóireachta

Leanadh de bheith ag iarraidh Straitéis Foclóireachta a fhorbairt agus a aontú leis na Ranna Urraíochta don mheántréimhse agus don fhadtréimhse. Rinneadh tras-scríobh ar ábhar breise agus cuireadh é le Corpas na Gaeilge sa tslí is go raibh 2.2 milliún focal tras-scríofa faoi dheireadh 2016.

5.6 Cúrsaí taighde a chur chun cinn

I mí Lúnasa 2015, d'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES/ESRI) *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge (Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland)*, a bhí maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tar éis é a fhoilsiú, roinn Foras na Gaeilge torthaí an taighde leis na ranna rialtais ábhartha sa dá dhlínse in 2016 agus rinneadh moltaí i dtaobh taighde bhreise ag eascairt as torthaí na tuarascála. Mar thoradh air sin, d'ullmhaigh an ITES (ESRI) trí pháipéar oibre a foilsíodh i mí Feabhra 2016:

Attitudes of the non-Catholic population in Northern Ireland towards the Irish Language in Ireland (An tOllamh Merike Darmody)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP524.pdf>];

Attitudes to Irish as a school subject among 13-year-olds (Na hOllaimh Emer Smyth agus Merike Darmody)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP525.pdf>];

Agus

Profile of second-level students exempt from studying Irish (Professors Merike Darmody and Emer Smyth)
[<https://www.esri.ie/pubs/WP527.pdf>].

On 21st September Nuala Ní Scolláin presented a paper to the Annual Conference of the European Federation of National Institutions for Language (EFNIL) which was held in Warsaw and discussed the theme of stereotypes and linguistic prejudices in Europe.

5.7 Organisational matters

Clár na Leabhar Gaeilge

A general meeting with the publishers was organised on the 25th May 2016. A specific workshop was organised with the mentors and new writers who were working under the Mentoring Scheme 2015 on the 3rd June 2016.

Clár na Leabhar Gaeilge's Committee met four times in 2016.

5.8 Promoting Foras na Gaeilge's organisational reputation

All of Foras na Gaeilge's projects received publicity, between the partnership approach, the schemes in the various areas of work, and the work in the publishing, lexicography and terminology areas.

The dictionary staff attended six conferences during the year. Presentations were made in two universities and six videos were created on YouTube:
www.youtube.com/channel/UCJk74Hd-Kd5k9784pB-xoTQ

Profile of second-level students exempt from studying Irish (Na hOllaimh Merike Darmody agus Emer Smyth)
[<https://www.esri.ie/pubs/WP527.pdf>].

Ar an 21 Meán Fómhair chuir Nuala Ní Scolláin páipéar i láthair na Comhdhála Bliantúla de chuid na Cónaidhme Eorpaí um Institiúidí Náisiúnta do Theangacha (EFNIL) a bhí ar siúl i Vársá agus a phléigh an téama faoi na steiréitíopaí agus faoin glaontacht teangeolaíochta san Eoraip.

5.7 Reáchtáil eagraíochtúil

Clár na Leabhar Gaeilge

Eagraíodh cruinniú ginearálta leis na foilsitheoirí ar an 25 Bealtaine 2016. Eagraíodh ceardlann faoi leith leis na hoidí agus na printísigh a bhí ag obair faoi Scéim na nOidí 2015 ar an 3 Meitheamh 2016.


Bhí ceithre chruinniú ag Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge le linn na bliana 2016.

5.8 Clú eagraíochtúil Fhoras na Gaeilge a chur chun cinn

Fuarthas poiblíocht ar thionscadail uile Fhoras na Gaeilge, idir chur chuige comhpháirtíochta, na scéimeanna sna réimsí éagsúla oibre agus an obair i réimsí na foilsitheoireachta, foclóireachta agus téarmaíochta.

D'fhreastail an fhoireann foclóireachta ar 6 chomhdháil le linn na bliana. Rinneadh cur i láthair in dhá ollscoil agus cruthaíodh 6 fhíseán ar YouTube: www.youtube.com/channel/UCJk74Hd-Kd5k9784pB-xoTQ





Accoont o Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Report of The Ulster-Scots Agency
Tuairisc ó Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Contents

Vision and Mission Statement 34

Chairman's Foreword 35

Review of the Year 37

Inspire 38

Educate 42

Empower 45

Improve 47

Clár

Fís agus Ráiteas Misin 34

Réamhrá an Chathaoirligh 35

Athbhreithniú ar an mBliain 37

Inspioráid 38

Oideachas 42

Cumasú 45

Feabhsú 47

Fís agus Ráiteas Misin

Vision

The vision of the Ulster-Scots Agency is that Ulster-Scots should flourish as a rich, vibrant and growing culture with a global legacy that is recognised at home and abroad.

Mission

The Ulster-Scots Agency will inspire, educate and empower people to understand and enjoy their Ulster-Scots identity, while working to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

In furtherance of the Mission, four strategic aims have been identified:

SA1 – Inspire

The Agency will identify, interpret and animate Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA2 – Educate

The Agency will work to ensure that learning about Ulster-Scots culture, heritage and language is integrated throughout the education system.

SA3 – Empower

The Agency will equip individuals and groups with knowledge and skills to engage with Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA4 – Improve

The Agency will work to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

Fís agus Ráiteas Mísín

Fís

Is é fís Ghníomhaireacht na hUltaise an Utais a bheith faoi bhláth mar chultúr saibhir, beoga agus fásmhar a bhfuil oidhreacht domhanda aige a aithnítear sa bhaile agus thar lear.

Misean

Tabharfaidh Gníomhaireacht na hUltaise inspioráid, oideachas agus cumas do dhaoine lena bhféiniúlacht Ultaise a thuiscint agus le taitneamh a bhaint aisti, ag obair go leanúnach ag an am céanna le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Leis an Misean a chur chun cinn aithníodh ceithre aidhm straitéiseacha:

AS1 – Inspioráid

Aithneoidh, léirmhíneoidh agus cuirfidh an Ghníomhaireacht i láthair oidhreacht, teanga agus cultúr na hUltaise.

AS2 – Oideachas

Oibreoidh an Ghníomhaireacht lena chinntiú go bhfuil foghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise comhtháite ar fud an chórais oideachais.

AS3 – Cumasú

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht do dhaoine aonaracha agus do ghrúpaí eolas agus scileanna le bheith páirteach in oidhreacht, teanga agus cultúr na hUltaise.

AS4 – Feabhsú

Oibreoidh an Ghníomhaireacht go leanúnach le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Chairman's Foreword

2016 was a busy year for the Agency, in which we were able to reach new audiences and achieve meaningful engagement within the community and education sectors.

Over the course of the year, the Discover Ulster-Scots Centre, which is managed by the Ulster-Scots Community Network, experienced an increase in the number of community groups visiting along with an increase in footfall from passing trade. The Centre has been supported by the Agency from its inception and we have also been able to form several new partnerships with other organisations to further increase its utility to the community.

The Agency delivered a wide ranging programme of activities promoting Ulster-Scots by organising and supporting a range of large scale public events. Highlights again included our Burns Night Concert in conjunction with the Ulster Orchestra. The event was a sell out at the Ulster Hall with over 900 people in attendance. Favourable press coverage reflected public support for this showcase event.

The Ulster-Scots Agency expanded its promotional agenda with attendance at Great Game Fairs of Ireland at Shane's Castle and Montalto Estate. These festivals incorporated country sports, culinary displays, transport and culture along with music and dance as part of their programmes. They ran over the course of two weekends and included Battle Re-enactments which highlighted the significance of the Ulster-Scots history of both Antrim and Ballynahinch. The popular Dalriada Festival at the Glenarm Estate in County Antrim again provided the Agency with an opportunity for outreach. We circulated more than 3000 pieces of literature and branded materials over the course of the two days to a receptive crowd.

The Agency officially launched the new C.S. Lewis Exhibition at the Linen Hall Library. This exhibition is drawn from a previous publication *C.S. Lewis and the Island of his birth* which was published by the Ulster-Scots Agency and Tourism Ireland in 2013. This event was an integral part of the programme for the C.S. Lewis Festival 2016, at which the Agency also launched three short films about the Belfast author.

Importantly, we continued to support a wide range of activity at grassroots level through funding for community groups. This delivers music and dance tuition, summer schools and community festivals amongst other activities. Developmental work and capacity building also remain central to our mission and this work continued apace through our funding of the Ulster-Scots Community Network. The USCN held 575 individual meetings with member groups offering guidance on funding opportunities, governance, event planning and training. The groups assisted were facilitated in accessing more than £500,000 of grant funding from a range of sources as a result which

Réamhrá an Chathaoirligh

Bliain ghnóthach don Ghníomhaireacht a bhí in 2016 inar éirigh linn pobail spéise nua a bhaint amach agus na hearnálacha pobail agus oideachais a mhealladh ar bhealach fiúntach.

Le linn na bliana tháinig méadú ar líon na ngrúpaí pobail a thug cuairt ar an Discover Ulster-Scots Centre atá á bhainistiú ag an Líonra Pobail Ultaise agus méadú ar líon na gcuariteoirí isteach ón tsráid.

Thacaigh an Ghníomhaireacht leis an Lár-Ionad ón tús agus d'éirigh linn chomh maith roinnt comhpháirtíochtaí nua a dhéanamh le cur lena thairbhe don phobal

Chuir an Ghníomhaireacht clár an-leathan gníomhaíochtaí ar fáil leis an Ultais a chur chun cinn trí raon leathan gníomhaíochtaí ar scála mór a eagrú nó trí thacú leo. I measc na mbuaicphointí arís bhí an Cheolchoirm Oíche Burns le Ceolfhoireann Uladh. Díoladh na ticéid ar fad don imeacht seo i Halla Uladh ar fhreastail breis is 900 duine air. Léirigh clúdach dearfach sna meáin an tacaíocht atá ag an bpobal don seóthaispeántas seo.

Chuir Gníomhaireacht na hUltaise dlús lena tiomantas don bholscaireacht trí fhreastal ar Mór-Aontaí Géime na hÉireann ag Caisleán Sheáin agus in Eastát Montalto. Sna féilte sin bhí spóirt tuaithe, bianna, gléasanna iompair, cultúr, ceol agus damhsa mar chuid dá gclár. Reáchtáladh iad thar dhá dheireadh seachtaine agus mar chuid díobh bhí Athléirithe Cathanna a léirigh tábhacht na staire Ultach-Albanaí in Aontroim agus i mBaile na hInse,

Deis eile don Ghníomhaireacht a bhí i bhFéile Dhál Riada, a raibh ráchairt mhór uirthi, ar Eastát Ghleann Arma, Contae Aontroma, teagmháil leis an bpobal. Dáileadh breis is 3000 bileog eolais agus ábhar brandáilte thar an dá lá arís ar phobal an-fháilteach.

Lainseáil an Ghníomhaireacht go hoifigiúil an taispeántas nua ar C.S. Lewis i Leabharlann an Líonhalla. Tá an taispeántas bunaithe ar fhoilseachán *C.S. Lewis and the Island of his Birth* a bhí foilsithe cheana ag Gníomhaireacht na hUltaise agus Turasóireacht Éireann in 2013. Bhí an imeacht seo ina dhlúthchuid de chlár Féile C.S. Lewis 2016 ag ar lánseáil an Ghníomhaireacht trí ghearrscannán faoin údar Béal Feirsteach seo.

Go han-tábhachtach, leanadh de bheith ag tacú le raon leathan gníomhaíochtaí ar an talamh trí ghrúpaí pobail a mhaoiniú. Soláthraíonn sé seo teagsasc ceoil agus damhsa, scoileanna samhraidh agus féilte pobail i measc gníomhaíochtaí eile. Tá obair fhorbartha agus cumasaithe lárnach i gcónaí dár misean agus leanadh den obair seo i gcónaí tríd an Líonra Pobail Ultaise (USCN) a mhaoiniú. Ghairm an USCN 575 cruinniú ar leith le ballgrúpaí le treoir a thabhairt dóibh i leith deiseanna maoinithe, cúrsaí rialacháin, pleanáil imeachtaí agus cúrsaí pleanála. Dá bharr sin cabhraíodh leis na grúpaí rochtain a fháil

illustrates the tangible benefit of this form of engagement with the community.

Demand for Ulster-Scots in schools around Ulster remains high. New initiatives were launched including the creation of learning resources focusing on Ulster-Scots Innovators and the delivery of a series of workshops during Ulster-Scots Science Week. Of course, this was in addition to the Agency's well established existing programmes.

On behalf of the Agency Board I would like to thank all those who contributed to our work in 2016. Together we have continued to improve awareness of and participation in Ulster-Scots and have fostered its growing reputation both at home and abroad.

*Keith Gamble
Chairman*

ar bhreis is £500,000 de mhaoiniú deontas ó raon foinsí, rud a léiríonn luach praiticiúil na teagmhála seo leis an bpobal.

Tá an t-éileamh ar an Ultais an-ard i gcónaí i scoileanna Uladh. I measc na dtionscnamh nua bhí áiseanna foghlama a bhí dírithe ar nuálaithe Ultach-Albanacha agus sraith ceardlanna le linn Seachtaine Eolaíochta Ultach-Albanáí. Ar ndóigh, bhí seo ann anuas ar chláracha seanbhunaithe na Gníomhaireachta.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dóibh siúd ar fad a thug cúnaimh dár gcuid oibre in 2016. Táimid i dteannta a chéile tar éis cur leis an bhfeasacht ar agus an comhpháirtíocht in imeachtaí Ultaise agus tar éis cur lena cáil i gcéin agus i gcóngar.

*Keith Gamble
Cathaoirleach*

Review of the Year

STRATEGIC THEMES

In its 2016 Business Plan the Agency identified the following strategic priorities for the year, in line with the final year of the Corporate Plan for 2014 - 16:

SA1 – Inspire

The Agency will identify, interpret and animate Ulster-Scots language, heritage and culture.

SA2 – Educate

The Agency will work to ensure that learning about Ulster-Scots culture, heritage and language is integrated throughout the education system.

SA3 – Empower

The Agency will equip individuals and groups with knowledge and skills to engage with Ulster-Scots heritage, language and culture.

SA4 – Improve

The Agency will work to continuously improve the governance, financial performance and customer focus of the organisation.

Athbhreithniú ar an mBliain

TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA

Ina Plean Gnó do 2016 d'aithin an Ghníomhaireacht na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas don bhliain, de réir an Phlean Chorparáidigh do 2014-16:

AS1 – Inspioráid

Aithneoidh, léirmhíneoidh agus cuirfidh an Ghníomhaireacht i láthair teanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise.

AS2 – Oideachas

Oibreoidh an Ghníomhaireacht lena chinntiú go bhfuil foghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga na hUltaise comhtháite ar fud an chórais oideachais.

AS3 – Cumasú

Tabharfaidh an Ghníomhaireacht do dhaoine aonaracha agus do ghrúpaí eolas agus scileanna le bheith páirteach in oidhreacht, teanga agus cultúr na hUltaise.

AS4 – Feabhsú

Oibreoidh an Ghníomhaireacht go leanúnach le rialachas, feidhmíocht airgeadais agus fócas ar chustaiméirí na heagraíochta a fheabhsú.

Inspire

At the Corn Exchange the Agency supported the Discover Ulster-Scots Centre in facilitating 30 group visits to the centre as part of its community development programme during 2016. Local people from various community, church, residential homes, school groups and associations were provided with an opportunity to visit the Discover Ulster-Scots Centre, to learn more about Ulster-Scots culture, heritage and language. The visits provided the chance to experience our cultural traditions via the delivery of Ulster-Scots music and dance displays. Talks were provided on the Hidden History of Belfast, The Life, Loves and Legacy of Robert Burns, The Weaver Poets, The Border Reivers, Ulster Folklore, Thomas Andrews and Titanic and general talks on Ulster-Scots culture, music and dance.

Outside the Ulster-Scots hub at the Corn Exchange, Belfast; the year got off to an exciting start with the Agency hosting the fifth annual Burns Concert in partnership with the Ulster Orchestra on Saturday 23rd January 2016. This traditional evening of music and spectacle at the Ulster Hall, Belfast featured well respected traditional musicians Phil Cunningham and Aly Bain.

The duo were joined by the Ulster Orchestra for a Burns Night concert that brought together musicians from the Ulster-Scots and Classical traditions. Joining the Ulster Orchestra on stage was Scottish singer Hannah Rarity, Phil Kids Choirs, the Ulster-Scots Agency Juvenile Pipe Band and the Market Hill Highland Dancers. Conducting the Ulster Orchestra was John Logan and the evening was presented by Dan Gordon. The event was a sell out at the Ulster Hall with over 900 people in attendance. Feedback received in relation to the event was that the programme was the strongest it has ever been with coverage in both the Newsletter and the Belfast Telegraph after the event.



The Ulster-Scots Agency Juvenile Pipe Band perform with the Ulster Orchestra at the 2016 Burns Concert at the Ulster Hall, Belfast

An tÓghanna Píob Ghníomhaireacht an hUltaise le Ceolfhoireann Uladh ag Ceolchoirm Oíche Burns i Halla Uladh

The Agency worked in Partnership with many organisations throughout 2016 which saw the Agency contribute £91,229, which attracted further funding from our partners. The Partnerships included a number of events held to mark the 700th anniversary of the Siege of Carrickfergus Castle by the Bruce's during their campaign in Ireland. On 4th and 5th June 2016 the Agency in

Inspioráid

Thacaigh an Ghníomhaireacht leis an Discover Ulster-Scots Centre trí 30 gcúairt a éascú do ghrúpaí ar an ionad mar chuid dá chlár forbartha pobail le linn 2016. Tugadh deis do dhaoine áitiúla ó ghrúpaí agus ó chumann éagsúla ón bpobal, eaglaisí, ionaid cónaithe scoileanna, cuairt a thabhairt ar an Discover Ulster-Scots Centre le tuilleadh a fhoghlaim faoi chultúr, oidhreacht agus teanga. Thug na cuairteanna an deis eispéireas a fháil ar ár dtraidisiúin chultúrtha trí thaispeántais cheoil agus damhsa Ultach-Albanacha a chur ar fáil. Tugadh cainteanna ar Hidden History of Belfast, The Life, Loves and Legacy of Robert Burns, The Weaver Poets, The Border Reivers, Ulster Folklore, Thomas Andrews agus Titanic agus cainteanna ginearálta ar an gcultúr, ceol agus damhsa Ultach-Albanach.

Taobh amuigh de mhol na hUltaise ag an Mhalartán Árbhair, Béal Feirste; cuireadh tús spleodrach leis an bhliain nuair a d'óstaigh an Ghníomhaireacht an cúigiú Ceolchoirm Burns i gcomhpháirt le Ceolfhoireann Uladh Dé Sathairn an 23 Eanáir 2016. I láthair ar an oíche thraidisiúnta cheoil agus thaispeántais i Halla Uladh, Béal Feirste, bhí na ceoltóirí traidisiúnta a bhfuil ardmheas orthu Phil Cunningham agus Aly Bain.

I gcuideachta na beirte bhí Ceolfhoireann Uladh fá choinne cheolchoirm Oíche Burns a thug le chéile ceoltóirí ó thraidisiún na hUltaise agus ón traidisiún chlasaiceach. I gcuideachta Ceolfhoireann Uladh ar an stáitse bhí an t-amhránaí Albanach Hannah Rarity, Phil Kids Choirs, Ógbhanna Píob Ghníomhaireacht na hUltaise agus Damhsóirí Garbhchríoch Chnoc an Mhargaidh. Ag stiúradh Ceolfhoireann Uladh bhí John Logan agus ba é Dan Gordon a chuir an ócáid i láthair. Díoladh amach an ócáid i Halla Uladh, le níos mó ná 900 duine i láthair. Ba é an t-aiseolas a fuarthas ar ais maidir leis an ócáid go raibh an clár ní ba láidre ná mar a bhí sé riamh, le tuairiscí sa Newsletter agus sa Belfast Telegraph ina dhiaidh.

D'oirbh an Ghníomhaireacht i gcomhpháirt lena lán eagraíochtaí i rith 2016, nuair a thug an Ghníomhaireacht £91,229, a tharraing tuilleadh maoinithe ónár gcomhpháirtithe. San áireamh sa chomhpháirt tionóladh imeachtaí le 700 bliain ó léigear Chaisleán Charraig Fhearghais ag na Brúsaigh le linn a bhfeachtais in Éirinn a chomóradh. Ar an 4 agus 5 Meitheamh 2016 d'óstaigh an Ghníomhaireacht, i gcomhpháirt le Comhairle Buirge Aontroma Láir agus Thoir agus Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, Féile mhórthaibhseach na mBrúsach; mór-imeacht dhá lá ag Caisleán Charraig Fhearghais, Príomhshráid agus Garraithe Muirí. Lean an t-imeacht ar aghaidh ón imeacht rathúil in 2015 a chuir le clár feabhsaithe 2016. Ar chlár 2016 bhí réimse imeachtaí meánaoiseacha agus siamsaíochta, lena n-áirítear seó mórthaibhseach giústála agus léiriú taibhseachta, athléirithe drámatúla, téatar sráide, seabhcóireacht, scéalaíocht thraidisiúnta, léirithe gabhann, boghdóireacht, ceardlanna troda meánaoisí agus siamsaíocht eile teaghlaigh.

Ceann de bhuaicphointí an imeachta bhí The Knights of Royal England, príomhfhoireann ghiústála na hEorpa. Chuir na Ridirí i láthair comórtas drámatúil giústála Dé Sathairn an 4 Meitheamh 2016 sna Garraithe Muirí a bhí ina mhórhaispeántas ridireachta, troid lámh le lámh, dúshláin ar dhroim capaill agus marcachas. Ag leanúint ón mhórsheó seo bhí taispeántas mórthaibhseachta ag an Chaisleán Dé Domhnaigh an 5 Meitheamh 2016. D'éirigh go han-mhaith leis an ócáid seo agus bhí timpeall 6,000 duine i láthair thar an dá lá.

D'oirbh an Ghníomhaireacht chomh maith i gcomhpháirt le Comhairle an hArda agus an Dúin Thuaidh ar a gclár samhraidh gníomhaireachtaí Ultaise dírithe ar pháistí ag Teachíní Rae na Ruacan i bPort an Ghiolla Ghruamaigh.

partnership with Mid and East Antrim Borough Council and the Northern Ireland Environment Agency (NIEA), hosted the spectacular Bruce Festival; a large scale two-day event at Carrickfergus Castle, Main Street and Marine Gardens, Carrickfergus. This event followed on from 2015's successful event which contributed to 2016's improved programme. The 2016 programme included a range of medieval events and related entertainment including a spectacular jousting show, pageantry performance, dramatic re-enactments, street theatre, falconry, traditional storytelling, blacksmith demonstrations, archery, medieval battle workshops and other family entertainment.

One of the highlights of the event featured The Knights of Royal England who are Europe's premier jousting team. The Knights conducted a dramatic jousting tournament on Saturday 4th June 2016 at Marine Gardens with an awesome spectacle of chivalry, hand to hand combat, mounted challenges and horsemanship. Following on from this spectacle was a pageantry display at the Castle on Sunday 5th June 2016. The event proved to be a success with attendance figures of approximately 6,000 over the two days.

The Agency also worked in partnership with Ards and North Down Borough Council on their summer programme of Ulster-Scots family orientated activities at Cockle Row Cottages in Groomspoint. The successful weekly programme of events ran throughout July and August. Events included Ulster-Scots music from local musicians Geordies Music Box, Risin' Stour and the Down and Out Bluegrass Band. Dance displays were provided by Bright Lights as well as piping displays by well-known piper Andy McGregor. In addition there were kids entertainment, falconry displays and workshops for archery and crafts which appealed to a wide demographic. Over the past 4 seasons the cottages and surrounding facilities have seen record numbers, in excess of 16,000 seasonally. Specifically in relation to the Ulster-Scots Agency supported event days (Sunday's in July & August) the figures averaged in excess of 2,000.

The Ulster-Scots Agency also partnered with Ards and North Down Borough Council on the provision of an Ulster-Scots day at Donaghadee. The Commons, Donaghadee saw a range of local restaurants and suppliers providing Ulster-Scots recipes and demonstrations during the day, followed by an evening performance by world renowned musicians Red Hot Chili Pipers. The concert saw some 8,000 people in attendance.



CEO Ian Crozier, with event organiser Albert Titterington at the launch of the Great Game Fairs of Ireland

Príomhshéidhmeannach Ian Crozier, le heagraí na hócáide Albert Titterington ag lainséail Mhór-Aontaí Géime na hÉireann

Lean an clár rathúil seachtainiúil imeachtaí i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa. I measc imeachtaí bhí ceol Ultach-Albanach ó na ceoltóirí áitiúla Geordies Music Box, Risin' Stour agus an Down and Out Bluegrass Band. Thug Bright Lights taispeántais damhsa agus thug an píobaire aitheanta Andy McGregor taispeántais phiobaireachta. Chomh maith leis sin bhí siamsaíocht ann do leanaí, taispeántais seabhcóireachta agus ceardlanna boghdóireachta agus ceardaíochta a thaitin lena lán daoine éagsúla. Sna 4 shéasúr seo a chuaigh thart bhí níos mó agus níos mó daoine ná riamh ann, níos mó ná 16,000 duine ann gach séasúr. Go sonrach, maidir le laethanta imeachta a fuair tacaíocht ó Ghníomhaireacht na hUltaise (Domhnaí i mí Iúil agus mí Lúnasa) bhí níos mó ná 2,000 ann.

Bhí Gníomhaireacht na hUltaise i gcomhpháirt chomh maith le Comhairle Buirge na hArdá agus an Dúin Thuaidh le lá Ultaise a thabhairt i nDomhnach Daoi. Ar an Choimín i nDomhnach Daoi chuir raon bialann agus soláthraithe oidis agus taispeántais Ultach-Albanacha ar fáil le linn an lae, agus ina dhiaidh sin bhí seó tráthnóna ag na ceoltóirí a bhfuil cáil dhomhanda orthu na Red Hot Chilli Pipers. Bhí timpeall 8,000 duine i láthair ag an cheolchoirm.



Red Hot Chilli Pipers, Domhnach Daoi
Red Hot Chilli Pipers, Donaghadee

Le linn Mheitheamh 2016 agus Mheán Fómhair 2016 bhí seóthaispeántas ag Gníomhaireacht na hUltaise ag Mór-aontaí Géime na hÉireann a bhí á reáchtáil i gCaisleán Sheáin agus in Eastát Montalto faoi seach.

Sna féilte bhí spóirt tuaithe, bianna, gléasanna iompair, cultúr, ceol agus damhsa mar chuid dá gcláir agus bhí seastán ag Gníomhaireacht na hUltaise ag an dá ócáid.

Mar chuid de na cláir chuir an lucht eagraithe ar fáil athléiriú de Chath Aontroima agus de Chath Bhaile na hInse, atá ar na codanna is spéisiúla agus is conspóidí de stair 1798 Chúige Uladh. Bhí na féilte ar siúl thar dhá dheireadh seachtaine le hathléirithe catha ar siúl sular thosaigh na príomhsheónna le haird a tharraingt ar thábhacht stair na hUltaise in Aontroim agus i mBaile na hInse.

Rinne príomhaisteoirí coimheascar i ngarraithe an Chaisleáin in Aontroim a athléiriú, iad ag úsáid éide, feisteas, prapaí agus arm a bhí foirfe i gcosúlacht le hatmaisféar foirfe a chruthú, agus bhí athléiriú eile ann i mBaile na hInse i Meán Fómhair inar chuir aisteoirí stad ar an tsráid siopadóireacht lena n-athléirithe.

During June 2016 and September 2016 the Ulster-Scots Agency showcased at the Great Game Fairs of Ireland which were run at Shane's Castle and Montalto Estate respectively.

The festivals incorporated country sports, foods, transport, culture, music and dance as part of their programme and the Ulster-Scots Agency had a stand at both events.

As part of the programming, organisers of the event staged re-enactments of the Battle of Antrim and the Battle of Ballynahinch which are some of the most colourful and contentious chapters of Ulster's 1798 history. The festivals ran over the course of two weekends with battle re-enactments taking place before the main shows began to highlight the importance of the Ulster-Scots history of both Antrim and Ballynahinch.

The re-enactment of a skirmish in Castle gardens, Antrim was recreated by leading players using picture-perfect uniforms, costumes, props and weaponry to create an authentic atmosphere, with a further re-enactment in Ballynahinch town in September which saw players bring the shopping street to a standstill with their recreations.

Both Game Fair & Fine Food Festivals were attended by around 20,000 people in both June and September.



*The Knights of Royal England jousting at the Bruce Festival, Carrickfergus
The Knights of Royal England ag giústáil ag Féile na mBrúsach, an Charraig
Fhearghais*

During July the hugely popular Dalriada Festival took place at the Glenarm Estate, County Antrim from 16th to 23rd July 2016. The festival programme included the Glenarm Castle Highland Games and the County Antrim Pipe Band Championships which featured numerous bands from across Northern Ireland and Scotland. The festival, which attracted in excess of 28,500 visitors across the week long duration was further enhanced by a selection of musical performances by traditional Ulster-Scots groups.

2016 was the highest attendance of people yet with the biggest days on the Saturday 16th July and Sunday 17th July. The Ulster-Scots Agency saw over 3,000 people provided with literature and branded materials at the tent over the course of the two days.

Bhí timpeall 20,000 duine i láthair ag an Aonach Géime agus ag Féilte Scothbhia i Meitheamh agus i Meán Fómhair.



*Lucht féachana ag amharc ar an stáitse ceoil ag Féile Dháil Riada
Audience watching the music stage at Dalriada Festival*

I mí Iúil bhí Féile Dháil Riada, a raibh ráchairt mhór uirthi, ar siúl ar Eastát Ghleann Arma, Contae Aontroma, ón 16 go dtí an 23 Iúil 2016. Ar chlár na féile bhí Cluichí Garbhchríoch Chaisleán Ghleann Arma agus Craobhchomórtais Bannaí Píob Chontae Aontroma ina raibh a lán bannaí ó fud fad Thuaisceart Éireann agus Alban. Cuireadh tuilleadh feabhais ar an fhéile, le rogha seónna ceoil ag grúpaí traidisiúnta Ultach-Albanacha. In 2016 bhí an líon ba mhó daoine riamh i láthair, agus ba iad na laethanta ba mhó Satharn an 16 Iúil agus Domhnach an 17 Iúil. Chuir Gníomhaireacht na hUltaise litríocht agus ábhair bhrandáilte ar fáil do níos mó ná 3,000 ag an phuball le linn an dá lá.

Bhí Oíche Chultúir Bhéal Feirste ar siúl ar an 16 Meán Fómhair 2016. Bhí an Gníomhaireacht páirteach, ag óstú ócáid Ultaise ag an Discover Ulster-Scots Centre mar chuid den mhórchlár gníomhaíochta ar siúl ar fud Cheathrú na hArdeaglaise agus na Cathrach. Bhí freastal an-mhaith ar an imeacht aon lae seo le timpeall 30,000 duine i láthair ag na céadta imeacht a bhí ar siúl i mBéal Feirste. Chuaigh timpeall 2,000 duine tríd an ionad agus sa cheantar mórtimpeall le hamharc ar an bhanna píob ag seinm le linn na hócáide.

Ag tarraingt ar dheireadh na bliana reáchtáil an Gníomhaireacht an tríú ceiliúradh bliantúil Lá Naomh Aindriú ag Caisleán Charraig Fhearghais Dé Sathairn an 3 Nollaig 2016. San imeacht aon lae seo bhí clár iomlán gníomhaíochtaí dírithe ar theaghlaigh, ag cuimsiú athléirithe Ultaise, píobaireacht, ceol agus damhsa traidisiúnta, bia traidisiúnta Ultach-Albanach, léiriú seabhcóireachta, troid claimhte, boghdóireacht, ceardlanna ceardaíochta traidisiúnta agus scéalaíocht. Thug an ócáid 560 duine go Caisleán Charraig Fhearghais don ócáid ceithre uaire an chloig agus glacadh go han-mhaith le haiseolas le gach teaghlach a bhí i láthair agus na daoine go léir a tháinig ar son an cheoil.

Ar deireadh, lainseáil Gníomhaireacht na hUltaise go hoifigiúil an taispeántas nua ar C.S. Lewis i Leabharlann an Líonhalla Dé Máirt an 2 Samhain 2016. San áireamh san ócáid seo bhí caint ag saineolaí ar C.S. Lewis, Sandy Smith, agus réamhrá ag príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht na hUltaise, Ian Crozier.

Belfast Culture Night took place on 16th September 2016. The Agency got involved by hosting an Ulster-Scots event at the Discover Ulster-Scots Centre as part of the greater programme of activity taking place across the Cathedral Quarter and Belfast. This one-day event was very well attended with around 30,000 people attending the hundreds of events held in Belfast. The Agency had approximately 2,000 people through the centre and in the surrounding area outside to see the pipe band perform during the course of the event.

In the run up to year end the Agency ran the third annual St Andrew's Day Celebration at Carrickfergus Castle on Saturday 3rd December 2016. This one-day event included a full programme of family orientated activities including Ulster-Scots re-enactments, piping, traditional music and dance, traditional Ulster-Scots food, falconry displays, sword fighting, archery, traditional craft workshops and storytelling. The event brought 560 people to Carrickfergus Castle for the four hour event and feedback was very well received by all families who attended and those who came for the music.

Finally, the Ulster-Scots Agency officially launched the new C.S. Lewis Exhibition at the Linen Hall Library on Tuesday 2nd November 2016. The event included a talk by C.S Lewis expert Sandy Smith and an introduction by Ulster-Scots Agency Chief Executive, Ian Crozier.

The exhibition is drawn from Sandy Smith's previous publication C.S. Lewis and the Island of his birth which was published by the Ulster-Scots Agency and Tourism Ireland in 2013.

The exhibition ran in the Linen Hall Library until 30th November 2016 and is currently touring through various venues in Northern Ireland. As part of a larger CS Lewis themed project and part of the programme for the C.S. Lewis Festival 2016, the Ulster-Scots Agency launched three short films about C.S. Lewis at the Strand Arts Centre on Saturday 19th November.

The films were prepared by Heritage Experience, a local Larne-based social enterprise company in association with the Ulster-Scots Agency and Macmillan Media. The screening of the films was a celebration of Lewis's links to Belfast and Northern Ireland; together they ask important questions about how it shaped Lewis's early life. The screenings provided an opportunity for over 50 people to see the short C.S Lewis films as part of the Festival.

Tarraingíonn an taispeántas ó fhoilseachán de chuid Sandy Smith roimhe seo, C.S. Lewis and the Island of his birth, a d'fhoilsigh Gníomhaireacht na hUltaise agus Tourism Ireland in 2013.

Bhí an taispeántas ar siúl i Leabharlann an Líonhalla go dtí an 30 Samhain 2016 agus tá sé ar camchuart faoi láthair trí ionaid éagsúla i dTuaisceart Éireann. Mar chuid de mhórhionscadal le téama C.S. Lewis agus mar chuid den chlár d'Fhéile C.S. Lewis 2016 lainseáil Gníomhaireacht na hUltaise trí ghearrscannán faoi C.S. Lewis ag an Strand Arts Centre Dé Sathairn an 19 Samhain.

Ba é Heritage Experience, comhlacht fiontraíochta sóisialta atá lonnaithe i Latharna, a d'ullmhaigh na scannáin i gcomhar le Gníomhaireacht na hUltaise agus Macmillan Media. Ba cheiliúradh é taispeáint na scannán ar naisc C.S. Lewis le Béal Feirste agus le Tuaisceart Éireann; le chéile cuireann siad ceisteanna tábhachtacha faoi cad é mar a mhúnlaigh siad tús shaol Lewis. Thug na taispeántais scannáin deis do níos mó ná 50 duine na gearrscannáin ar C.S. Lewis mar chuid den Fhéile.

Educate

The Education Team have had a very busy and productive year. Education has continued to flourish in the sector with continued high uptake of our programs and activities. In a year where the Agency has endured a staff shortage the team achieved their business plan targets. Funding was provided in this area of £325,432.

Touring Educational Drama

This year the Touring Educational Drama focussed on the centenary of the Battle of the Somme. Fermanagh based company, Class Act Drama, developed the script of the Philip Orr play, “Wae A Heart An A Hauf” which dealt with the human tragedy of the battle. The drama called for research by the primary schools invited to attend the productions and four locations were chosen for the performances:

- The Somme Heritage Museum, Conlig
- Cavan County Museum, Ballyjamesduff
- Mossley Mill, Newtownabbey
- Fort Dunree, Co Donegal

A total of 32 primary schools attended the four days’ performances of the play, the principal actors / actresses being drawn from the Drama Faculty of the SW College in Enniskillen. This constituted approximately 1,500 pupils and staff from throughout the nine counties. The drama was also taught to pupils in six post primary schools, all of whom put on a production of it under the guidance of Class Act Drama. The feedback from staff and pupils was positive and enthusiastic as the drama covered an essential time in our history that is not adequately addressed in schools.

After School Clubs

Although the After School Clubs have been offered to primary schools since 2008, 2016 showed an unprecedented demand for the product. Schools are offered an eight week course held once a week for a minimum of one hour and the Agency supplies tutors for the first seven classes. These classes may include the Ulster-Scots language, Lambeg, Fife / Tin Whistle, Drama, Highland Dance, Piping, Fiddle, Scottish Country Dance, Snare Drumming and Living History. The eighth class is reserved for the teacher in charge to take the lead where learning outcomes can be gauged and the pupils and staff can decide if they should enrol in our Flagship School Programme. We have an annual target of 30 After School Clubs yet such was the demand this year that the 30 places had been filled and a number of clubs booked for 2017. The After School clubs provide taster sessions in the above themes and is regarded as the first step towards further engagement with the Agency in the field of education.

Our Innovators Resource Development

The Agency worked alongside Morrow Communications to create learning resources focusing on Ulster-Scots Innovators. The concept of ‘Innovation’ was widened to include social innovation as well as more traditional technical / mechanical innovations. The aims were to teach children about some of the great Ulster-Scots legacies. The resource pack for each Ulster-

Oideachas

Bhí bliain ghnóthach agus tháirgiúil ag an fhoireann oideachais. Bhí bláth i gcónaí ar oideachas san earnáil, le héileamh mór leanúnach ar ár gclár agus imeachtaí. I mbliain inar fhulaing an Ghníomhaireacht ganntanas foirne d'éirigh leis an fhoireann spriocanna a bplean gnó a chur i gcrích. Cuireadh maoiniú £325,432 ar fáil sa réimse seo.

Drámaíocht Oideachasúil Chamchuarite

I mbliana dhírigh an Drámaíocht Oideachasúil Chamchuarite ar chomóradh céad bliain Chath an Somme. D'fhorbair compántas atá lonnaithe i bhFear Manach, Class Act Drama, script dhráma Philip Orr, “Wae a Heart An A Hauf”, a phléigh le tragóid dhaonna an chatha. Leis an dráma a dhéanamh b'éigean taighde a dhéanamh sna bunscoileanna ar iarradh orthu freastal ar na léirithe agus roghnaíodh ceithre láthair leis an dráma a chur i láthair:

- Iarsmalann Chath Oidhreacht an Somme, An Choinleic.
- Iarsmalann Chontae an Chabháin, Baile Shéamais Dhuibh
- Muileann Mhaslaí, Baile Nua na Mainistreach
- Dún Riabhach, Co. Dhún na nGall

Bhí 32 bhunscoil ar fad i láthair ag léirithe an dráma ar feadh ceithre lá. Tháinig na príomhaisteoirí ó Dhámh na Drámaíochta sa Choláiste Thiar Theas in Inis Ceithleann. Is ionann seo agus timpeall 1,500 dalta agus ball foirne ó na naoi gcontae ar fad. Teagascadh an dráma chomh maith do dhaltai i sé iar-bhunscoil, agus chuir siad go léir léiriú de ar siúl faoi threoir Class Act Drama. Bhí an t-aiseolas ó bhaill foirne agus ó dhaltai dearfach agus díograiseach mar chláir an dráma am riachtanach inár stair nach dtugtar aghaidh air mar is ceart i scoileanna.

Clubanna Iarscoile

Cé go bhfuil clubanna iarscoile á dtairiscint do bhunscoileanna ó 2008 i leith, bhí éileamh nach bhfacthas a leithéid riamh ar an táirge in 2016. Thairg scoileanna cúrsa ocht seachtaine uair sa tseachtain ar feadh uair an chloig ar a laghad agus cuireann an Ghníomhaireacht teagascóirí ar fáil do na chéad seacht rang. Féadann na nithe seo a leanas a bheith sna ranganna: drumma Lann Beag, fíf, feadóg stáin, drámaíocht, damhsa garbhchríoch, píobaireacht, fídl, damhsa tuaithe na hAlban agus stair bheo. Fágтар an t-ochtú rang don mhúinteoir i bhfeighil dul ina bhun mar ar féidir torthaí foghlama a mheas agus is féidir le daltaí agus baill foirne a shocrú ar chóir dóibh clárú inár gClár Suaitheantais Scoileanna. Tá sprioc bhliantúil againn 30 club iarscoile a bheith ann agus bhí an t-éileamh chomh mór i mbliana gur líonadh na 30 spás agus tá cuid clubanna in áirithe do 2017. Tugann na clubanna iarscoile réamhbhlaiseadh ar na téamaí seo thuas agus breathnaítear orthu mar an chéad chéim i dtreo níos mó rannpháirtíochta leis an Ghníomhaireacht i réimse an oideachais.

Forbairt Áiseanna faoinár Nuálaithe

D'oibrigh an Ghníomhaireacht taobh le Morrow Communications le hacmhainní foghlama a chruthú a dhíríonn ar nuálaithe Ultach-Albanacha. Leathnaíodh an coincheap ‘nuálaíocht’ le nuálaíochtaí sóisialta chomh maith le nuálaíochtaí traidisiúnta teicniúla/meicniúla a chur san áireamh. Ba iad na

Scots innovator includes a story video, a teachers lesson plan, interactive activity ideas and signposting for further research and information, in addition, all of the resources were approved by the Council for the Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA). Six schools were selected and each school created a short video to tell the story of one Ulster-Scots innovator each. The schools and their respective Ulster-Scots innovators are:

1.	Margaret Byers	Victoria College Preparatory School
2.	Amy Carmichael	Millisle Primary School
3.	John Boyd Dunlop	Cregagh Primary School
4.	Harry Ferguson	Derryboy Primary School
5.	Lord Kelvin	Larne and Inver Primary School
6.	Professor Pantridge	Forthill Integrated Primary School

The resource was launched in the Long Gallery in Parliament Buildings on the 21st September 2016. Over 100 school children attended the launch with a small number of children speaking about their personal experiences and learning. Minister for Education Peter Weir spoke at the launch stressing the importance of including Ulster-Scots within the teaching curriculum, as did the Minister for the Department of Agriculture and Rural Development (DARD) Michelle Mc Ilveen who also highlighted the vast legacy and great importance world-wide of the inventions of many Ulster-Scots, something which should be celebrated by all. Following the success of the resource, work has already begun on the second e-learning tool in the series with funding by the Ulster-Scots Broadcast Fund. ‘Our Artists: An Ulster-Scots Legacy’ will examine the lives of six local artists with Ulster-Scots connections. Catering to the needs of Key Stage 2, it will also feature children from local primary schools.

Ulster-Scots Pilot Science Week

The Agency organised the first ever Ulster-Scots Science Week which was held from 23rd – 27th May 2016. Science to Life, AKA ‘Scientific Sue’, delivered a number of workshops in schools focusing on:

- Lord Kelvin, studying gases, liquids, energy and the Kelvin scale with the class resulting in the class being enabled to make their own ice-cream;
- Harry Ferguson, looking at the physics of forces before children made their own balloon powered tractor;
- Professor Pantridge, learning about electricity, electrons, voltage, conductors and insulators with the class before they each made their own vibrating monster pet;
- John Boyd Dunlop, teaching about the Law of Conservation of Energy, gravity, motion and energy changes before the children made their own pneumatic monsters.

Due to the success of this pilot programme, the Agency tendered for the development of further science lesson plans for schools, again Science to Life were successful in winning the tender. This programme involves development of 20 lesson plans as well as travelling science show for 10 venues in early 2017.

haidhmeanna leanáí a theagasc faoi chuid de na hoidhreachtaí móra Ultach-Albanacha. San áireamh sa phacáiste acmhainní do gach nuálaí Ultaise tá físeán scéil, plean ceachta múinteora, smaointe idirghníomhach gníomhaíochta agus eolas faoi thuilleadh taighde agus eolais, chomh maith, agus bhí na hacmhainní go léir faofa ag an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA). Roghnaíodh sé scoil agus chruthaigh siad ar fad físeán gairid le scéal duine de nuálaithe Ultach-Albanacha a ríomh. Is iad na scoileanna agus a nuálaithe faoi seach:

1.	Margaret Byers	Victoria College Preparatory School
2.	Amy Carmichael	Millisle Primary School
3.	John Boyd Dunlop	Cregagh Primary School
4.	Harry Ferguson	Derryboy Primary School
5.	Lord Kelvin	Larne and Inver Primary School
6.	Professor Pantridge	Forthill Integrated Primary School

Lainseáladh na hacmhainní sa Ghailearaí Fhada i dTíthe na Parlaiminte ar an 21 Meán Fómhair 2016. Bhí níos mó ná 100 dalta scoile i láthair ag an lainseáil le líon beag leanáí ag caint faoina n-eispéireas agus faoina bhfoghlaim phearsanta. Labhair an tAire Oideachais, Peter Weir, ag an lainseáil, ag leagan béime ar an tábhacht a bhaineann leis an Ultais taobh istigh den churaclam teagasc, mar a rinne an tAire don Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe (DARD) Michelle McIlveen, a leag béim chomh maith ar oidhreacht ollmhór agus ar thábhacht mhór aireagáin a lán Ultach Albanach, rud is cóir do chách a cheiliúradh. De bharr rath na hacmhainne seo tá obair tosaithe cheana féin ar an dara huirlis ríomhfhoghlama sa tsraith le maoiniú ó Chiste Craoltóireachta na hUltaise. Scrúdóidh ‘Ar nEalaíontóirí: Oidhreacht Ultach-Albanach’ saol seisear ealaíontóirí áitiúla a bhfuil naisc acu leis an Ultais. Freastalóidh sé ar riachtanais Eochairchéim 2, agus beidh leanáí ó bhunscoileanna áitiúla ag glacadh páirte ann.

Seachtain Eolaíochta Phíolótach Ultach-Albanach

D'eagraigh an Ghníomhaireacht an chéad Seachtain Eolaíochta Ultach-Albanach a bhí ar siúl ón 23 - 27 Bealtaine 2016. Thug Science to Life, nó ‘Scientific Sue’, ceardlanna i scoileanna, ag díriú ar:

- An Tiarna Kelvin, ag déanamh staidéir ar gháis, leachtanna, fuinneamh agus scála Kelvin leis an rang, leis an toradh air go raibh an rang in ann a gcuid uachtar reoite féin a dhéanamh;
- Harry Ferguson, ag amharc ar fhisic na bhfórsaí sula ndearna páistí a dtarracóir féin le cumhacht balúin;
- An tOllamh Pantridge, ag foghlaim faoin leictreachas, leictreoin, voltas, seoltóirí agus inslítheoirí leis an rang sula ndearna siad a bpeata creathach ollphéiste féin;
- John Boyd Dunlop, ag teagasc faoin dlí imchoimeád an fhuinnimh, domhantarraingt, gluaisne agus athruithe fuinnimh sula ndearna na páistí a n-ollphéisteanna neomatacha féin.

Mar gheall ar an rath a bhí ar an gclár píolótach seo, chuir an Ghníomhaireacht tairiscint amach faoi choinne tuilleadh ceachtphleananna eolaíochta do scoileanna. Arís, d'éirigh le Science to Life an tairiscint a bhaint. Sa chlár seo tá 20 ceachtphlean chomh maith le seó eolaíochta camchuartha do 10 n-ionad go luath in 2017.

Celebration of Ulster's VC Winners



The Ulster-Scots Agency produced Ulster's V.C. Heroes as part of a Great War project. These posters were supplied to all schools across the nine counties of Ulster during June 2016 with additional copies issued to museums, libraries and the public. Each poster set includes: one poster of Ulster's V.C. Winners; and one of the famous James Prinsep Beadle painting of the 36th Ulster Division. Existing portrait images of the V.C winners were of poor quality and so a complete, stylistically consistent, set of illustrations was commissioned to show the men in full uniform. The Agency worked with an expert illustrator and a military historian, so these are the most authentic depictions of the servicemen. The men themselves came from Donegal, Cavan and Monaghan, as well as the counties of present-day Northern Ireland and some were born in England of Ulster parentage. A brief description is given of each man's place of birth, and of the act of bravery which caused them to be awarded the Victoria Cross. Originally 2,000 poster sets were printed but a further print run of another 2,000 was required to meet overwhelming demand. All 4,000 poster sets have been distributed.

Ceiliúradh ar Bhuaiteoirí VC Chúige Uladh

Thairg Gníomhaireacht na hUltaise Laochra V.C. Chúige Uladh mar chuid de thionscadal an Chogaidh Mhóir. Cuireadh na póstaer seo ar fáil do gach scoil ar fud naoi gcontae Uladh le linn mhí an Mheithimh 2016 le cóipeanna breise eisithe go hiarsmalanna, leabharlanna agus an pobal. I ngach tacar póstaer tá: póstaer amháin de bhuaiteoirí V.C. Chúige Uladh; agus ceann den phictiúr cáiliúil le James Prinsep Beadle de 36ú Rannán Uladh. Bhí droch-chaighdeán ag baint le pictiúir de na buaiteoirí V.C. agus mar sin coimisiúnaíodh tacar iomlán de phictiúir le stíl leanúnach leis na fir a léiriú faoi éide iomlán. D'oibrigh an Gníomhaireacht le sainléiritheoir agus staraí míleata, mar sin is iad seo na léirithe is údaraí de na saighdiúirí. Tháinig na fir féin as Dún na nGall, an Cabhán agus Muineachán, chomh maith le contaetha Thuaisceart Éireann mar atá anois, agus rugadh cuid acu i Sasana le tuismitheoirí ó Chúig Uladh. Tugtar cur síos achomair ar an áit ar rugadh gach duine acu, agus an gníomh cróga ba chúis le Cros Victoria a bhronnadh orthu. Cuireadh 2,000 tacar póstaer i gcló ar dtús ach b'éigean 2,000 a chló le riar ar an éileamh ollmhór a bhí ann. Tá na 4,000 tacar póstaer ar fad scaipthe.

Empower

In 2016, the Ulster-Scots Agency funded Ulster-Scots groups with a total investment of £1,327,998.

Groups were funded £297,336 for Ulster-Scots Music and Dance Tuition and small one off events during 2016. A total of 123 community and voluntary groups received funding for the delivery of Ulster-Scots Music and Dance Tuition in 2016. Out of the 123 groups, 96 delivered a programme of music tuition over a 20 week period and 27 delivered a programme of dance tuition over a period of 30 weeks.

Community based Ulster-Scots festivals attracted funding of £84,073 during 2016. These festivals included the Maiden City Festival, Carrickfergus Pageant, Reivers Festival, Kilkeel and the Banntastic Festival which all seen large turnouts and received much praise.

The Agency continued to provide support to three Ulster-Scots Community Impact projects during 2016 with funding of £98,805. This resulted in a full-time Ulster-Scots Development Officer being employed within a specific geographical area. This programme aims to build the confidence and capacity of the Ulster-Scots Community while raising awareness of Ulster-Scots within the wider community. The three groups funded were the Schomberg Society, based in Kilkeel and working in the Mourne area of County Down; Small Steps Adult Education Group, based and working in North Belfast; and Derry and Raphoe Action based in Newtown Stewart and working in West Tyrone. In addition to developing capacity within each target area, the projects also engaged with our Education Dept to promote a variety of Ulster-Scots activities in schools

Community showcases of music and dance were popular over the year also and attracted funding of £32,315 with groups hosting Hogmanay evenings, Burns events, World War I lectures and Highland dance days across Ulster. This included supporting 12 showcase events in care homes, specifically targeting care home residents suffering from dementia.

Building upon the East Donegal Heritage trail and Heritage Day in 2015, the Agency organised a week long East Donegal Ulster-Scots Heritage week. Eight events were delivered over a six day period, providing an opportunity to engage with the local community and encouraging visitors into East Donegal. The Heritage week events attracted in excess of 2,000 visitors to Raphoe.

The Agency supported a number of events to mark the centenary of the Battle of the Somme including a public event in Raphoe during which a 1st World War memorial bench was unveiled by the County Mayor in memory of local young men from the district who died on the 1st July 1916. The total funding in the East Donegal area was £24,076.

The Agency worked with the Ulster History Circle to deliver a series of Blue Plaques around Ulster celebrating pivotal figures from Ulster-Scots history contributing £8,000. The Blue Plaque unveilings included **Thomas Sinclair** who was a prominent business man, philanthropist, Presbyterian and Unionist at the fore of life in Belfast. The Agency was delighted to be involved in the commemoration of this leading citizen at the historic church Sinclair Seaman's where he was the long-serving Honorary Treasurer. **Eric Bell V.C.** was commemorated exactly 100 years to the day his valour won him the Victoria Cross in World War I. The blue plaque was placed on his birthplace in Enniskillen.

Cumasú

In 2016 mhaoinigh Gníomhaireacht na hUltaise grúpaí Ultach-Albanacha le deontas infheistíochta arbh fhiú £1,327,998 é.

Maoiníodh £297,336 do ghrúpaí le ceol agus damhsa Ultach-Albanach a theagasc agus le haghaidh imeachtaí beaga aonuaire le linn 2016. Fuair 123 ghrúpa pobail agus dheonacha ar fad maoiniú le teagasc ceoil agus damhsa Ultach-Albanach a chur ar fáil in 2016. As as 123 grúpa sin, chuir 96 acu ar fáil clár teagaise ceoil thar thréimhse 20 seachtain agus chuir 27 acu ar fáil clár teagaise damhsa thar thréimhse 30 seachtain.

Mheall féilte pobalbhunaithe Ultaise maoiniú £84,073 le linn 2016. I measc na bhféilte seo bhí Féile na hÓghchathrach, Tóstal Charraig Fhearghais, Féile na gCreachairí, Féile Chill Chaoil agus Banntastic a raibh líon mór daoine i láthair acu go léir agus a fuair moladh go leor.

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag cur tacaíochta ar fáil do thrí thionscadal Ultaise tionchair pobail le linn 2016 le maoiniú £98,805. De thoradh air sin fostaíodh Oifigeach Forbartha Ultaise lánaimseartha, fostaithe taobh istigh de cheantar geografach ar leith. Tá sé d'aidhm ag an chlár seo muinín agus cumas phobal na hUltaise a mhéadú agus ag an am chéanna feasacht a mhúscailt ar an Ultais sa mhórphobal. Is iad na trí ghrúpa a maoiníodh Cumann Schomberg, bunaithe i gCill Chaoil agus ag obair i gceantar Mhúrn i gContae an Dúin; Grúpa Céimeanna Beaga Oideachais d'Aosaigh, bunaithe agus ag obair i mBéal Feirste Thuaidh; agus Gníomhaíocht Dhoire agus Ráth Bhoth bunaithe ar an Bhaile Nua agus ag obair i dTír Eoghain Thiar. Chomh maith le cumas a fhorbairt i ngach sprioc-cheantar, d'oibrigh na tionscadail lenár roinn oideachais le réimse imeachtaí Ultaise a chur ar fáil i scoileanna.

Bhí ráchairt ar mhórhaispeántais phobail cheoil agus damhsa i rith na bliana chomh maith agus a mheall maoiniú £32,315, le grúpaí ag óstáil Oíche na Seanbhliana, ócáidí Burns, léachtaí ar an Chéad Chogadh Domhanda agus damhsa garbhchríoch ar fud Uladh. Ina measc seo bhí tacaíocht ann do 12 imeacht taispeántais in ionaid chúraim, ag díriú go sonrach ar áitritheoirí in ionaid chúraim atá ag fulaingt le néaltrú.

Ag tógáil ar chonair oidhreachta Dhún na nGall Thoir agus an Lá Oidhreachta in 2015, d'eagraigh an Gníomhaireacht Seachtain Oidhreachta Ultaise Dhún na nGall Thoir. Cuireann ocht n-imeacht ar fáil thar thréimhse sé lá, ag tabhairt deise le bheith ag obair leis an phobal áitiúil agus cuairteoirí a spreagadh go Dún na nGall Thoir. Mheall an tSeachtain Oidhreachta níos mó ná 2,000 cuairteoir go Rath Bhoth.

Thacaigh an Gníomhaireacht le cuid imeachtaí le céad bliain ó bhí Cath an Somme ann a chomóradh, lenar áiríodh ócáid phoiblí i Rath Bhoth nuair a nocht Méara an Chontae binse i gcuimhne an 1ú Chogadh Domhanda, i gcuimhne na bhfear óg ón cheantar a fuair bás ar an 1 Iúil 1916. Ba é an maoiniú iomlán i gceantar Dhún na nGall Thoir £24,076.

D'oibrigh an Gníomhaireacht le Ciorcal Staire Uladh le sraith de Phlaiceanna Gorma a chur ar fáil timpeall Uladh ag ceiliúradh pearsana tábhachtacha ó stair na hUltaise, ag tabhairt £8,000. I measc na bplaiceanna gorma a nochtadh bhí ceann ann i gcuimhne Thomas Sinclair, a bhí ina fhear gnó mór le rá, daonchara, Preispitéireach agus Aontachtaí ar thús cadhnaíochta an tsaoil i mBéal Feirste. Bhí lúcháir ar an Gníomhaireacht a bheith páirteach i gcomóradh an mhór-shaoránaigh seo san eaglais stairiúil Sinclair Seaman's' mar a raibh sé ina chisteoir oinigh ar feadh i bhfad. Rinneadh comóradh ar Eric Bell V.C. go díreach 100 bliain is an lá ar ghnóthaigh a chrógacht Cros Victoria dó sa Chéad Chogadh Domhanda. Cuireadh an phlaic ghorm suas san áit ar rugadh é in Inis Ceithleann.

Various other projects in the community were undertaken with funding of £35,404, this included Discover Ulster-Scots taster courses and various projects highlighting historical relevance in the community such as the Dervock project which demonstrates the direct links with American Presidents and Ulster.

Core-funded Groups

Investment of £331,328 was committed to core funded groups undertaking Ulster-Scots activities. The Ulster-Scots Community Network (USCN) is in the Corn Exchange Hub and manages the Discover Ulster-Scots Centre. The USCN assisted member groups to design and deliver projects and secure necessary funding support in excess of £500k. They further provided an advice service for 575 groups with one to one sessions with members on a range of relevant issues.

The USCN delivered 11 geographically diverse information sessions by way of a grant applicant support programme focusing on the Ulster-Scots Agency Festival and Music & Dance tuition funding schemes.

Governance is high on the Agency's agenda and the USCN provided practical guidance and advice regarding governance arrangements including creation of relevant policies to 59 groups.

An important service that the USCN also deliver was an Access NI service to 170 USCN member groups.

Monreagh continued to support the development of Ulster-Scots through a range of workshops, events, Ulster-Scots themed exhibitions. The centre staged 11 different events throughout the year ranging from Fiddle Classes, Heritage tours, Conferences and Workshops on Genealogy and the flax and linen industry in Donegal.

One of their objectives is to attract tourists into the North West region of Ulster through the centre. During the year the centre seen some upgrading with the President's suite being redesigned and officially opened by local politicians. Monreagh also upgraded the Family History Suite and completed funding applications to attract funding from other sources for further educational resources.

The provision of educational resources for students from primary, secondary and tertiary levels students was continued to assist with the discovery and research into Ulster-Scots history, culture and language. The 'Days of Laggan' educational resource pack revised and reprinted, and a short film documenting sowing and harvesting of flax was produced.

The Agency continued to support the Ulster-Scots Agency Juvenile Pipe Band which offers tuition to young people in four outreach centres, Cookstown, Clogher, Belfast and Raphoe. In excess of 150 young people attended these classes during 2016 learning to pipe and drum. The Ulster-Scots Agency Juvenile Pipe Band has performed at over 30 events during the year including a celtic festival in France.

The Financial Assistance Scheme (FAS) other funding also supported the Scottish Country Dance 70th year celebrations with a year-long programme of events. The Agency also engaged Also Mid Armagh Community Network on a year long Music and Dance tuition programme and the Brunswick Accordion Band Somme Centenary project – Annalong Remembers booklet.

Tugadh faoi tionscadail éagsúla eile sa phobal le maoiniú £35,404. Ina measc seo bhí réamhchúrsaí Aimsigh Ultais agus tionscadail éagsúla a tharraing aird ar bhainteacht stairiúil sa phobal, lena n-áirítear tionscadal Dhearbhóg a léiríonn na naisc dhíreacha idir uachtaráin Mheiriceá agus Cúige Uladh.

Grúpaí Bunmhaoinithe

Tiomnaíodh infheistíocht arbh fhiú £331,328 é do ghrúpaí bunmhaoinithe ag gabháil de láimh gníomhaíochtaí Ultaise. Tá Líonra Pobail Ultaise (USCN) i Moll an Mhalartáin Árbhair agus bainistíonn siad an Discover Ulster-Scots Centre. Chuidigh an USCN le ballghrúpaí tionscadail a dhearadh agus a chur i gcrích agus tacaíocht mhaoinithe riachtanach níos mó ná £500K a fháil. Thug siad seirbhís comhairle ar fáil do 575 ghrúpa le seisiúin duine le duine le baill ar réimse ceisteanna bainteacha.

Thug an USCN 11 seisiún eolais in áiteanna éagsúla trí chlár tacaíochta i leith iarratas ar dheontas, ag díriú ar Fhéile na hUltaise agus maoiniú do scéimeanna ceoil agus damhsa.

Tá rialachas ard ar chlár oibre na Gníomhaireachta agus thug an USCN treoir phraiticiúil agus comhairle i leith socruithe rialachais lena n-áirítear polasaithe atá bainteach do 59 ghrúpa a chruthú.

Seirbhís thábhachtach a thugann an USCN chomh maith is é seirbhís Access NI do 170 ballghrúpa USCN.

Bhí Moin Riabhach go fóill ag tacú le forbairt na hUltaise trí réimse ceardlanna, imeachtaí agus taispeántas le téama na hUltaise. San ionad bhí 11 imeacht éagsúla i rith na bliana; ranganna fidle, turais oidhreacht, comhdhálacha agus ceardlanna ar ghinealas agus tionscal an lín agus an líoneádaigh i nDún na nGall.

Ceann dá gcuspóirí is ea turasóirí a mhealladh go dtí iarthuaisceart Chúige Uladh tríd an ionaid. Le linn na bliana rinneadh uasghrádú ar an ionad, le athdhearadh ar Sheomra an Uachtaráin agus a d'oscail polaiteoirí go hoifigiúil. Rinne Moin Riabhach uasghrádú chomh maith ar an tSeomra Staire Teaghlaigh agus chríochnaigh siad iarratais ar mhaoiniú le maoiniú a mhealladh ó fhoinse eile faoi choinne tuilleadh acmhainní oideachais.

Bhí soláthar acmhainní oideachasúla do mhic léinn ó bhunleibhéal, dara leibhéal agus tríú leibhéal go fóill ag cuidiú le haimsiú agus le taighde ar stair, cultúr agus teanga na hUltaise. Rinneadh athbhreithniú agus athchló ar an phacáiste acmhainní 'Days of Laggan' agus tairgeadh gearrscannán ag cur síos ar chur agus ar fhómhar lín.

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag tacú le hÓgbhanna Píobaireachta Gníomhaireacht na hUltaise a thugann teagasc do dhaoine óga i gceithre ionad for-rochtana, an Chorr Chríochach, Clochar, Béal Feirste agus Rath Bhoth. Bhí níos mó ná 150 duine óg ag freastal ar na ranganna seo le linn 2016 ag foghlaim píobaireachta agus drumadóireachta. Sheinn Ógbhanna Píobaireachta Gníomhaireacht na hUltaise ag níos mó ná 30 ócáid le linn na bliana lena n-áirítear féile cheilteach sa Fhrainc.

Thug an Scéim Cúnaimh Airgeadais (FAS) maoiniú chomh maith don cheiliúradh 70 bliain ar Dhamhsa Tuaithe na hAlban le clár imeachtaí bliana. Bhí an Gníomhaireacht ag obair chomh maith le Líonra Pobail Lár Ard Mhacha ar chlár bliana Ceoil agus Damhsa agus tionscadal leabhrán Bhanna Brunswick Cairdín Comórtha Céid an Somme – Cuimhníonn Áth na Long.

Improve

Corporate Plan & Business Plan 2016

An annual review of activity against the 2013-2016 Corporate Plan took place in August 2016, it showed that the Agency were on target to meet the vast majority of the aims and objectives as laid out in the plan.

The Agency achieves its monitoring and evaluation of Business Plan targets with regular staff meetings and monthly budget updates. During the year the Agency conducted 9 Board meetings, 4 Audit and Risk Committee meetings as well as Grants, Grants Appeals and Education Committee meetings throughout the year. Externally the Agency attended 4 Monitoring meetings with Foras na Gaeilge and the Sponsor Departments during the year. The Chief Executive and Chairperson also attended the North South Ministerial Council during the year. The Director of Corporate Services attends the Chief Executives Pension Committee on behalf of the Chief Executive as well as various working groups with other members of the North/South bodies. The Staff Officer Accountant attends Finance committees and the newly appointed Human Resources and Office Manager attends the HR committee.

Systems

The Agency continued to improve its IT systems and 2016 seen the introduction of additions to the Agency's Disaster Recovery processes and procedures. The new addition is the incorporation of an offsite based back-up solution complete with equipment to enable the Agency to continue working in the event of a total disaster.

Internal Audit

Internal Audit is an important part of the overall Corporate Governance of the Agency. The Internal Audit function is carried out by an external contractor so as to operate an independent appraisal function. The Internal Audit tests systems, associated procedures and controls and reports upon their effectiveness which Management then review and adjust as necessary to ensure robust systems of control are in place.

During 2016 the Agency reviewed the following areas Management of Grant Funding, Payroll and Pensions, Complaints, Safeguarding, Human Resources and Compliance with Legislation. The Agency achieved a rating of Satisfactory Assurance across all areas with a Substantial Assurance rating being achieved in the area of 'Safeguarding'.

Prompt Payments

Monthly reviews were conducted to measure how promptly the Agency paid suppliers and grant payments. During 2016 the Agency ensured that 99.6% of supplier payments were issued within 30 days, in addition to this, 100% of grant payments were issued within 15 days during 2016.

Feabhsú

Plean Corparáideach & Plean Gnó 2016

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar ghníomhaíocht de réir Plean Corparáideach 2013-2016 i mí Lúnasa 2016. Léirigh sé go raibh an Gníomhaireacht ar sprioc an chuid is mó aidhmeanna agus cuspóirí mar a leagtar amach sa phlean a bhaint amach.

Déanann an Gníomhaireacht a monatóireacht agus measúnú ar spriocanna an Plean Gnó le cruinnithe rialta foirne agus nuashonruithe míosúla buiséid. Le linn na bliana réachtáil an Gníomhaireacht 9 gcrúinniú boird, 4 chruinniú den choiste iniúchta agus riosca chomh maith le cruinnithe de choiste na ndeontas, den choiste achomhairc ar dheontais agus den choiste oideachais. Go seachtrach, d'fhreastail an Gníomhaireacht ar 4 chruinniú monatóireachta le Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta sa bhliain. D'fhreastail an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach ar an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas sa bhliain chomh maith. Freastalaíonn an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar Choiste Pinsin na bPríomhfheidhmeannach thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh chomh maith le grúpaí oibre éagsúla le baill eile de na forais Thuaidh/Theas. Freastalaíonn an Cuntasóir Oifigeach Foirne ar choistí airgeadais agus freastalaíonn an Bainisteoir Acmhainní Daonna agus Oifige ar an choiste AD.

Córais

Lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag feabhsú a chórais TF agus in 2016 tugadh isteach breiseáin ar phróisis agus nósanna imeachta athshlánaithe tubaiste na Gníomhaireachta. Is é an breiseán nua réiteach cúltaca lonnaithe go seachtrach a thabhairt isteach le trealamh a chuireann ar a gcumas don Gníomhaíocht leanúint ar aghaidh ag obair má tharlaíonn tubaiste iomlán.

Iniúchadh Inmheánach

Is cuid thábhachtach de Rialachas Corparáideach iomlán na Gníomhaireachta é an t-iniúchadh inmheánach. Cuireann conraitheoir seachtrach an tIniúchadh Inmheánach i bhfeidhm le breithmheasa neamhspleách a sholáthar. Tástálann an tIniúchadh Inmheánach córais, agus nósanna imeachta agus srianta gaolmhara agus tuairiscíonn ar a n-éifeachtúlacht. Déanann lucht bainistíochta athbhreithniú ar an méid sin agus coigeartú de réir mar is gá lena chinntiú go bhfuil córais láidre rialacháin i bhfeidhm.

Le linn 2016 d'athbhreithnigh an Gníomhaireacht ar na réimsí seo a leanas: bainistíocht maoiniú deontais, párolla agus pinsin, gearáin, cumhdach leanaí, acmhainní daonna agus comhlíonadh reachtaíochta. Fuair an Gníomhaireacht an rátáil Urrús Sásúil trasna gach réimse, agus fuair an rátáil Urrús Substantiúil sa réimse 'Cumhdach'.

Prasíocaíochtaí

Rinneadh athbhreithnithe míosúla lena thomhas cé chomh pras a d'íoc an Gníomhaireacht a soláthraithe agus íocaíochtaí deontais. Le linn 2016 d'eisigh an Gníomhaireacht 99.6% d'íocaíochtaí do sholáthraithe faoi 30 lá, agus 100% d'íocaíochtaí deontais taobh istigh de 15 lá.

Section 75 Duties

During the year the Agency reviewed 27 policies, these were screened to identify policies that are likely to have an impact on equality of opportunity and/or good relations. All policies were screened out and the screening documents uploaded to the Agency website.

Freedom of Information

The Agency received 2 Freedom of Information requests during the year which were promptly dealt with, within policy guidelines.

Investors in People Accreditation

The Agency gained accreditation under the recognised Sixth Generation of the quality standard Investors in People (level1). The Agency was one of the first organisations in Northern Ireland to achieve an award under the new standard.

Human Resources

During 2016 the Agency continued to build upon the existing HR function following the recruitment of an HR/Office Manager in late 2015.

The Agency's HR function in 2016 increased its focus on administration to ensure relevant details were being recorded appropriately, this included implementing monitoring systems.

The HR Department has worked throughout the year reviewing, updating and ensuring implementation of a number of policies over the past twelve months to include:

- Recruitment Code;
- Induction Policy;
- Exit Policy;
- Staff Development & Training Policy;
- Career Break Policy;
- Health & Safety at Workplace Statement.

A schedule of further policies is currently being reviewed and will undergo scrutiny in 2017 by the newly formed HR & Personnel Committee.

Staffing

The Agency has current vacancies in the organisation which it hopes to recruit for early in 2017.

The Agency has been working with Bryson Futures and availed of a volunteer to cover reception for two days per week.

When absences arose the Agency engaged and supported staff to ensure a suitable return to work was achieved which is in the interest of both the employees and the Agency. This included Employee Assisted programmes such as Inspire Workplaces (formerly known as CareCall) and Occupational Health Services.

Dualgais Alt 75

Le linn na bliana d'athbhreithnigh an Gníomhaireacht 27 bpolasaí. Rinneadh seiceáil orthu seo le polasaithe a aimsiú ar dócha go mbeadh tionchar acu ar chomhionannas deiseanna agus/nó dea-chaidreamh. Rinneadh seiceáil ar gach polasaí agus uaslódáladh na doiciméid seiceála ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Saoráil Faisnéise

Fuair an Gníomhaireacht 2 iarratas ar shaoráil faisnéise sa bhliain agus pléadh go pras leo, taobh istigh de threoirlínte polasaí.

Creidiúnú Infheisteoirí i nDaoine.

Fuair an Gníomhaireacht creidiúnú faoin tSéú Glúin aitheanta den chaighdeán cáilíochta Infheisteoirí i nDaoine (Leibhéal 1). Bhí an Gníomhaireacht ar cheann de na chéad eagraíochtaí i dTuaisceart Éireann a fuair an gradam faoin chaighdeán nua.

Acmhainní Daonna

Le linn 2016 lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag tógáil ar an fheidhm reatha AD i ndiaidh Bainisteoirí AD/Oifige a bheith ceaptha i ndeireadh 2015.

In 2016 dhírigh feidhm AD na Gníomhaireachta níos mó ar riarachán lena chinntiú go raibh sonraí bainteacha á dtaifeadadh go cuí. San áireamh bhí córais mhonatóireachta a chur i bhfeidhm.

D'oibrigh an roinn AD i rith na bliana ag athbhreithniú, agus nuashonrú agus ag cinntiú cur i bhfeidhm roinnt polasaithe thar an dá mhí dhéag leis na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Cód Earcaíochta;
- Cód Ionduchtúcháin;
- Cód Imeachta;
- Polasaí maidir le Forbairt & Oiliúint Foirne;
- Polasaí maidir le Sosanna Gairme;
- Ráiteas ar Shláinte & Sábháilteacht san Ionad Oibre.

Tá sceideal polasaithe breise á athbhreithniú faoi láthair agus scrúdóidh an Coiste AC & Pearsanra nuacheaptha é in 2017.

Soláthar Foirne

Tá folúntais reatha ag an Gníomhaireacht san eagraíocht agus tá súil againn earcú go luath in 2017.

Bhí an Gníomhaireacht ag obair le Bryson Futures agus tá saorálai faighte againn leis an fháiltiú a chlúdach dhá lá sa tseachtain.

I gcásanna asláithreachta chuaigh an Gníomhaireacht i ngleic leo agus agus thacaigh le baill foirne lena chinntiú gur thángthas ar ais ar obair go sásúil, rud atá ar leas fostaithe agus na Gníomhaireachta araon. San áireamh bhí cláir chuidithe fostaithe mar Inspire Workplaces (nó CareCall mar a bhí aithne air) agus Occupational Health Services.

The Agency has encouraged staff to be more active and become healthier, by carrying out walking tours and running various health based challenges throughout the year. The walking tour had in mind the aim of increasing activity and increasing employee knowledge on local Ulster-Scots history in the Belfast area.

Training

The Agency completed an extensive schedule of training during 2016.

Training need was identified by legislative needs, professional development, needs of individual Agency staff, performance management and Internal Audit recommendations. Refresher training was undertaken in areas surrounding statutory commitments as well as more role specific specialist training. Training was also undertaken by the Board.

Pension Management

The Agency was required to automatically enrol all employees currently not already contributing to the pension scheme provided by April 2016.

Human Resources Function Looking Forward

2017 sees the introduction of a new Corporate Planning period and the Agency look forward to the continued journey of change and service throughout its HR function in 2017. While many of the foundations have already been formed, the Agency is now committed to evolving the HR function within the Agency as well as improving upon our data and reporting to meet increasing operational demands.

Corporate Responsibility

In 2016 the Agency completed a Corporate Social Responsibility Charter which focused on the key impact areas of employees, community and environment and documents its commitment to operate in a responsible, sustainable and value-for-money manner as best serves all stakeholders.

Environmental Responsibility

During the year the Agency focused on increasing recycling and now has a designated recycling area in the office, which has resulted in a lot of recyclable waste such as cardboard, plastics and paper being diverted from landfill. It also continues to donate used ink cartridges to benefit a local animal charity.

The Agency has also replaced old or broken lighting with LED and sensor lighting in order to reduce any waste of electricity and will continue to do so as existing lighting fails. The Agency has also offered employees the opportunity to be part of Translink's Taxsmart scheme so as to encourage the use of public transport and thereby reduce our carbon footprint.

Spreag an Gníomhaireacht baill foirne le bheith níos gníomhaí agus a bheith níos folláine, trí thurais siúil a dhéanamh agus dúshláin éagsúla sláinte a reáchtáil i rith na bliana. Is é an aidhm a bhí leis an turas siúil gníomhaíocht a mhéadú agus eolas fostaithe a mhéadú ar stair na hUltaise i gceantar Bhéal Feirste.

Oiliúint

Chuir an Gníomhaireacht i gcrích sceideal leitheadach oiliúna i gcrích le linn 2016.

Aithníodh riachtanas oiliúna de réir riachtanais reachtaíochta, forbairt ghairmiúil, riachtanais fhoireann na Gníomhaireachta, bainistiú feidhmíochta agus moltaí iniúchta inmheánaigh. Rinneadh oiliúint athnuachana i réimsí a bhaineann le tiomantais reachtaíochta chomh maith le hoiliúint atá níos sainiúla i leith róil. Ghlac an bord oiliúint chomh maith.

Bainistiú Pinsin

B'éigean don Gníomhaireacht gach fostaí nach raibh ag déanamh ranníocaíochtaí cheana féin a chlárú go huathoibríoch sa scéim pinsin a chuirtear ar fáil faoin Aibreán 2016.

Feidhm na nAcmhainní Daonna Feasta

In 2017 tabharfar isteach an tréimhse nua Pleanála Corparáidí agus tá an Gníomhaireacht ag súil le haistear leanúnach athraithe agus seirbhíse ar fud a feidhme AD in 2017. Cé go bhfuil cuid mhór den dúshraith déanta, tá an Gníomhaireacht anois tiomanta don fheidhm AD a fhorbairt taobh istigh den Gníomhaireacht chomh maith lenár sonraí agus tuairisciú a fheabhsú le riar ar éilimh oibríúcháin mhéadaitheacha.

Freagracht Chorparáideach

In 2016 chuir an Gníomhaireacht i gcrích Cairt Chorparáideach Freagrachta Sóisialta a dhírigh ar na príomhréimsí tionchar, is é sin fostaithe, pobal agus timpeallacht, agus a dhéanann doiciméadú ar a tiomantas a bheith ag feidhmiú ar bhealach freagrach, inbhuanaithe agus ar luach ar airgead mar is fearr a fhreastalaíonn ar gach páirtí leasmhar.

Freagracht Chomhshaoil

Le linn na bliana dhírigh an Gníomhaireacht ar athchúrsáil a mhéadú agus anois tá limistéar ainmhithe athchúrsála san oifig, rud a bhfuil de thoradh air a lán dramhaíola in-athchúrsáilte mar chairtchlár, plaisteach agus páipéar a atreorú ó líonadh talún. Leanann sí ar aghaidh ag deonú cartúis dúigh chun sochair do charthanas áitiúil d'ainmhithe.

Tá soilsí braiteora agus soilsí LED curtha in áit seansoilse agus soilse briste le cur amú leictreachais a laghdú agus leanfaidh sí ar aghaidh á dhéanamh seo de réir mar a theipeann ar shoilse reatha. Tá deis tugtha ag an Gníomhaireacht d'fhostaithe a bheith páirteach i scéim Taxsmart Translink le húsáid iompar poiblí a spreagadh agus mar sin lenár lorg carbóin a laghdú.

Employees

In addition to Translink's Taxsmart scheme, Agency employees have all been offered additional benefits in the form of the Agency's new membership of the childcare voucher scheme, the NICS Sports Association and also independent and confidential support through Inspire Workplaces for mental wellbeing.

Employees have taken part in numerous fundraising events throughout the year. During September the staff held a coffee morning to raise funds for Macmillan Cancer Support and raised £154.22. The staff have also held fundraising events in aid of our chosen corporate charity throughout the year such as health inspired challenges, a Kurling competition and a Euro 2016 champions sweepstake. To date we have raised over £150 from our small office for this charity too.

Community Support



*Community Burns Night at Hosford House
Oiche Burns i measc an phobail ag Hosford House*

The Agency has supported local initiative Bryson Future Skills by taking a work placement for 2 days per week, in which we hope to support and develop young people from our local community, helping them to acquire business skills which will be of use to them as they seek employment. The staff also held a St Andrew's Night and Burns Night celebrations at Hosford House (Homeless Centre) in East Belfast. In line with our aims and ethos of developing Ulster-Scots as a living language, we provided funding toward these events where residents took an active part in using the Ulster-Scots language and tradition through music, poetry and song. We would like to thank EBM and Tesco for their contribution to these very enjoyable nights. Residents and the local community were very appreciative of these events.

Fostaitheoirí

Chomh maith le scéim Taxsmart Translink, tá sochair bhreise tairgthe d'fhostaithe na Gníomhaireachta, mar atá ballraíocht nua na Gníomhaireachta sa scéim dearbhán cúraim leanaí, Cumann Spórt Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus fosta tacaíocht aonair agus faoi rún trí Inspire Workplaces for mental wellbeing.

Bhí fostaithe páirteach ina lán imeachtaí tógála airgid i rith na bliana. Le linn Mheán Fómhair bhí maidin chaife ag baill foirne do Macmillan Cancer Support agus thóg siad £154.22. Bhí ócáidí tógála airgid ag baill foirne le cuidiú lenár gcarthanas corparáideach roghnaithe i rith na bliana, lena n-áirítear dúshlán ar mhaithe le sláinte, comórtas nuachurlála agus crannchur Seaimpíní Euro 2016. Go dtí seo tá níos mó ná £150 bailithe againn inár n-oifig bheag don charthanas seo chomh maith.

Tacaíocht Phobal

Tá tacaíocht tugtha ag an Gníomhaireacht don tionscnamh áitiúil Bryson Future Skills trí shocrúchán oibre a ghlacadh 2 lá sa tseachtain, agus tá súil againn leis sin tacú le daoine óga ónár gceantar agus iad a fhorbairt, ag cuidiú leo scileanna gnó a fháil a bheidh úsáideach dóibh agus iad ag lorg fostaíochta. Bhí ceiliúradh Oíche Naomh Aindriú agus Oíche Burns ag an fhoireann ag Hosford House (ionad do dhaoine gan dídean) i mBéal Feirste Thoir. De réir ár n-aidhmeanna agus éiteas, an Ultais a fhorbairt mar theanga bheo, thug muid maoiniú i dtreo na n-imeachtaí seo inar ghlac áitritheoirí páirt ghníomhach ag úsáid theanga agus thraidisiún na hUltaise trí cheol, filíocht agus amhránaíocht. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le EBM agus Tesco as an méid a chuir siad leis na hoícheanta an-sultmhar seo. Bhí áitritheoirí agus an pobal áitiúil an-bhuíoch as na hócáidí seo.





**Financial Statements of
The North/South Language Body 2016**

Ráitis Airgeadais an Fhorais Teanga 2016

**Accounts o Tha Boord o Leid
2016**

**Financial Statements of
The Language Body 2016**

Ráitis Airgeadais
an Fhorais Teanga 2016

CONTENTS	PAGE
FOREWORD TO CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT	3
STATEMENT OF RESPONSIBILITIES	4
CERTIFICATE OF THE COMPTROLLERS AND AUDITORS GENERAL	5
CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT	7
APPENDIX 1 – FORAS NA GAELIGE – ACCOUNTS AND NOTES TO THE ACCOUNTS	8
APPENDIX 2 – ULSTER-SCOTS AGENCY – ACCOUNTS AND NOTES TO THE ACCOUNTS	33
APPENDIX 3 – ACCOUNTS DIRECTION	57

CLÁR	LEATHANACH
RÉAMHRÁ LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE	3
RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ	4
DEIMHNIÚ NA hARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE	5
RÁITEAS CUNTAIS CHOMHDHLÚITE	7
AGUISÍN 1 – FORAS NA GAEILGE – CUNTAIS AGUS NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS	8
AGUISÍN 2 – GNÍOMHAIREACHT NA HULTAISE – CUNTAIS AGUS NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS	33
AGUISÍN 3 – TREOIR DO CHUNTAIS	57

FOREWORD TO THE CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT

The Language Body (An Foras Teanga/Tha Boord o Leid) is a North/South Implementation Body sponsored by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and the Department for Communities. It was established under the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999. It reports to the North South Ministerial Council.

The Language Body comprises two agencies:

- Foras na Gaeilge
- The Ulster-Scots Agency

BASIS OF ACCOUNTING

The Consolidated Statement of Account of the Language Body discloses for the year of account the:

- funding received from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and the Department for Communities and
- funding applied to Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency.

Separate accounts for Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency are set out at page 8 and 33.

The accounts direction given by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and the Department for Communities is set out at page 57.

RÉAMHRÁ LEIS AN RÁITEAS COMHDHLÚITE CUNTAIS

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga (The Language Body/Tha Boord O Leid) atá urraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal. Bunaíodh é faoin *North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999* agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas.

Tá an Foras Teanga comhdhéanta de dhá ghníomhaireacht:

- Foras na Gaeilge
- Gníomhaireacht na hUltaise

BUNÚS LE CUNTASAÍOCHT

Nochtann Ráiteas Comhdhlúite Cuntais an Fhorais Teanga don bhliain chuntais:

- an maoiniú a fuarthas ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ón Roinn Pobal agus
- an maoiniú a cuireadh i bhfeidhm d’Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise

Tá cuntais ar leith d’Fhoras na Gaeilge agus do Ghníomhaireacht na hUltaise leagtha amach ar leathanach 8 agus 33.

Tá treoir na gcuntas a d’eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal leagtha amach ar leathanach 57.

RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal tar éis treoir a thabhairt don Foras Teanga ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliain airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir do chuntais in Aguisín 3 a ghabhann leis na cuntais seo.

Ullmhaítear na Cuntais, ina n-áirítear Ráiteas Comhdhlúite Cuntais an Fhorais Teanga chomh maith le cuntais ar leith Fhoras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise, ina n-áirítear faoi seach Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Clár Comhardaithe, Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí agus na hagusíní a ghabhann leo, ar bhonn fabhrúithe agus caithfidh siad léargas firinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí agus ar an ioncam agus caiteachas, gnóthúchain agus cailleanais aitheanta agus sreabhadh airgid don bhliain.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an bhForas Teanga:

- an treoir do na cuntais a chomhlíonadh, arna heisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal, lena n-áirítear na ceanglais ábhartha maidir le cuntasáocht agus nochtadh agus beartais chuntasáochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- a rá cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasáochta infheidhme agus aon difríocht ábhartha sna cuntais a mhíniú;
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an Foras Teanga a bheith i bhfeidhm.

Ceanglaíonn an Foras Teanga ar an dá gníomhaireacht leabhair chuntais agus taifid airgeadais chearta a choinneáil agus ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana. Leagtar amach freagrachtaí cuntasáochta gach gníomhaireachta sna cuntais ar leith.

Leagtar amach na freagrachtaí atá ar an dá Phríomhfheidhmeannach i Ráiteas Freagrachtaí gach eagraíochta faoi seach.

Seán Ó Coinn

08//12/2017

Ian Crozier

08//12/2017

Príomhfheidhmeannach - Foras na Gaeilge Dáta

Príomhfheidhmeannach – Gníomhaireacht na hUltaise Dáta

CERTIFICATE OF THE COMPTROLLER AND AUDITORS GENERAL TO THE NORTHERN IRELAND ASSEMBLY AND THE HOUSES OF THE OIREACHTAS

We have audited the accounts of The Language Body (the Body) for the year ended 31 December 2016 pursuant to the provisions of the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999 which require us to audit and certify, in co-operation, the accounts presented to us by the Body. The accounts comprise the consolidated statement of account together with the accounts of Foras na Gaeilge and the Ulster Scots Agency each comprising an income and expenditure account, statement of total recognised gains and losses, balance sheet, cash flow statement and related notes and appendix. These accounts have been prepared under the accounting policies set out within them.

Respective responsibilities of the Body, the Chief Executives and the Auditors

As explained more fully in the statement of responsibilities, the Body is responsible for the preparation of the accounts on the basis set out in the accounts direction in the appendix to these accounts. The Chief Executives, as Accountable Persons, are responsible for ensuring propriety and regularity in relation to the use of public funds. Our responsibility is to audit and certify the accounts in accordance with the provisions of the North/South Co-Operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999. We conducted our audit in accordance with International Standards on Auditing (UK and Ireland). Those standards require us and our staff to comply with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of the audit of the accounts

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the accounts sufficient to give reasonable assurance that the accounts are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of: whether the accounting policies are appropriate to the Body's circumstances and have been consistently applied and adequately disclosed; the reasonableness of significant accounting estimates made by the Body; and the overall presentation of the accounts. In addition, we read all the financial and non-financial information in the annual report and the forewords to identify material inconsistencies with the audited accounts and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by us in the course of performing our audit. If we become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, we consider the implications for our certificate. We are required to obtain evidence sufficient to give reasonable assurance that the expenditure and income reported in the accounts have been applied to the purposes intended by the Northern Ireland Assembly and the Houses of the Oireachtas and that the financial transactions conform to the authorities which govern them.

Opinion on regularity

In our opinion, in all material respects the expenditure and income recorded in the accounts have been applied to the purposes intended by the Northern Ireland Assembly and the Houses of the Oireachtas and the financial transactions recorded in the accounts conform to the authorities which govern them.

Opinion on the accounts

In our opinion:

- The accounts have been properly prepared in accordance with the provisions of the North/South Co-Operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British-Irish Agreement Act 1999 and directions issued thereunder; and
- the accounts give a true and fair view, in accordance with those accounts directions, of the state of the Body's affairs as at 31 December 2016, and of its income and expenditure, total recognised gains and losses and cash flows for the year then ended.

DEIMHNIÚ NA nARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE DO THIONÓL THUAISCEART ÉIREANN AGUS DO THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais an Fhorais Teanga don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 de bhun fhorálacha an *North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999* agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 a éilíonn orainn iniúchadh a dhéanamh, i gcomhar le chéile, ar na cuntais a chuir an Foras Teanga inár láthair, agus iad a dheimhniú. Cuimsíonn na cuntais an ráiteas comhdhlúite cuntais chomh maith le cuntais Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise agus cuimsíonn siad araon cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas gnóthúchán agus cailleanas aitheanta iomlán, clár comhardaithe, ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí gaolmhara agus aguisíní. Ullmhaíodh na cuntais seo faoi réir na mbeartas cuntasafóchta ar a gcuirtear síos iontu.

Freagrachtaí an Fhorais Teanga, na bPríomhfheidhmeannach agus na nIniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa ráiteas freagrachtaí, tá an Foras Teanga freagrach as ullmhúchán na gcuntas faoin bhunús leagtha amach in aguisín na gcuntas seo. Tá na Príomhfheidhmeannaigh, mar Dhaoine Chuntasacha, freagrach as cuibheas agus rialtacht a chinntiú maidir le húsáid cistí poiblí. Is é an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais agus iad a dheimhniú de réir fhorálacha an *North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999* agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta na hIniúchóireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn agus ar ár bhfoireann cloí le Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid Bhord na gCleachtas Iniúchta.

Raon feidhme an iniúchta ar na cuntais

Is é atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtuithe faisnéise sna cuntais a bheadh imleor chun urrús réasúnta a thabhairt go bhfuil na cuntais saor ó aon mhíshonrú ábhartha, biodh calaíocht nó earráid mar chúis leis. Áiríonn seo measúnú ar: cé acu atá nó nach bhfuil na polasaithe cuntasafóchta oiriúnach do dhálaí an Fhorais Teanga agus a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go leanúnach agus ar nochtadh nó nár nochtadh go cuí iad; a réasúnta atá meastacháin shuntasacha chuntasafóchta déanta ag an bhForas Teanga; agus cur i láthair foriomlán na gcuntas. Ina theannta sin léamar an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa tuarascáil bhliantúil agus na réamhráite le neamhréireachtaí leis na cuntais iniúchta a shainiú agus le haon fhaisnéis atá, de réir cosúlachta, mícheart go hábhartha bunaithe ar, nó ar neamhréir go hábhartha leis, an eolas atá faighte againn le linn dúinn bheith ag déanamh ár n-iniúchta seo. Má fhaighimid eolas faoi aon mhíshonruithe nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha déanaimid machnamh ar na himpleachtaí dár dtuairisc. Éilítear orainn fianaise a fháil atá imleor le hurrús réasúnta a thabhairt go bhfuil an caiteachas agus an t-ioncam a thuairiscítear sna cuntais curtha i bhfeidhm de réir na gcuspóirí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus go bhfuil na hidirbhearta airgeadais de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairim ar rialtacht

Dar linn, i ngach slí ábhartha, cuireadh an caiteachas agus an t-ioncam i bhfeidhm ar son na gcuspóirí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus ag Tithe an Oireachtais agus tá na hidirbhearta airgeadais de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairim ar na cuntais

Dar linn:

- tá na cuntais ullmhaithe mar is ceart de réir fhorálacha an *North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999* agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 agus teoracha a eisíodh fúthu sin; agus
- tugann na cuntais léargas firinneach cóir ar riocht chúrsaí an Fhorais Teanga mar a bhí ag an 31 Nollaig 2016, agus ar a ioncam agus a chaiteachas agus a shreabhuithe airgid le haghaidh na bliana dar chríoch sin.

CERTIFICATE OF THE COMPTROLLER AND AUDITORS GENERAL TO THE NORTHERN IRELAND ASSEMBLY AND THE HOUSES OF THE OIREACHTAS (continued)

Opinion on other matters

In our opinion, the information in the foreword for the financial year for which the accounts are prepared is consistent with the accounts.

Matters on which we report by exception

We report by exception if:

- adequate accounting records have not been kept; or
- the accounts are not in agreement with the accounting records; or
- we have not received all of the information and explanations we require for our audit; or
- the information given in the annual report is not consistent with the related accounts; or
- the Statement on Internal Control/Statement on Internal Financial Control does not reflect compliance with applicable guidance on corporate governance.

We have nothing to report in respect of those matters upon which reporting is by exception.

Seamus McCarthy
Irish Comptroller and Auditor General
3a Mayor Street Upper
Dublin 1
Ireland

18 December 2017

Kieran Donnelly
Comptroller and Auditor General for
Northern Ireland
Northern Ireland Audit Office
106 University Street
Belfast
BT7 1EU
19 December 2017

DEIMHNIÚ NA nARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE DO THIONÓL THUAISCEART ÉIREANN AGUS DO THITHE AN OIREACHTAIS (ar lean)

Tuairim ar ábhair eile

Dar linn, tá an fhaisnéis sa réamhrá don bhliain airgeadais dár ullmhaíodh na cuntais comhsheasmhach leis na cuntais.

Ábhair ar a ndéanaimid tuairisc eisceachtúil

Déanaimid tuairisc eisceachtúil más ea:

- nár coimeádadh cuntais leor mhaithe; nó
- nach réitíonn na cuntais leis na taifid chuntais; nó
- nach bhfuair an fhaisnéis agus na mínithe go léir atá ag teastáil uainn i gcomhair ár n-iniúchta; nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil bhliantúil comhsheasmhach leis na cuntais ghaolmhara; nó
- nach léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach/ráiteas ar rialú inmheánach gur cloíodh le treoir infheidhmithe ar rialú corparáideach.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe sin ar a ndéantar tuairisc eisceachtúil.

Seamus McCarthy
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
na hÉireann
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Éire

18 Nollaig 2017

Kieran Donnelly
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

An 19 Nollaig 2017

THE LANGUAGE BODY
CONSOLIDATED STATEMENT OF ACCOUNT FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2016

	2016		2015	
	€	STG £	€	STG £
GRANTS RECEIVED				
<i>Revenue grants</i>				
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht	13,229,671	10,841,716	13,395,584	9,723,854
Department for Communities	5,881,354	4,819,771	6,350,084	4,609,526
	19,111,025	15,661,487	19,745,668	14,333,380
<i>Capital grants</i>				
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht	52,887	43,341	62,042	45,036
Department for Communities	118,867	97,411	93,580	67,930
	171,754	140,752	155,622	112,966
Total grants received	19,282,779	15,802,239	19,901,290	14,446,346

FUNDING APPLIED TO

<i>Foras na Gaeilge</i>				
Revenue grants	16,383,534	13,426,307	16,481,677	11,964,049
Capital grants	18,822	15,424	45,713	33,183
	16,402,356	13,441,731	16,527,390	11,997,232
<i>Ulster-Scots Agency</i>				
Revenue grants	2,727,491	2,235,180	3,263,991	2,369,331
Capital grants	152,932	125,328	109,909	79,783
	2,880,423	2,360,508	3,373,900	2,449,114
Total grants paid	19,282,779	15,802,239	19,901,290	14,446,346

<i>Seán Ó Coinn</i>	08/12/2017	<i>Ian Crozier</i>	08/12/2017
Chief Executive - Foras na Gaeilge	Date	Chief Executive - Ulster-Scots Agency	Date

<i>Pól Ó Gallchóir</i>	08/12/2017	<i>Keith Gamble</i>	08/12/2017
Chairperson - Foras na Gaeilge	Date	Chairperson - Ulster-Scots Agency	Date

AN FORAS TEANGA
RÁITEAS COMHDHLÚITE CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

	2016		2015	
	€	STG £	€	STG £
DEONTAIS A FUARTHAS				
<i>Deontais ioncaim</i>				
Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	13,220,671	10,841,716	13,395,584	9,723,854
Roinn Pobal	5,881,354	4,819,771	6,350,084	4,609,526
	19,111,025	15,661,487	19,745,668	14,333,380
<i>Deontais chaipitil</i>				
Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	52,887	43,341	62,042	45,036
Roinn Pobal	118,867	97,411	93,580	67,930
	171,754	140,752	155,622	112,966
Deontais iomlána a fuarthas	19,282,779	15,802,239	19,901,290	14,446,346

MAOINIÚ CURTHA I BHFEIDHM DO:

Foras na Gaeilge

Deontais ioncaim	16,383,534	13,426,307	16,481,677	11,964,049
Deontais chaipitil	18,822	15,424	45,713	33,183
	16,402,356	13,441,731	16,527,390	11,997,232

Gníomhaireacht na hUltaise

Deontais ioncaim	2,727,491	2,235,180	3,263,991	2,369,331
Deontais chaipitil	152,932	125,328	109,909	79,783
	2,880,423	2,360,508	3,373,900	2,449,114

Iomlán deontas a íocadh	19,282,779	15,802,239	19,901,290	14,446,346
--------------------------------	-------------------	-------------------	-------------------	-------------------

<i>Seán Ó Coinn</i>	<i>08/12/2017</i>	<i>Ian Crozier</i>	<i>08/12/2017</i>
Príomhfheidhmeannach – Foras na Gaeilge	Dáta	Príomhfheidhmeannach – Gníomhaireacht na hUltaise	Dáta

<i>Pól Ó Gallchóir</i>	<i>08/12/2017</i>	<i>Keith Gamble</i>	<i>08/12/2017</i>
Cathaoirleach - Foras na Gaeilge	Dáta	Cathaoirleach - Gníomhaireacht na hUltaise	Dáta

Appendix 1

FORAS NA GAEILGE

Accounts and notes to the accounts

FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2016

Aguisín 1

FORAS NA GAELIGE

Cuntais agus nótaí a ghabhann leis na cuntais

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

FOREWORD TO THE ACCOUNTS

Background Information

An Foras Teanga (The Language Body) is a North / South Implementation Body sponsored by the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht (CHG) and the Department for Communities (DFC). It was established on 2 December 1999 under the Good Friday Agreement and underpinned by the North / South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order and the British-Irish Agreement Act 1999. It reports to the North / South Ministerial Council (NSMC).

The principal function of Foras na Gaeilge is the promotion of the Irish language on an all-Island basis.

These accounts have been prepared in accordance with:

- the financial arrangements which are applicable to the Body set out in Part 7 of Annex 2 of the British-Irish Agreement establishing Implementation Bodies;
- the form directed by and approved by the Department of Culture, Heritage & the Gaeltacht and the Department for Communities, as provided for in The Language Body's Financial Memorandum;
- the Annual Report and Accounts guidance provided by the Department of Finance and the Department of Public Expenditure and Reform.

Business Overview

An overview of Foras na Gaeilge's activities is given within its Annual Report. The results for Foras na Gaeilge are laid out in detail on page 14. The surplus for the year was €457,008 / £374,520.

Fixed Assets

Details of the movements of fixed assets are set out in note 9 to the accounts.

Research and Development

In August 2015 the Economic and Social Research Institute (ESRI)/Amárach Research published *Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland*, funded by Foras na Gaeilge. In late 2015 and early 2016 Foras na Gaeilge shared the results with relevant government departments in both jurisdictions and also proposed additional research to ESRI in a number of specific areas, arising from the report's findings. As a result the following three working papers were prepared by the ESRI and published by them in late February 2016:

Attitudes of the non-Catholic population in Northern Ireland towards the Irish Language in Ireland (Prof. Merike Darmody)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP524.pdf>];

Attitudes to Irish as a school subject among 13-year-olds (Profs. Emer Smyth and Merike Darmody)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP525.pdf>];

Profile of second-level students exempt from studying Irish ((Profs. Merike Darmody and Emer Smyth)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP527.pdf>].

Nuala Ní Scolláin of Foras na Gaeilge delivered a paper on the 21st of September to the Annual Conference of the European Federation of National Institutions for Language (EFNIL) held in Warsaw which dealt with the theme of stereotypes and linguistic prejudice in Europe.

Future Developments

Partnership Approach

After the first full year (in 2015) of the operation of the new arrangements for what was previously called the 'core-funded sector', the new Partnership Approach, whereby Foras na Gaeilge works closely with the lead organisations and other stakeholders in the Irish-language sector, continued in 2016. To that end regular meetings of the Partnership Forum (the lead organisations) and the Language Development Forum (the wider stakeholder grouping) were held and the progress of the new arrangements continues to be monitored closely with a formal, independent evaluation of the work of the Partnership Approach planned for end of 2017. Details of grant assistance provided to the lead organisations is set out in note 8 to the accounts.

As part of this evaluation Foras na Gaeilge's co-operation with The Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Údarás na Gaeltachta (in the area of support for language planning in relation for Gaeltacht Service Towns and Irish-language networks as set out in Acht na Gaeltachta 2012) will also be considered.

Legislative and Policy Environment

In the South, as part of a public consultation about a discussion document published in November 2015, the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht commissioned Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge to produce a report setting out the main strategic

RÉAMHRÁ LEIS NA CUNTAIS

Cúlra

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh / Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (COG) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é ar an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta agus tá an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) agus an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999 mar bhonn aige. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir:

- na socrúithe airgeadais atá infheidhme i leith an Chomhlachta arna leagan amach i gCuid 7 d'Aguisín 2 de Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lena mbunaítear Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- na foirme atá ordaithe agus ceadaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal, dá bhforáiltear i Meamram Airgeadais an Fhorais Theanga;
- na teorach do Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla arna soláthar ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe.

Forléargas ar Ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge laistigh dá Thuarascáil Bhliantúil. Tá na torthaí d'Fhoras na Gaeilge leagtha amach go mion ar leathanach 14. Ba é an barrachas a bhí ann don bhliain €457,008 / £374,520.

Sócmhainní Seasta

Tá mionsonraí faoi ghluaiseachtaí sócmhainní seasta leagtha amach i nóta 9 a ghabhann leis na cuntais.

Taighde agus Forbairt

I Lúnasa 2015 d'fhoilsigh Economic and Social Research Institute/Amárach Research *Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland*, le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge. Go déanach in 2015 agus go luath in 2016 roinn Foras na Gaeilge na torthaí le ranna stáit cuí sa dá dhlinse agus mhol siad taighde breise freisin do ESRI i roinnt réimse faoi leith, a tháinig chun cinn mar thoradh ar an taighde. Mar thoradh air seo d'ullmhaigh an ESRI na trí pháipéar oibre seo agus d'fhoilsigh siad ag deireadh mhí Feabhra 2016 iad:

Attitudes of the non-Catholic population in Northern Ireland towards the Irish Language in Ireland (Prof. Merike Darmody)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP524.pdf>];

Attitudes to Irish as a school subject among 13-year-olds (Profs. Emer Smyth agus Merike Darmody)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP525.pdf>];

Profile of second-level students exempt from studying Irish ((Profs. Merike Darmody agus Emer Smyth)

[<https://www.esri.ie/pubs/WP527.pdf>].

Thug Nuala Ní Scolláin, Foras na Gaeilge, páipéar ar 21 Meán Fómhair ag Comhdháil Bhliantúil na Cónaidhme Eorpach um Institiúidí Náisiúnta do Theangacha (EFNIL) a reáchtáladh i Vársá a phléigh téama na steireitíopaí agus na claontachta teangeolaíochta san Eoraip.

Forbairtí sa Todhchaí

Modh Comhpháirtíochta

Tar éis an chéad bhliain iomlán (2015) de na socrúithe nua don réimse ar ar tugadh an 'earnáil bhunmhaoinithe', lean an Modh Comhpháirtíochta úr, ina n-oibríonn Foras na Gaeilge go dlúth leis na ceannagraíochtaí agus páirtithe leasmhara eile in earnáil na Gaeilge, ar aghaidh in 2016. Chuige seo bhí cruinnithe rialta ag an bhFóram Comhpháirtíochta (na ceannagraíochtaí) agus ag an bhFóram Forbartha Teanga (an grúpa páirtithe leasmhara níos leithne) agus tá monatóireacht aireach leanúnach á déanamh ar dhul chun cinn na socrúithe nua, agus measúnú neamhspleách foirmiúil ar obair an Mhodha Comhpháirtíochta pleanáilte do dheireadh 2017. Tá sonraí na cabhrach deontais a cuireadh ar fáil do na ceannagraíochtaí leagtha amach i nóta 8 a ghabhann leis na cuntais

Mar chuid den mheasúnú seo cuirfear comhoibriú Fhoras na Gaeilge leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta (sa réimse tacaíocht do phleanáil teanga maidir le Bailte Seirbhíse Gaelteachta agus na líonraí Gaeilge mar a leagtar amach in Acht na Gaeltachta 2012) san áireamh.

Timpeallacht Reachtaíochta agus Pholasaí

Sa Deisceart, mar chuid de chomhairliúchán poiblí ar phlécháipéis a foilsíodh i Samhain 2015, choimisiúnaigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chun tuairisc a chur amach a léirigh na príomhchuspóirí

objectives for the period 2016-21. In the North, proposals for an Irish Language Act or Strategy, which had been in preparation and under consultation for a number of years, were rejected in the Northern Ireland Assembly on the 10th March 2016.

Accommodation Matters

In October 2017 Foras na Gaeilge vacated its headquarters at 7 Merrion Square, Dublin 2, and moved to its new headquarters at 63-66 Amiens Street, Dublin 1.

Full time Posts

There were 70 full time posts approved for Foras na Gaeilge for the year ended 31 December 2016. Details of the average weekly number of employees (full time equivalent) are set out in note 5 to the accounts.

Important events occurring after the Year End

No important events took place after 31 December 2016 which would affect the accounts.

Charitable Donations

Foras na Gaeilge made no charitable donations during the financial year ended 31 December 2016.

Board Members

The functions of Foras na Gaeilge are exercised by the board. The following served as board members of Foras na Gaeilge during 2016.

From 1 January until 12 December 2016	From 13 December until 31 December 2016
Seosamh Mac Donncha (deceased) Chairperson (to 20 May 2016)	Pól Ó Gallchóir – Chairperson
Marcas Mac Ruairí (board member to 23 June 2016, Deputy Chairperson 24 June 2016 – 12 December 2016)	Barra Ó Muirí – Deputy Chairperson
Barra Ó Muirí	Máire Ní Neachtain
Pól Callaghan	Sorcha Ní Chéidigh
Colm Cavanagh (resigned 22 January 2016)	Mairéad Farrell
Deirdre Kirwan (resigned 11 March 2016)	Maighréad Ní Chonghaile
Gráinne McElwain	Gráinne Mc Elwain
Seán Ó hArgáin	Seán Ó hArgáin
Seán Mícheál Ó Domhnaill	Seán Mícheál Ó Domhnaill
Seán Ó Coisdealbha	Séan Ó Coistealbha
Bláthnaid Ní Chofaigh	Bláthnaid Ní Chofaigh
Éamonn Ó Gribín	Niall Ó Gallochobhair
Therese Ruane (resigned 14 January 2016)	Conor Mc Guinness
Donnchadh Ó Laoghaire (resigned 4 March 2016)	
Rosie Ní Laoghaire (appointed 24 June 2016)	
Conor Mc Guinness (appointed 24 June 2016)	

There were three vacancies (northern nominees) on the board of Foras na Gaeilge at 31 December 2016.

Ferdie Mac an Fhailigh was appointed as Chief Executive in October 2006. His contract was extended by 5 years in 2011.

He retired in November 2016.

Seán Ó Coinn was appointed as Chief Executive in December 2016.

Payment to Suppliers

Foras na Gaeilge is committed to prompt payment for goods and services received, in accordance with the Irish ‘Late Payments in Commercial Transactions Regulations, 2002’ and ‘Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act 1998’, as amended and supplemented by the ‘Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002’ in the UK. Unless otherwise stated in the contract, payment is due within 30 days on receipt of the goods or services, or on presentation of an authorised invoice or similar demand, whichever is required in accordance with legislation. Regular reviews were conducted to measure how promptly Foras na Gaeilge pays its bills and found that in 2016 100% of bills were paid within the standard.

Health and Safety Policy

Foras na Gaeilge’s Safety Statements (in accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005 and the Safety, Health and Welfare at Work (General Application) (Amendment) Regulations 2010) were revised in 2014.

stráitéiseacha don tréimhse 2016-21. Sa Tuaisceart, dhiúltaigh Tionól Thuaisceart Éireann tograí d’Acht nó Stráitéis don Gaeilge, a bhí á n-ullmhú agus faoi chomhairle ar feadh tamall de bhlianta, ar an 10 Márta 2016.

Cúrsaí Cóiríochta

I nDeireadh Fomhair 2017 d’fhág Foras na Gaeilge a cheanncheathrú ag 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, agus d’aistrigh go ceannáras nua ag 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Poist Lánaimseartha

Bhí 70 post lánaimseartha ceadaithe d’Fhoras na Gaeilge don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016. Tá sonraí mheán na n-oibríthe seachtainiúla (combhionann lánaimseartha) i nóta 5 a ghabhann leis na cuntais.

Nithe suntasacha a tharla tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla aon imeacht tábhachtach tar éis an 31 Nollaig 2016 a imreodh tionchar ar na cuntais.

Deonacháin Charthanúla

Ní dharna Foras na Gaeilge aon tabhartais charthanúla i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

Comhaltaí Boird

An bord a fheidhmíonn feidhmeanna Fhoras na Gaeilge. D’fhóin na daoine seo a leanas mar chomhaltaí boird de chuid Fhoras na Gaeilge le linn 2016.

Ón 1 Eanáir go dtí an 12 Nollaig 2016

Ón 13 Nollaig go dtí an 31 Nollaig 2016

Seosamh Mac Donncha (nach maireann) Cathaoirleach (go 20 Bealtaine 2016)	Pól Ó Gallchoir – Cathaoirleach
Marcas Mac Ruairí (comhalta boird go 23 Meitheamh 2016, Leaschathaoirleach 24 Meitheamh 2016 – 12 Nollaig 2016)	Barra Ó Muirí – Leaschathaoirleach
Barra Ó Muirí	Máire Ní Neachtain
Pól Callaghan	Sorcha Ní Chéidigh
Colm Cavanagh (d’éirigh as 22 Eanáir 2016)	Mairéad Farrell
Deirdre Kirwan (d’éirigh as 11 Márta 2016)	Maighréad Ní Chonghaile
Gráinne McElwain	Gráinne Mc Elwain
Seán Ó hArgáin	Seán Ó hArgáin
Seán Mícheál Ó Domhnaill	Seán Mícheál Ó Domhnaill
Seán Ó Coisdealbha	Séan Ó Coistealbha
Bláthnaid Ní Chofaigh	Bláthnaid Ní Chofaigh
Éamonn Ó Gribín	Niall Ó Gallochobhair
Therese Ruane (d’éirigh as 14 Eanáir 2016)	Conor Mc Guinness
Donnchadh Ó Laoghaire (d’éirigh as 4 Márta 2016)	
Rosie Ní Laoghaire (ceaptha 24 Meitheamh 2016)	
Conor Mc Guinness (ceaptha 24 Meitheamh 2016)	

Bhí trí fholúntas (ainmnithe ó thuaidh) ar bhord Fhoras na Gaeilge ag an 31 Nollaig 2016.

Ceapadh Ferdie Mac an Fhailigh mar Phríomhfheidhmeannach i nDeireadh Fómhair 2006. Cuireadh síneadh 5 bliana lena chonradh in 2011.

Chuaigh sé ar scor i Samhain 2016.

Ceapadh Seán Ó Coinn mar Phríomhfheidhmeannach i Nollaig 2016.

Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Foras na Gaeilge tiomanta d’íocaíocht phras billí le haghaidh earraí agus seirbhísí a fhaightear de réir ‘Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2002’ in Éirinn, agus an ‘Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1998’, arna leasú agus arna fhorlíonadh ag an ‘Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002’ sa Ríocht Aontaithe. Mura ndeirtear a mhalaírt sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ón am a bhfaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón am a gcuirtear sonras údaraithe nó éileamh den sórt céanna isteach, cibé acu atá ag teastáil de réir reachtaíochta. Rinneadh athbhreithnithe rialta lena thomhas cé chomh pras a íocann Foras na Gaeilge a bhíllí agus fuarthas gur íocadh 100% de bhíllí laistigh den chaighdeán

Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Rinneadh athbhreithnú in 2014 ar Ráitis Sábháilteachta Fhoras na Gaeilge (de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) 2010).

Equality and Employees with Disabilities

In the South, Foras na Gaeilge reports on the employment of disabled persons as required by the Disability Act 2005. Every employee and applicant (real or possible) will be dealt with fairly and selections as regards employment, promotion, training or any other benefits will be made on a basis of suitability and ability. A survey was conducted in 2016 in which 4.1% of those surveyed indicated that they had a disability (in the previous calendar year) as defined in the Disability Discrimination Act 1995.

In compliance with the requirements of Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 the two agencies of The Language Body jointly prepared a revised Equality Scheme in 2013. This was approved by the Equality Commission for Northern Ireland on the 13th of December 2013 which included provision for disabled employees. Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency co-operated on an annual progress report (2015-16) on Equality and Good Relations Duties.

Decentralisation

An office was opened in Gaoth Dobhair on 1 September 2010 with the appointment of the Director for Publishing, Lexicography and Terminology Services. At 31 December 2016 there were eight employees working in that office.

Employee Involvement

- (i) In October 2017 Foras na Gaeilge vacated its headquarters at 7 Merrion Square Dublin 2 and moved to its new headquarters at 63- 66 Amiens Street Dublin 1. Staff located in Frederick St Office are also moved to Amien St. Áisíneacht Dáilíúcháin Leabhar (Áis) moved from 7 Merrion Square to Unit 3, Dunshaughlin Business Park, Dunshaughlin Co. Meath.
- (ii) There is no lease agreement in place in respect of property at Frederick Street Dublin 1. The amount shown is the rent paid in 2016. The rent is paid in arrears at the end of each year.

20. RELATED PARTY TRANSACTIONS

Foras na Gaeilge is an arm of The Language Body, a North / South Implementation Body sponsored by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and the Department for Communities. The Departments named above are regarded as related parties. During the year Foras na Gaeilge engaged in various transactions with these Departments.

21. BOARD MEMBERS AND EMPLOYEE DISCLOSURE OF INTERESTS

Formal procedures were put in place in 2006 regarding the conduct of board or staff members in the event of a conflict of interest or a possible conflict of interest as regards the grants process. During the financial year ended 31 December 2016 Foras na Gaeilge undertook the following transactions:

- Clár na Leabhar Gaeilge made an aggregate payment of €97,396/ £79,816 (2015: €104,603/ £75,931) to the publishing company, Cois Life, where an employee of Foras na Gaeilge is a director. The employee did not receive documentation relating to this transaction and accordingly did not participate in the assessment of the funding application or in the process of decision about funding.

16. CAITEACHAS CAIPITIL AMACH ANSEO

Ceangaltais chaipitil ag an 31 Nollaig 2016 nach bhfuil aon soláthar déanta ina leith:

	€	Stg £
Ar conradh	Nil	Nil
Údaraithe ach gan a bheith ar conradh	Nil	Nil
Iomlán	Nil	Nil

17. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag an 31 Nollaig 2016.

18. RÁITEAS CAILLTEANAS AGUS ÍOCAÍOCHTA SPEISIALTA

Ní raibh aon chaillteanais nó íocaíochtaí speisialta i rith na bliana.

19. CÍOS BLIANTÚIL INÍOCHTA I LEITH RÉADMHAOINE IN ÚSÁID AG FORAS NA GAELIGE

	<u>Dáta Éagtha</u>	<u>€</u>
Ceanncheathrú		
7 Cearnóg Mhuirfean – Baile Átha Cliath	2017	350,000
Oifigí Eile		
Teach an Gheata Thiar – Béal Feirste	2017	41,001
Ráth Chairn – An Mhí	2021	13,576
Sráid Fhreidric – Baile Átha Cliath	(ii)	63,208
Gaoth Dobhair – Dún na nGall	2020	22,620
Iomlán		490,405

- (i) I Deireadh Fómhair 2017 d'fhág Foras na Gaeilge a ceannárais ag 7 Cearnóg Mhuirfean BÁC 2 agus bhogadar cuig ceannáras nua ag 63-66 Sráid Amiens BÁC 1. Tá foireann a bhí lonnaithe ar Shráid Fheidric anois ar Shráid Amiens freisin. Bhog Áisínteacht Dáiliúcháin Leabhar (Áis) go dtí Aonad 3 Páirc Ghnó Dhún Seachlainn Dún Seachlainn Co. Na Mí.
- (ii) Níl aon comhaontú léasa i gceist leis an réadmhaoin ar Shráid Fheidric, Baile Átha Cliath. Is é an cíos a íocadh in 2016 an méid thuasluaite. Íoctar an cíos i riaráiste ag deireadh gach bliain.

20. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is géag é Foras na Gaeilge den Fhoras Teanga, Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas, agus tá sé urraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Pobal. Féachtar ar na Ranna atá ainmnithe thuas mar pháirtithe gaolmhara. I rith na tréimhse chuaigh Foras na Gaeilge i mbun idirbhearta éagsúla leis na Ranna sin.

21. NOCHTADH LEASA AG COMHALTAÍ BOIRD AGUS AG FOSTAITHE

Leagadh síos nósanna imeachta foirmiúla in 2006 maidir le hionpraíocht comhaltaí Boird nó baill foirne sa chás go bhfuil coimhlint leasa nó coimhlint leasa féideartha ann maidir leis an bpróiseas deontas. Le linn na bliana airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2016 ghabh Foras na Gaeilge de láimh na hidirbhearta seo a leanas le páirtithe gaolmhara:

- Thug Clár na Leabhar Gaeilge íocaíocht €97,396/ £79,816 (2015: €104,603/ £75,931) san iomlán don chomhlacht foilsitheoireachta Cois Life, áit a bhfuil fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge ina stiúrthóir. Ní bhfuair an fostaí seo cáipéisíocht a bhain leis an idirbheart seo agus dá réir sin níor ghlac an fostaí páirt i nó níor fhreastail an fostaí ar aon phlé de chuid an bhoird a bhain leis an idirbheart.

- An aggregate payment of €52,983 / £43,419 (2015: €98,350 / £71,392) was made to Coiste Forbartha Charn Tóchair where an employee of Foras na Gaeilge is a committee member. These payments were made under the Irish in the Community Scheme and under the Youth Clubs Schemes. This employee did not take part in the assessment of these grants and did not receive any documentation relating to these transactions.
- An aggregate payment of €715,719/ £586,532 (2015: €752,020 / £545,891) was made to Gaelscoileanna Teo. where a board member is on the steering committee. These payments related to lead organisation funding. This board member did not take part in the assessment of these grants and did not receive any documentation relating to these transactions.
- An aggregate payment of €1,153,182.65/ £945,033 (2015: €1,253,998 / £910,277) was made to Glór na nGael where a board member is employed. These payments related to lead organisation funding, grants under the Irish in the Community Scheme, Colmcille Scheme grant, festival scheme and Summer camp scheme. This board member did not receive documentation relating to these transactions and accordingly they did not participate in or attend any board discussion relating to these transactions.

A Register of board members' and executives' interests was compiled and is being maintained up to date.

22. FINANCIAL INSTRUMENTS, LIQUIDITY, INTEREST RATE AND FOREIGN CURRENCY RISK

a Financial Instruments

Foras na Gaeilge generates income from the sale and distribution of books (and from other sources). The majority of funding comes from Sponsor Departments therefore Foras na Gaeilge is not exposed to the degree of financial risk faced by other business entities. The Financial Memorandum permits borrowing subject to prior approval of the Sponsor Departments and the Finance Departments, which Foras na Gaeilge has not sought. The financial assets and liabilities are generated by day-to-day operational activities and are not held to change the risks faced in undertaking its activities. Foras na Gaeilge's financial instruments mainly consist of cash, trade debtors and trade creditors.

b Liquidity, Interest Rate and Foreign Currency Risk

Foras na Gaeilge's net revenue resource requirements are financed by resources voted annually by the Houses of the Oireachtas and the Northern Ireland Assembly and, as is its capital expenditure. It is therefore not exposed to significant liquidity risks.

Foras na Gaeilge does not access funds from commercial sources and so it not exposed to significant interest rate risk.

Foras na Gaeilge's exposure to foreign currency risk is not significant as it receives agreed levels of funding from its sponsoring departments in sterling and euro. The majority of transactions are conducted in euro, and the majority of funding is received in euro, therefore Foras na Gaeilge is exposed to foreign currency risk to a limited degree.

23. POST BALANCE SHEET EVENTS

On Wednesday 29th March 2017, the United Kingdom triggered Article 50 with the intention to leave the European Union. The outcome of having one sponsor department in the EU and one sponsor department outside the EU is currently unknown and unquantifiable.

The financial statements were approved by the board on 8 December 2017.

- Rinneadh íocaíocht €52,983 / £43,419 (2015: €98,350 / £71,392) san iomlán le Coiste Forbartha Charn Tóchair áit a bhfuil fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge mar bhall den Choiste. Rinneadh na híocaíochtaí faoin Scéim an Ghaeilge sa Phobal agus faoi Scéim na gClubanna Óige. Níor ghlac an fostaí seo páirt i measúnú na ndeontas sin agus ní bhfuair an fostaí aon cháipéisíocht a bhain leis na hidirbhearta sin.
- Rinneadh íocaíocht €715,719/ £586,532 (2015: €752,020 / £545,891) san iomlán le Gaelscoileanna áit a bhfuil comhalta boird de chuid Fhoras na Gaeilge mar bhall den Choiste stiúrtha. Bhain na híocaíochtaí sin le bunmhaoiniú eagraíochta. Níor ghlac an comhalta boird seo páirt i measúnú na ndeontas sin agus ní bhfuair an comhalta boird aon cháipéisíocht a bhain leis na hidirbhearta sin.
- Rinneadh íocaíocht €1,153,182.65/ £945,033 (2015: €1,253,998/ £910,277) san iomlán le Glór na nGael, áit a bhfuil comhalta boird de chuid Fhoras na Gaeilge mar fostaí. Níor ghlac an comhalta boird seo páirt i measúnú na ndeontas sin agus ní bhfuair an comhalta boird aon cháipéisíocht a bhain leis na hidirbhearta sin

Cuireadh Clár de leasanna chomhaltaí an bhoird agus na bhfeidhmeannach le chéile agus coinnítear cothrom le dáta é.

22. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS, LEACHTAIGHT, RÁTA ÚIS AGUS RIOSCA AIRGEADRA EACHTRAIGH

a Ionstraimí Airgeadais

Gineann Foras na Gaeilge ioncam ó dhíolachán agus dáileachán leabhar (agus ó fhoinsí eile). Tagann an chuid is mó den mhaoiniú ó ranna urraíochta, mar sin níl Foras na Gaeilge faoi neamhchosanta ar an méid riosca airgeadais atá roimh aonáin ghnó eile. Ceadáíonn an Meabhrán Airgeadais iasacht faoi réir fhaomhadh na ranna urraíochta roimh agus na ranna airgeadais roimh ré, rud nár lorg Foras na Gaeilge. Tá na sócmhainní agus dliteanais airgeadais ginte ag gníomhaíochtaí oibriúcháin ó lá go lá agus ní ghlactar leis go n-athraíonn siad na rioscaí atá rompu agus iad ag tabhairt faoina ngníomhaíochtaí. Is é atá in ionstraimí airgeadais Fhoras na Gaeilge den chuid is mó ná airgead tirim, feichiúnaithe trádála agus creidiúnaithe trádála.

b Leachtacht, Ráta Úis agus Riosca Airgeadra Eachtraigh

Déantar riachtanais acmhainní ioncaim ghlana Fhoras na Gaeilge a mhaoiniú le hacmhainní a vótáiltear go bliantúil i dTithe an Oireachtais agus Tionól Thuaisceart Éireann agus, mar a chaiteachas caipitil. Níl sé, mar sin, neamhchosanta ar rioscaí leachtachta suntasacha.

Ní fhaigheann Foras na Gaeilge cistí ó fhoinsí trádála agus níl sé neamhchosanta mar sin ar ardú suntasach úis.

Níl neamhchosaint Fhoras na Gaeilge ar riosca airgeadra eachtraigh suntasach mar fhaigheann sé leibhéal chomhaontaithe mhaoinithe óna ranna urraíochta i steirling agus in euro. Déantar mórchuid na n-idirbheart in euro, agus faightear mórchuid an mhaoinithe in euro, mar sin tá Foras na Gaeilge neamhchosanta ar riosca airgeadra eachtraigh go pointe teoranta.

23. EACHTRAÍ TAR ÉIS AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Dé Céadaoin an 29 Márta 2017, thionscain an Ríocht Aontaithe Alt 50 agus rún acu an tAontas Eorpach a fhágáil. Tá an toradh le roinn urraíochta amháin a bheith san AE agus roinn urraíochta eile taobh amuigh den AE anaithnid agus ní féidir é a thomhas faoi láthair.

D'fhaomh an bord na ráitis airgeadais ar an 8 Nollaig 2017.

Appendix 2

ULSTER-SCOTS AGENCY

Accounts and notes to the accounts

FOR THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2016

Aguisín 2

GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE

Cuntais agus nótaí a ghabhann leis na cuntais

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

FOREWORD TO THE ACCOUNTS

Background Information

The Ulster-Scots Agency is part of the Language Body, which is a North/South implementation body sponsored by the Department for Communities (DfC) in Northern Ireland¹ and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG) in the Republic of Ireland². The Body was established on the 2nd of December 1999 under the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 and the British Irish Agreement Act 1999. The other part of the Language Body is Foras Na Gaeilge which has responsibility for the development of the Irish (Gaelic) Language. Each of these agencies has its own Board whose members together constitute the Board of the North South Language Body and each agency prepares financial statements. The functions of the Ulster-Scots Agency are the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

The financial arrangements applicable to the body are set out in Part 7 of Annex 2 to the Agreement³ establishing Implementation Bodies. The statement of accounts is to be in a form directed by DfC and DCHG, with the approval of the Finance Departments, as provided for in the body's Financial Memorandum, and the Annual Report and Accounts Guidance provided by the Department of Finance (DoF)⁴ and the Department of Public Expenditure and Reform (DPER).⁵

Business Review

A review of the Ulster-Scots Agency's activities is given within its Annual Report for the year ended 31 December 2016. The financial results of the Ulster-Scots Agency are set out in detail on page 10. The deficit for the period was STG (£114,203) (EURO: (€139,359)), (2015: STG £120,512 (EURO: €166,015)).

Fixed Assets

Details of the movement of fixed assets are set out in note 8 to the accounts. During the year the main expenditure on fixed assets was in relation to the implementation of some computer software and office equipment in the Agency's office, a van and a touchtable in the Visitor Centre.

Important Events Occurring After the Year End

There have been no significant events since the year-end which would affect these accounts.

Charitable Donations

The Ulster-Scots Agency made no charitable donations during the year ended 31 December 2016.

Research & Development

The Ulster-Scots Agency made no payments for research and development during the year ended 31 December 2016.

¹ Department for Communities (DfC) previously known as Department of Culture, Arts and Leisure (DCAL) effective 9 May 2016.

² Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG) previously known as Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs (DAHRRGA) effective 26 July 2017 and previously known as Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht (DAHG) effective 6 May 2016.

³ Agreement of 8th March 1999 between the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland and the Government of Ireland establishing Implementation Bodies.

⁴ Department of Finance (DoF) previously known as the Department of Finance and Personnel.

⁵ Department of Public Expenditure and Reform (DPER) previously known as the Department of Finance.

RÉAMHRÁ LEIS NA CUNTAIS

Faisnéis Chúlra

Is cuid den Fhoras Teanga í Gníomhaireacht na hUltaise, comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas atá faoi choimirce na Roinne Pobal (RP) i dTuaisceart Éireann¹ agus na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG) i bPoblacht na hÉireann². Cuireadh an Fhoras Teanga ar bun ar an 2 Nollaig 1999 faoin North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 agus faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999. Is é an chuid eile den Fhoras Teanga Foras na Gaeilge, a bhfuil an fhreagracht acu as Forbairt na Gaeilge. Tá bord ar leith ag an dá ghníomhaireacht seo arb ionann a mbaill le chéile agus bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas agus ullmhaíonn an dá ghníomhaireacht ráitis airgeadais. Is iad na feidhmeanna atá ag Gníomhaireacht na hUltaise ná eolas níos fearr faoin Ultais agus úsáid na hUltaise agus saincheisteanna cultúrtha Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Tá na socrúithe airgeadais atá infheidhme i leith an Fhorais Teanga leagtha amach i Mír 7 d'Iarscríbhinn 2 den Chaomhaontú³ lena mbunaítear comhlachtaí forfheidhmithe. Tá an ráiteas cuntais le bheith i bhfoirm atá treoraithe ag an RC agus an RCOG, le ceadú na Ranna Airgeadais, mar a fhoráiltear i Meamram Airgeadais an Fhorais Teanga, agus sa Treoir don Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Bhliantúla arna soláthar ag an Roinn Airgeadais (RA)⁴ agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).⁵

Forléargas ar Ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí Gníomhaireacht na hUltaise ina Tuarascáil Bhliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Tá torthaí airgeadais Gníomhaireacht na hUltaise leagtha amach go mionchruinn ar leathanach 10. Ba é easnamh na tréimhse stg: £138,835 (euro: €139,359), (2015: stg £120,512 (euro: €166,015)).

Sócmhainní Seasta

Tá mionsonraí faoi ghluaiseacht sócmhainní seasta leagtha amach i nóta 8 a ghabhann leis na cuntais. Le linn na bliana bhain an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta le soláthar trealaimh ríomhaireachta agus oifige in oifig na gníomhaireachta, veain agus tadhalltábla san ionad cuairteoirí.

Teagmhais thábhachtacha a tharla tar éis Dheireadh na Bliana

Níor tharla aon ní suntasach tar éis dheireadh na bliana a dhéanfadh difear do na cuntais seo.

Deonacháin Charthanúla

Ní dhearna Gníomhaireacht na hUltaise aon deonacháin charthanúlale linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016.

Taighde & Forbairt

Ní dhearna Gníomhaireacht na hUltaise íocaíochtaí le haghaidh taighde agus forbartha le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2016.

¹ An Roinn Pobal (RP), an Roinn Pobal, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) mar b'aithne air, éifeachtach ón 9 Bealtaine 2016.

² An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG), an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG) mar b'aithne air, éifeachtach ó 6 Bealtaine 2016.

³ An Comhaontú ar an 8 Márta 1999 idir Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann faoinar bunaíodh na comhlachtaí corfheidhmithe.

⁴ An Roinn Airgeadais (RA), an Roinn Aireagadais agus Pearsanra mar a b'aithne air.

⁵ An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), an Roinn Aireagadais mar b'aithne air.

Board Members

The functions of the Agency are exercised by the Board. The following served as Board members during 2016:-

Until 12 December 2016

Mr Tom Scott (Chairperson)
Mr Frederick Kettle
Ms Ida Fisher
Mr William Leathem
Ms Val O'Kelly
Ms Hilary Singleton
Mr Lee Reynolds
Mr Allen McAdam

From 13 December 2016

Mr Keith Gamble (Chairperson)
Mr Frederick Kettle
Ms Ida Fisher
Mr Iain Carlisle
Ms Val O'Kelly
Ms Julie Andrews
Mr Allen McAdam
Mr David McNarry

The Audit and Risk Committee comprised the following members during 2016:-

Mr Ray Dolan (Co-Opted Member from *Safefood*)
Ms Patricia McCaffrey (Co-Opted Member from Waterways Ireland)
Ms Val O'Kelly
Ms Hilary Singleton
Mr Allen McAdam

Disabled Employees

The Ulster-Scots Agency updated its Equality Scheme in 2013 and it includes provision for disabled employees.

Employee Involvement

Throughout the year employees were kept involved in the full workings and plans of the Agency through formal and informal meetings, courses and briefings. Staff were consulted at all times as new procedures and policies were developed and they had an opportunity to contribute or comment.

Payment to Suppliers

The Ulster-Scots Agency is committed to the prompt payment of bills for goods and services received in accordance with the UK Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act 1998, as amended and supplemented by the Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002, and the Irish Late Payments in Commercial Transactions Regulations 2002. Unless otherwise stated in the contract, payment is due within 30 days of the receipt of the goods or services, or presentation of a valid invoice or similar demand, whichever is later. Regular reviews were conducted to measure how promptly the Agency paid its bills and found that 99% of bills were paid within this standard. The Agency also paid 99% of payments for grant claims within 15 days.

The Agency recognizes the NI Executive's commitment to pay suppliers quickly (10 Day Prompt Payment Commitment) and has been applying this as much as possible since January 2014 in respect of supplier invoices. It was found that 91% of supplier payments are paid within this standard. The Agency also intends to work towards payment within 10 days for all grant claims following approval by the Grants Team, it was found that 99% of payments for grants claims were made within 10 working days.

Health and Safety Policy

The Ulster-Scots Agency has a Health and Safety policy.

The Ulster-Scots Agency prepared a circular to provide guidance for all staff in connection with the evacuation procedures and security arrangements for all premises occupied by the body. This information has been provided to each individual member of staff and instructions are posted in a prominent position in the building.

Comhaltaí Boird

An bord a chuireann feidhmeanna na gníomhaireachta i gcrích. D'fhóin na daoine seo a leanas mar chomhaltaí boird le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016:

Go dtí an 12 Nollaig 2016

An tUasal Tom Scott (Cathaoirleach)
An tUasal Frederick Kettyle
An tUasal Ida Fisher
An tUasal William Leathem
An tUasal Val O'Kelly
An tUasal Hilary Singleton
An tUasal Lee Reynolds
An tUasal Allen McAdam

Ón 13 Nollaig 2016

An tUasal Keith Gamble (Cathaoirleach)
An tUasal Frederick Kettyle
An tUasal Ida Fisher
An tUasal Iain Carlisle
An tUasal Val O'Kelly
An tUasal Julie Andrews
An tUasal Allen McAdam
An tUasal David McNarry

Bhí na comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca le linn 2016:

An tUasal Ray Dolan (comhalta comhthofa ó Safefood)
An tUasal Patricia McCaffrey (comhalta comhthofa ó Uiscebhealaí Éireann)
An tUasal Val O'Kelly
An tUasal Hilary Singleton
An tUasal Allen McAdam

Fostaithe faoi Mhíchumas

Nuashonraigh Gníomhaireacht na hUltaise a Scéim Comhionannais in 2013 agus áirítear inti foráil d'fhostaithe faoi mhíchumas.

Rannpháirtíocht Fostaithe

I rith na bliana coinníodh na fostaithe páirteach in oibriúcháin agus pleananna iomlána na gníomhaireachta trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla, cúrsaí agus cruinnithe faisnéise. Rinneadh comhairliúchán le baill foirne i gcónaí de réir mar a forbraíodh nósanna imeachta agus polasaithe agus bhí deis acu cur leo nó tráchtareacht a dhéanamh.

Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Gníomhaireacht na hUltaise tiomanta d'íoc pras billí le haghaidh earraí agus seirbhísí a fhaightear, de réir an *Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act 1998*, de chuid na Ríochta Aontaithe, mar atá leasaithe agus forlíonta ag *Late Payment of Commercial Debts Regulations 2002*, agus Rialacháin um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2002 de chuid na hÉireann. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ón am a bhfaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón am a gcuirtear sonrasc nó éileamh bailí den sórt céanna i láthair, cibé acu is déanaí. Rinneadh athbheithnithe rialta lena thomhas cé chomh pras a d'íoc an ghníomhaireacht a billí agus fuarthas amach go raibh 99% de bhillí íoctha laistigh den chaighdeán seo. D'íoc an ghníomhaireacht chomh maith 99% d'éilimh dheontais laistigh de 15 lá.

Aithníonn an ghníomhaireacht tiomantas Fheidhmeannas TÉ soláthraithe a íoc go pras (tiomantas i leith íocaíocht phras 10 lá) agus tá siad á chur seo i bhfeidhm an oiread agus is féidir ó Eanáir 2014 i leith maidir le sonraisc soláthraithe. Fuarthas amach gur íocadh 91% d'íocaíochtaí soláthraithe laistigh den chaighdeán seo. Tá sé ar intinn ag an nGníomhaireacht chomh maith oibriú i dtreo íocaíocht laistigh de 10 lá do gach éileamh ar dheontas tar éis a fhaofa ag an bhfoireann deontas. Fuarthas amach go ndearnadh 99% d'íocaíochtaí laistigh de 10 lá oibre.

Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag Gníomhaireacht na hUltaise.

D'ullmhaigh Gníomhaireacht na hUltaise ciorclán chun treoir a thabhairt don fhoireann go léir maidir le gnásanna aslonnaithe agus socruithe slándála le haghaidh gach áitribh ina bhfuil an comhlacht. Cuireadh an fhaisnéis seo ar fáil do gach ball foirne agus tá teoracha crochta in airde in áit fheiceálach san fhoirgneamh.

Equality Policy

The Ulster-Scots Agency prepared an Equality Policy in compliance with the requirements of Section 75 of the Northern Ireland Act 1998 which was approved by the North/South Ministerial Council in June 2002 and by the Equality Commission in November 2002. The Ulster-Scots Agency prepared an updated scheme for the Body in late 2012 and this was ratified by the Equality Commission Board on 13 December 2013. The scheme will be reviewed during 2017.

Details of company directorships/register of interests

A register of interests is held by the Agency and may be viewed by contacting the Ulster-Scots Agency's office. Contact details are available on the Agency's website.

Statement of Board Members responsibilities

The role of the Board is to provide leadership, vision, continuity of purpose and accountability to the public.

The Agency's board members are required to:

- Contribute to decision-making and to share responsibility for those decisions;
- Attend board meetings on a regular basis and to be well prepared by reading relevant papers in advance;
- Attend training events and keep up-to-date with subjects relevant to the work of the organisation;
- Contribute to the work of board committees;
- Act at all times with propriety, declaring any interests that may conflict with their responsibilities as a board member.

Ian Crozier
Chief Executive

08/12/2017
Date

Beartas Comhionannais

D'ullmhaigh an Gníomhaireacht scéim comhionannais de réir riachtanais Alt 75 den Northern Ireland Act 1998 a cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas i mí an Mheithimh 2002 agus a cheadaigh an Coimisiún Comhionannais i mí na Samhna 2002. D'ullmhaigh Gníomhaireacht na hUltaise scéim nuashonraithe don Fhoras Teanga i ndeireadh 2012 agus dhaingnigh Bord an Choimisiúin Comhionannais seo ar an 13 Nollaig 2013. Athbhreithneofar an scéim le linn 2017.

Sonraí stiúrthóireachtaí an chomhlachtaí/clár leasa

Tá clár leasa á choinneáil ag an ngníomhaireacht agus is féidir breathnú air ach teagmháil a dhéanamh le hoifig na Gníomhaireachta Ultaise. Tá sonraí teagmhála ar fáil ar shuíomh gréasáin na gníomhaireachta.

Ráiteas i leith freagrachtaí comhaltaí boird

Is é ról an bhoird ceannasaíocht, fis agus leanúnachas cuspóra agus freagracht don phobal a chur ar fáil.

Ceanglaítear ar na comhaltaí boird:

- Páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht agus an fhreagracht a roinnt as na cinntí sin;
- Freastal ar chruinnithe boird ar bhonn rialta agus a bheith ullmhaithe go maith trí pháipéir ábhartha a léamh roimh ré;
- Freastal ar ócáidí oiliúna agus coinneáil suas chun dáta mar gheall ar ábhair a bhaineann le hobair na heagraíochta;
- Cur le hobair na gcoistí boird;
- Feidhmiú i gcónaí mar is cóir, agus aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh teacht salach ar a bhfreagrachtaí mar bhaill boird a nochtadh.

Ian Crozier
Príomhfheidhmeannach

08/12/2017
Dáta

STATEMENT OF RESPONSIBILITIES

Ulster-Scots Agency Responsibilities

The Department for Communities (DfC) and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht (DCHG) have directed the Language Body to prepare a statement of accounts for each year ended 31 December in the form and on the basis set out in the accounts direction at the appendix to these financial statements. The accounts are prepared on an accruals basis and must give a true and fair view of the Ulster-Scots Agency's state of affairs at the year end and of its income and expenditure, total recognised gains and losses, and cash flows for the calendar year.

In preparing the accounts the Body is required to:

- Observe the accounts direction issued by Department for Communities and the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, including the relevant accounting and disclosure requirements, and apply suitable accounting policies on a consistent basis;
- Make judgements and estimates on a reasonable basis;
- State whether applicable accounting standards have been followed and disclose and explain any material departures in the financial statements;
- Prepare the financial statements on the going concern basis, unless it is inappropriate to presume that the Agency will continue in operation.

The Language Body requires the Ulster-Scots Agency to keep proper accounts and financial records and to prepare a statement of accounts in respect of each year.

Accountable Person's Responsibilities

The Chief Executive's responsibilities as the Accountable Person for the Ulster-Scots Agency, including responsibility for the propriety and regularity of the public finances and for the keeping of proper records, are set out in the Financial Memorandum of the Ulster-Scots Agency.

Ian Crozier
Chief Executive

08/12/2017
Date

RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ

Freagrachtaí Ghníomhaireacht na hUltaise

Tá an Roinn Pobal (RP) agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) tar éis treoir a thabhairt don Foras Teanga ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliain dar críoch an 31 Nollaig san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach san iarscríbhinn leis na ráitis airgeadais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhrúithe agus caithfidh siad léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí Ghníomhaireacht na hUltaise ag deireadh na bliana agus ar a hioncam agus a caiteachas, a gnóthachain agus a cailleanais aitheanta, agus sreabhadh airgid don bhliain féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an bhForas Teanga:

- An treoir do na cuntais arna heisiúint ag an Roinn Pobal (RP) agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG), lena n-áirítear na ceanglais ábhartha maidir le cuntasáiocht agus nochtadh agus beartais chuntasaíochta iomchuí ar bhonn comhsheasmhach a leanúint;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- A dhearbhu cé acu comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme agus aon difríocht ábhartha sna cuntais a nochtadh agus a mhíniú;
- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh an ghníomhaireacht de bheith ag feidhmiú.

Ceanglaíonn an Foras Teanga ar Ghníomhaireacht na hUltaise leabhair chuntais agus taifid airgeadais chearta a choinneáil agus ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana.

Freagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Dhuine Cuntasach do Ghníomhaireacht na hUltaise, lena n-áirítear freagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid chearta a choimeád, tá siad leagtha amach i Meamram Airgeadais Ghníomhaireacht na hUltaise.

Ian Crozier
Príomhfheidhmeannach

08/12/2017
Dáta

STATEMENT ON INTERNAL CONTROL

1 Scope of Responsibility

As Accountable Person, I have responsibility for maintaining a sound system of internal control that supports the achievement of the Ulster-Scots Agency's policies, aims and objectives, whilst safeguarding the public funds and assets for which I am personally responsible, in accordance with the responsibilities assigned to me in Managing Public Money Northern Ireland and Public Financial Procedures.

As the Ulster-Scots Agency's Chief Executive I am directly responsible to the respective Ministers North and South and their Departments, for the Agency's performance and operations. The Ministers determine the policy framework under which the Ulster-Scots Agency operates and the scope of its activities. The Ministers also determine the resources to be made available to the Agency and approve the Corporate and Business Plans.

Through Working Group meetings, I consult with Departments on the handling of operational matters that could give rise to significant public or parliamentary concern, including the nature, scale and likelihood of risks.

The Accounting Officer of DfC has designated me by letter, in a form approved by the Department of Finance (DoF) and the Department of Public Expenditure and Reform (DPER), as the Accounting Officer for the Agency. This letter and the North/South Language Body Financial Memorandum define my role and responsibilities and our relationship.

2 The Purpose of the System of Internal Control

The system of internal control is designed to manage risk to a reasonable level rather than to eliminate all risk of failure to achieve policies, aims and objectives. It can, therefore, only provide reasonable assurance and not absolute assurance of effectiveness.

The system of internal control is based on an ongoing process designed to identify and prioritise the risks to the achievement of the Agency's policies, aims and objectives; to evaluate the likelihood of those risks being realised and the impact should they be realised; and to manage them efficiently, effectively and economically. The system of internal control has been further developed in the Agency for the year ended 31 December 2016 and up to the date of approval of the annual report and accounts, and accords with the Finance Departments' guidance.

3 Capacity to Handle Risk

The Agency Board provides strategic direction and leadership to the organisation within the parameters of policy set by, and in consultation with, the North South Ministerial Council. The Executive Team has responsibility for the day to day management of operations, staff and budgets to ensure that the business targets set by the Board are progressed on a timely basis. The Board's primary function is, therefore, to set the corporate business agenda and ensure that the organisation delivers in terms of its strategic goals. The Board reviews performance against targets including any consequent corrective actions, risk implications and contingency measures.

The identification and impact of risk is incorporated into the corporate planning and decision making processes of the Agency. Consequently the Agency ensures that there are procedures in place for verifying that internal control and aspects of risk management are regularly reviewed and reported on and are supplemented by detailed best practice guidelines on whistle-blowing and fraud management policies among others.

The Agency's Audit and Risk Committee receives regular reports concerning internal control and steps are taken to manage risks in significant areas of business and to monitor progress on key projects and targets. The Committee is authorised by the Board to instruct any necessary parties to investigate any activity within the scope of its terms of reference. The main objective is to contribute independently to the Board's overall process for ensuring that an effective internal control system is maintained.

The Audit and Risk Committee has lead responsibility for the periodic review of the risk framework and other records of risk. Management of risk categories has been allocated appropriately within the organisation. Any revision to the framework is discussed within the Audit and Risk Committee and recommended to the Board.

The Audit and Risk Committee also agrees the internal audit work schedule and all internal audit reports are reviewed by the Committee. Finally, the Audit and Risk Committee reviews the final reports and accounts and the ensuing report to those charged with governance. The Audit and Risk Committee met on 4 occasions in 2016.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

1 Cuimsiú Freagrachta

Mar Dhuine Cuntasach, tá freagracht orm córas rialaithe inmheánaigh fóna a choimeád, a thacaíonn le cur i bhfeidhm pholasaithe, aidhmeanna agus spriocanna Gníomhaireacht na hUltaise, agus san am chéanna cumhdach a dhéanamh ar na cistí agus na sócmhainní poiblí atá faoi mo chúram go pearsanta de réir na bhfreagrachtaí atá leagtha orm in Managing Public Money Northern Ireland agus in Public Financial Procedures.

Mar Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireacht na hUltaise táim freagrach go díreach do na hairí sa Tuaisceart agus sa Deisceart faoi seach agus dá ranna, i gcomhair fheidhmíocht agus oibriúchán na gníomhaireachta. Socraíonn na hairí an creat polasaí faoina n-oibríonn Gníomhaireacht na hUltaise agus socraíonn siad cuimsiú a cuid gníomhaíochtaí. Socraíonn na hairí chomh maith an acmhainn a bheidh ar fáil don ghníomhaireacht agus údaraíonn siad na pleananna corparáideacha agus gnó.

Trí chruinnithe grúpa oibre téim i gcomhairle leis na ranna maidir le láimhseáil ábhair fheidhmiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le buaireamh suntasach poiblí nó parlaiminte, ar a n-áirítear cineál, scála agus dóchúlacht rioscaí.

D'ainmnigh Oifigeach Cuntasach RC mé i litir, i bhfoirm a d'údaraigh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar Oifigeach Cuntasach don ghníomhaireacht. Tá mo ról agus mo fhreagracht agus ár gcuidreamh sainmhínithe sa litir seo agus i Meamram Airgeadais an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas.

2 Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas chun gach riosca teipe ar bheartais, aidhmeanna agus cuspóirí a chur ar ceal. Dá bhrí sin, ní féidir leis ach urrús réasúnta seachas urrús absalóideach éifeachtachta a chur ar fáil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá ceaptha leis na rioscaí maidir le cur i bhfeidhm bheartais, aidhmeanna agus chuspóirí na gníomhaireachta a aithint agus a chur in ord tosaíochta, chun an dóchúlacht go réadóidh na rioscaí sin agus an tionchar a bheadh ann dá réadófaí iad a mheasúnú, agus chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go barainneach. Tá tuilleadh forbartha déanta ar an chóras rialaithe inmheánaigh sa ghníomhaireacht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 agus a fhad le dáta faofa na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, agus tá sin de réir threoir na Rann Airgeadais.

3 An Cumas Riosca a Bhainistiú

Cuireann bord na gníomhaireachta treoir straitéiseach agus ceannasaíocht ar fáil don eagraíocht laistigh de na teorainneacha polasaí atá leagtha síos ag, agus i gcomhairle leis, an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas. Tá an fhreagracht ar an bhfoireann feidhmiúcháin maidir le bainistiú laethúil ar chúrsaí oibriúcháin, foirne agus buiséid chun a chinntiú go bhfuil spriocanna gnó atá leagtha síos ag an mbord curtha chun cinn go tráthúil. Is é príomhfheidhm an bhoird, dá bhrí sin, an clár gnó corparáideach a shocrú agus a chinntiú go n-éiríonn leis an eagraíocht maidir lena spriocanna straitéiseacha. Déanann an bord athbhreithniú ar fheidhmíocht de réir spriocanna, ag áireamh aon bheart ceartaitheach dá dhroim sin, impleachtaí riosca agus bearta teagmhasachta.

Tá aithint agus tionchar riosca comhtháite i bpróisis phleanála agus chinnteoireachta corparáideacha na gníomhaireachta. Dá thoradh sin cinntíonn an ghníomhaireacht go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a dheimhniú go ndéantar athbhreithniú agus tuairisciú rialta ar rialú inmheánach agus ar ghnéithe den bhainistíocht riosca agus go bhforlíontar iad le treoirlínte mionsonraithe dea-chleachtais faoi pholasaithe sceithireachta agus bainistíochta calaoise, idir eile.

Faigheann Coiste Iniúchta agus Riosca na gníomhaireachta tuarascálacha rialta maidir le rialú inmheánach agus cuirtear gníomhartha i bhfeidhm le rioscaí a bhainistiú i réimsí suntasacha gnó agus le monatóireacht dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le príomhthionscadail agus spriocanna. Tá an coiste údaraithe ag an mbord aon pháirtithe riachtanacha a threorú le haon gníomhaíocht laistigh de raon a théarmaí tagartha a imscrúdú. Is é an príomhchuspóir ná cur go neamhspleách le próiseas foriomlán an bhoird maidir le cinntiú go gcoimeádtar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

Ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca atá an phríomhfhreagracht athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcreat riosca agus ar thaifid eile riosca. Tá bainistíocht ar chatagóirí riosca leithroinnte go cuí laistigh den eagraíocht. Pléitear aon leasú ar an gcreat laistigh den Choiste Iniúchta agus Riosca agus moltar é don bhord.

Comhaontaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca an sceideal oibre iniúchta inmheánaigh chomh maith agus déanann an coiste gach tuarascáil iniúchta inmheánach a athbhreithniú. Mar chríoch, déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na tuarascálacha agus na cuntais deiridh agus ar an tuairisc ina dhiaidh sin dóibh siúd atá freagrach as rialachas. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ar 4 ócáid in 2016.

4 The Risk and Control Framework

The Agency operates risk management as a live process and there is continuing action to improve controls and reduce residual risks. Risk is reviewed when circumstances change, or when new risks are identified, such as when planning the implementation of a new process.

A new Internal Audit service was engaged in December 2013 and is provided by an external company, which operates to Public Sector Internal Audit Standards. An option to extend their contract for a further year was taken up during 2016.

A follow-up report on 2015 Audit recommendations was carried out and Internal Audit confirmed that:

- 34 recommendations had been implemented in full;
- 5 recommendations were partially implemented; and
- 1 recommendation where the risk was accepted for follow up by the Department for the Communities in relation to a database it holds and administrates; and
- 6 recommendations are no longer applicable.

The 2016 Overall Internal Audit Assurance Rating was Satisfactory. Details of the individual audit areas reviewed are highlighted below.

Area Audited 2016	Internal Audit Assurance Rating	Key Recommendations made
Management of Grant Funding	Satisfactory	<ul style="list-style-type: none"> • All checks and controls should be in place to help management ensure that there is full compliance with the requirements as set out in the Grants Manual such as ensuring receipts are issued within the stated timelines and all relevant signatures are obtained.
Payroll and Pensions	Satisfactory	<ul style="list-style-type: none"> • Data Protection training and periodic update training should be provided to all staff with access to sensitive information such as payroll data.
Complaints	Satisfactory	<ul style="list-style-type: none"> • Establish a ‘Complaints Procedure’ to be followed by staff on receipt of a complaint. Once established, a briefing / training session should be held to roll out the procedure to Agency staff. • Consider including an additional stage in the escalation process whereby complaints are reviewed by a Board member in advance of being escalated to the Ombudsman.
Safeguarding	Substantial	<ul style="list-style-type: none"> • A training session should be held for all Agency staff in 2016 to ensure everyone is aware of the safeguarding policy and procedure to follow. The Agency should ensure that safeguarding training is held on an annual basis at a minimum.
Human Resources	Satisfactory	<ul style="list-style-type: none"> • To ensure that staff with responsibility for conducting return to work interviews are able to appropriately manage all possible situations, appropriate training in relation to performing these duties should be undertaken. This training should be periodically updated to ensure its ongoing relevance. • Management should ensure that the staff absence figures for each month are reviewed on a monthly basis by the Director of Corporate Services. Once reviewed, the Director of

4 An Creat Riosca agus Rialaithe

Cuireann an ghníomhaireacht bainistíocht riosca i bhfeidhm mar phróiseas beo agus tá gníomhú leanúnach ar siúl aici chun rialú a fheabhsú agus riosca iarmharach a laghdú. Déantar athbhreithniú ar riosca nuair a athraíonn dálaí, nó nuair a shainaithnítear rioscaí nua, mar shampla nuair atáthar ag pleanáil cur i bhfeidhm próiseas nua.

Cheap an ghníomhaireacht seirbhís iniúchta inmheánaigh i mí na Nollag 2013 agus tá sí á cur ar fáil ag comhlacht seachtrach, a fheidhmíonn de réir chaighdeáin iniúchta inmheánaigh na hearnála poiblí. Glacadh le rogha a gconradh a shíneadh go ceann bliain eile le linn 2016.

Rinneadh tuairisc leantach ar mholtaí Iniúchadh 2015 agus dhearbhaigh Iniúchadh Inmheánach:

- 34 mholadh a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán;
- 5 mholadh ar cuireadh cuid díobh i bhfeidhm; agus
- 1 mholadh inar glacadh leis an riosca le leanúint ag an Roinn Pobal maidir le bunachar sonraí atá aige agus a ndéanann siad riarachán air; agus
- Tá 6 mholadh ann nach bhfuil inghlactha a thuilleadh.

Ba é mór-rátaíl 2016 ar ráthaíocht an iniúchta inmheánaigh ná sásúil. Athbhreithnítear agus aibhsítear sonraí na réimse iniúchta ar leith thíos anseo.

Réimse a Iniúchadh in 2016	Grád Ráthaíochta Iniúchta Inmheánaigh:	Príomhmholtaí a rinneadh
